


COMHAIRLE CATHRACH
BHAILE ÁTHA CLIATH
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
AGUS CUNTAIS BHLIANTÚLA
2023



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Clár Ábhar

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	4
Fáilte an Ardmhéara	5
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	7
Dul chun cinn i dtreo Spriocanna Corparáideacha	11
Comhaltaí agus Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Beartais Chorporáidigh, na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus an Chomhchoiste Póilíneachta	58
Grúpa Beartais Chorporáidigh	58
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Thithíocht	60
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Thrácht & Iompar	63
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Ghníomhú ar son na hAeráide,	
An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Phleanáil agus Foirm Uirbeach	65
An Coiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíoch & Fiontair	66
An Coiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Áineasa	67
An Coiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais	69
Comhchoiste Póilíneachta Chathair Bhaile Átha Cliath	71
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath	73
Dublin City Local Community Development Committee (LCDC)	76
Tuarascáil ar Phríomhsheirbhísí	77
Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh	77
An Rannóg Tithíochta agus Pobail	79
Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	89
An Roinn Comhshaoil agus Iompair	92
Seirbhísí Uisce	95
Seirbhísí Comhshaoil	98
An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine	105
An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	118
An Roinn um Chórais Faisnéise agus Airgeadais	129
An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna	130
Tuairisc ar chomórtais earcaíochta	140
An Roinn Díl	145
Ráitis Airgeadais Bhliantúla	146
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	155
Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023	160
Aguisín 1: Comhaltaí Tofa 2023	170
Aguisín 2: Foireann Ardbhainistíochta	172
Tuarascáil ar Tháscaire Feidhmíochta an 01 Eanáir 2022	
- an 31 Nollaig 2022	173
Maoiniú Deontais 2023	174
Caiteachas ar shiamsaíocht / costais ghaolmhara 2023	176

Dréacht-Thuarascáil Bhliantúil agus Dréacht-Chuntais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2023

Cuireadh Dréacht-Thuarascáil Bhliantúil agus Dréacht-Chuntais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2023, i dtoll a chéile i gcomhréir le hAlt 221 (1)(b) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Is feidhm fhorchoimeádta de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é glacadh na tuarascála, ina leagtar amach comhlíonadh fheidhmeanna na Comhairle Cathrach i rith 2023.

Comhairle Cathrach

Bhaile Átha Cliath Ár Misean

Forbairt inbhuanaithe na Cathrach a chur chun cinn trí cheannaireacht shibhialta láidir agus trí sheirbhísí éifeachtacha a chur ar fáil a chuireann folláine agus cáilíocht saoil na saoránach agus na bpobal chun cinn.

Tá Baile Átha Cliath ar cheann de phríomhchathracha an Aontais Eorpaigh, agus cultúr bríomhar agus geilleagar nuálach aige. Feidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i limistéar 115 ciliméadar cearnach agus tá daonra 592,713 duine ann (Daonáireamh 2022). Tá 63 Comhalta Tofa ar an gComhairle, comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar 11 Toghlímistéar Áitiúla, chomh maith leis an Ardmhéara, a thoghann na Comhaltaí gach bliain. Cuireann an Grúpa Beartais Chorporáidigh fóram ar fáil do shaincheistanna beartais agus tá ról comhordúcháin aige do shé Choiste um Beartais Straitéiseacha chun cabhrú leis an údarás áitiúil beartais a mhúnlú, a fhorbairt agus a athbhreithniú.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag freastal ar an bpobal le fada an lá, agus stiúránn sí treo, fás agus forbairt na Cathrach, cúraimí a bhfuil sí bródúil astu. Tá fíis uailmhianach ag an gComhairle Cathrach do Chathair Bhaile Átha Cliath, is é sin cathair spleodrach inbhuanaithe atá réidh don todhchaí, a tógadh ar phobail ionchuimsitheacha a bhfuil ag éirí go geal leo, geilleagar láidir, saol cultúrtha bríomhar, agus fás dlúth, nasctha. Maidir lenár gcroíphrionsabail, Tiomantas do shársheirbhís don phobal; Inbhuanaitheacht; Ceannaireacht; Uailmhian; Cothroime agus Cuntasacht, treoraíonn siad gach cuid den obair a dhéanaimid, an chaoi a bhfreastalaímid ar na pobail seo againne agus an tionchar a bhíonn againn ar an gcomhshaol. Tá tionchar ag treochtaí agus saincheistanna domhanda agus náisiúnta ar an gCathair níos mó ná riamh agus bíonn timpeallacht oibriúcháin inmheánach na Comhairle ag síorathrú chun dul i ngleic leis na dúshláin sin agus freastal ar an gCathair.

I gcomhar leis na Comhaltaí Tofa, agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí comhpháirteacha ar fud na Cathrach, cuireann foireann na Cathrach, ar a bhfuil breis agus 6,000 ball foirne, breis agus 800 seirbhís scoite ar fáil do shaoránaigh, gnólachtaí agus cuairteoirí. Gníomhaíochtaí a dhéantar i réimse na hoibre fisiciúla amhail soláthar agus cothabháil tithíochta agus bóithre, agus i réimse an ghníomhaithe ar son na haeraíde, an chomhshaoil, na bithéagsúlachta, na n-ealaíon, an spóirt, an áineasa, na leabharlann, na bpáirceanna agus na forbartha pobail lena ngabhann acmhainn agus tábhacht i ndáil le baint amach spriocanna SFI faoi 2030.

Fáilte an **Ardmhéara**



I mo cháil mar an 355ú hArdmhéara ar Bhaile Átha Cliath, is mór an onóir dom an tuarascáil bhliantúil seo a chur in bhur láthair, tuarascáil ina ndéantar machnamh ar an dul chun cinn agus ar na héachtaí a baineadh amach le bliain anuas. Le linn mo thréimhse san oifig, bhí dhá théama i gcoirlár na físe atá agam do Bhaile Átha Cliath: ionchuimsiú agus cineáltas. Ní hamháin gur múnlaíodh ár gcuid beartas agus tionscnamh leis na treoirthionsabail

sin, ach bhí siad ina dtuar dóchais agus inspioráide do go leor de mhuintir na cathrach.

Cathair ionchuimsitheachta croíúlachta a bhí i mBaile Átha Cliath riamh, lena stair shaibhir agus daonra éagsúil. Ach aithníonn muid go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh i ndáil leis an bhfíorthaithí a fhaigheann daoine ar an gCéad Míle Fáilte. Tá tábhacht an ionchuimsithe níos práinní ná riamh i saol an lae inniu atá ag athrú go tapa. Ní leor béalghrá a thabhairt don éagsúlacht; ní mór dúinn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair chun deireadh a chur le bacainní, dul i ngleic le claonadh agus deiseanna a chruthú do chách.

Tuigeann muid cumhacht na haontachta, neart na comhbhá, agus cumas gan teorainn gach duine dár gcónaitheoirí i mBaile Átha Cliath. Tá clú ar an gcathair seo againne mar gheall ar ár gcroíúlacht agus an fháilte a chuireann muid roimh dhaoine, agus tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh muid an fháilte sin roimh gach duine sa phobal, gan aon eisceacht.

Ar cheann de na buaicphointí le bliain anuas bhí seoladh plean cheannródaíoch, arb é is aidhm dó cathair oiriúnach don uathachas a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath i gcomhar le AsIAM – Carthanacht Uathachais na hÉireann. Bheadh Baile Átha Cliath ar an gcéad phríomhchathair dá leithéid ar domhan. Tá obair gan stad déanta againn chun cathair a chruthú

ina mothaíonn gach duine go bhfuil meas orthu, go dtacaítear leo agus go bhfuil siad ionchuimsithe toisc go n aithníonn muid riachtanais uathúla daoine uathacha agus na dúshláin a bhíonn rompu. Is céim shuntasach chun tosaigh é an tionscnamh sin agus muid ag déanamh iarrachtaí pobal níos ionchuimsithe agus níos comhbháiche do chách a chothú agus beidh trí bliana ag teastáil chun é sin a bhaint amach.

Tá cláir chumarsáide curtha againn i ngach ceann den 72 páirc agus áit súgartha atá againn, i gcomhpháirt le Finding Charlie's Voice. Tugann na cláir sin tacaíocht bhunriachtanach dóibh siúd a dhéanann cumarsáid ar bhealaí gan urlabhra, rud lena gcinntítear gur féidir le gach duine sult iomlán a bhaint as na deiseanna áineasa atá sa chathair, agus a bheith rannpháirteach iontu.

Ní riachtanas morálta amháin é an gníomhú in aghaidh an athraithe aeráide; is bunriachtanas eiseach é freisin do shláinte agus folláine ár ndomhain agus na nglúnta atá romhainn. Tá iarmhairtí an athraithe aeráide forleathan agus tromchúiseach. Bíonn tionchar acu ar éiceachórais, geilleagair agus pobail ar fud an domhain. Idir teochtaí domhanda atá ag dul in airde agus cásanna adhaimsire, acmhainní nádúrtha atá ag dul i laghad agus cailleadh na bithéagsúlachta, tá iarmhairtí an athraithe aeráide le brath ar fud an domhain cheana féin. Tá gá le gníomh práinneach comhbheartaithe ar gach leibhéal den tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo; idir athruithe ar stíl mhaireachtála daoine aonair agus comhar idirnáisiúnta agus forfheidhmiú beartais. Léiríodh le bliain anuas nach imeachtaí tobanna amháin atá san athrú aeráide, ach imeachtaí a thosaíonn go mall, a dtiteann an tionchar a ghabhann leo amach de réir a chéile agus a théann in olcas. Anseo i mBaile Átha Cliath agus in Éirinn, thóg sé tamall ar uirlisí an rialtais, i dtroid seo ár nglúine agus na chéad ghlúine eile, breith suas leis an ngá atá ann le dul in oiriúint don athrú aeráide, agus tá siad mall fós. Tá dlíthe agus gníomhartha a chosnaíonn an dúlra, an aeráid agus an bhitheagsúlacht riachtanach.

Ina theannta sin, is é an dúshlán fadtéarmach a chinntiú go bhfuil na gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe a chuirimid i bhfeidhm cóir. Tá cur i bhfeidhm pleananna maidir le gníomhú ar son na haeráide, chomh maith lenár bpleananna forbartha agus pleananna áitiúla

eacnamaíochta agus pobail, ríthábhachtach chun teacht aniar i gcoinne an athraithe aeráide a bheith inár gcathair agus inár gcónaitheoirí. Cinnfidh na cinntí a dhéanaimid faoi úsáid talún agus athrú ar úsáid talún ár n-acmhainn oiriúnaitheach. Cinneann suíomh tithe, agus na fostaíochta ár leochaileacht agus ár nochtadh do riosca aeráide.

Ba mhór an onóir agus pléisiúr dom aitheasc a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac mar chuid de sheachtain Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe sular óstáil Baile Átha Cliath Cruinniú Mullaigh Cultúir UCLG. Tá sé d'acmhainn ag an gcultúr bearnaí a sháru, tuiscint a chothú agus domhan níos cairdiúla a chruthú. In 2022, fuair Baile Átha Cliath an Gradam Idirnáisiúnta ag UCLG – Cathair Mheicsiceo – Culture 21, an cúigiú gradam dá leithéid, mar gheall ar a chuid oibre i réimse na gceart cultúir agus na hinrochtaineachta, na folláine agus na fianaise.

Tá níos mó i gceist le Baile Átha Cliath ná áit; is é ár mbaile é agus d'éiligh muid go gcuirfí Sprioc Cultúir ar Chlár Oibre 2030 (mar an 18ú SFI), chun tuiscint iomlán a thabhairt ar thábhacht an chultúir i gcúrsaí inbhuanaitheachta, chomh maith leis na haistrithe éiceolaíochta agus sóisialta a theastaíonn uainn. Le gníomhaíochtaí an lae inniu, i ndáil le cothú agus cur chun cinn ár gcultúir, cinnfear Baile Átha Cliath na todhchaí, agus tá freagracht ar gach duine againn ár bhfís a fhíorú.

Thairis sin, is údar bróid dom a fhógairt gur reáchtáladh cruinniú den chomhairle trí mheán na Gaeilge, den chéad uair riamh, mar chuid de Sheachtain na Gaeilge. Ní hamháin go ndearnadh ceiliúradh ar ár n-oidhreacht shaibhir teanga leis an imeacht stairiúil sin ach athdhearbháíodh an tiomantas atá againn do chur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge mar dhlúthchuid d'fhéiniúlacht chultúrtha Bhaile Átha Cliath.

Seachtain stairiúil don Ghaeilge san Ardchathair. Mar a luaigh mé, i mí Márta, reáchtáil muid cruinniú den Chomhairle trí Ghaeilge den chéad uair. D'éirigh go hiontach leis agus tá súil agam gur múnla é seo a leanfaidh Comhairlí fud fad na tíre. Tá súil agam freisin go leanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an gcur chuige seo ar bhonn bliantúil. Creidim go bhfuil muid ag tús ré nua don Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus feictear dom ar fud na cathrach go bhfuil glúin nua

de chainteoirí Gaeilge ag teacht chun cinn. Is daoine iad a fhágann an córas oideachais le Gaeilge mhaith, paisean ina leith agus fonn í a úsáid. Agus insíonn na figiúirí an scéal céanna dúinn, ag breathnú ar na figiúirí daonáirimh le linn mo shaoil, tá ardú 41% tagtha ar líon na ndaoine sa chathair ar féidir leo Gaeilge a labhairt. Is mór an pléisiúr dom mar Ardmhéara suí sna cruinnithe, ina bpléitear rudaí amhail scéimeanna maidir le cíos inacmhainne, ina gcuirtear cainteoirí Gaeilge le chéile mar ghrúpa. Scéimeanna turasóireachta arb é is aidhm dóibh leas a bhaint as an spéis atá ag breis agus cúig mhilliún daoine lasmuigh d'Éirinn sa teanga, daoine a thosaigh ag foghlaim na Gaeilge ar Duolingo. Cláir inár leabharlanna don lucht cúraim agus daltaí réamhscoile ar mian leo an Ghaeilge a foghlaim le chéile trí mheán an tsúgartha. Is tionscadail Ghaeilge nuálacha iad sin, ach tá níos mó i gceist leo freisin. Is tionscadail tithíochta nuálacha, tionscadail forbartha geilleagair nuálacha agus tionscadail luathbhlianta nuálacha iad freisin. Tuigeann níos mó daoine anois gur sársheirbhísí poiblí iad sársheirbhísí poiblí i nGaeilge.

D'fhág muid slán anuraidh le Owen Keegan a chuaigh ar scor, tar éis dó a bheith ina Bhainisteoir Cathrach ar feadh deich mbliana. Ceapadh Richard Shakespeare mar Phríomhfheidhmeannach eatramhach agus, tar éis próiseas earcaíochta leathan, tugadh an post buan dó i mí na Nollag ar chonradh seacht mbliana.

Mar a smaoiníonn muid siar ar an mbliain a chuaigh thart, seasaimis go daingean lenár dtiomantas cathair a fhorbairt ina ndéantar ceiliúradh ar an éagsúlacht, inarb é an t ionchuimsiú an gnáthrud, agus ina mbíonn forlámhas ag an gcineáltas. Leanaimis orainn le chéile chun todhchaí níos fearr a chruthú do gach cónaitheoir i mBaile Átha Cliath, agus comhbhá, ionbhá agus dlúthpháirtíocht mar threoirluachanna againn.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine



Daithí de Róiste
Ardmhéara Bhaile Átha Cliath

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



Tar éis an suaitheadh a bhain de gheilleagar Bhaile Átha Cliath tar éis Covid-19 agus chogadh na hÚcráine, bhí an geilleagar sách cobhsaí in 2023. Cé gur mhoilligh an fás eacnamaíoch iomlán de réir mar a tháinig deireadh le borradh Covid-19 faoi na heaspórtálacha ó na hearnálacha cógaisíochta agus TFC, choinnigh an geilleagar baile air ag fás. Ba é an tomhaltóir a spreag sin agus a mhéadaigh an

caiteachas faoi 3.4% sa bhliain sin (MasterCard), in ainneoin boilsciú ardaithe agus rátaí úis níos airde. Thacaigh feidhmiúlacht láidir ón margadh saothair leis an táirgeacht sin. Tháinig méadú 3% ar an bhfostaíocht san ardchathair, bliain i ndiaidh bliana, go dtí an leibhéal is airde dá raibh ann riamh, is é sin 800K, agus d'fhan an ráta dífhostaíochta cobhsaí ar chéatadán a bhí díreach faoi bhun 5%. Mar sin féin, tá roinnt comharthaí sna PMIanna is déanaí ó Bhaile Átha Cliath, lena rianaítear gníomhaíocht ghnó, a thugann le fios go ndeachaigh an móiminteam sa phríomhchathair i léig sa ráithe dheireanach den bhliain. Cé go raibh an léamh foriomlán sa mhód fáis go fóill, bhí sé ar an leibhéal ab ísle don bhliain. Thairis sin, fad a bhí Seirbhísí agus Monaraíocht dearfach, tharla crapadh i dtionscal na tógála. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina fheidhm de mhargadh oifige Bhaile Átha Cliath, a bhfuil dúshlán roimhe. Thuairiscigh CBRE go raibh rátaí folúntas ardaithe go dtí 16.7% faoi dheireadh 2023, an leibhéal ab airde ó bhí 2012 ann. Ó thaobh cúrsaí cónaithe de, cuireadh breis agus 12k áit chónaithe i gcrích i mBaile Átha Cliath in 2023, an leibhéal ab airde ón tréimhse roimh an ngéarchéim airgeadais. Tá an phíblíne tosaithe fós láidir, rud atá dearfach, ach fágfar go bhfuil géarchéim fós ann de thoradh na mblianta a raibh tearcsholáthar ainsealach tithíochta ann. Tá infheistíocht isteach fós á déanamh, rud atá dearfach do thionscal na tógála.

Bhí bliain ghnóthach ag an Rannóg Pleanála agus í ag cur an Plean Forbartha Cathrach nua i bhfeidhm; rinneadh measúnú ar 3,200 iarratas ar phleanáil agus próiseáladh iad. In 2023, cuireadh iarratais chónaithe

mórscála faoi bhráid na nÚdarás Áitiúil arís, mar a tháinig deireadh le próiseas Forbartha Tithíochta Straitéisí an Bhoird Pleanála. Cuireadh breis agus 20 iarratas ar phleanáil d'fhorbairtí mórscála cónaithe tríd an bpróiseas tuairisciúcháin dhá chéim sin, agus ina theannta sin, rinneadh measúnú ar 21 iarratas údarais áitiúil agus tuairiscíodh orthu. Ba phríomhghnóthachtáil é bunú agus soláthar an phróisis nua "Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe", próiseas lena gcuirfí borradh úr faoi ghníomhachtú talún tithíochta ar fud na cathrach. Cuireadh an máistirphlean do thailte tionsclaíocha Bhaile Shéamais i bhFionnghlas i gcrích in 2023, plean atá curtha san áireamh sa Plean Forbartha Cathrach anois agus lena soláthrófar, sna blianta amach romhainn, tithíocht nua, páirceanna agus spásanna pobail, óna mbeifí in ann siúl chuig líne shínte Luas chuig Fionnghlas. Cuireadh tús le tionscnaimh nua pleanála áitiúla do Bhaile an Bhogáin i nGlas Naíon agus Inse Chór (City Edge), ar láithreán athfhorbraíochta iad lena ngabhann príomhthosaíocht sa Plean Forbartha Cathrach, agus rachfar chun cinn leo le linn 2024.

Ath-implonnaíodh neart baill foirne oibríocháin sa Rannóg Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola in 2023. Bhog an tseirbhís 180 ball foirne agus 90 feithicil chuig losta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach i mBaile Munna, atá nua, fad a choinnigh siad oibríochtaí ar bun ar fud na cathrach. Chomh maith le bainistiú phríomhdhualgais an ghlantacháin sráide agus na bainistíochta boscaí bruscair (breis agus 3,400 acu, líon atá ag dul i méid), chuir an tseirbhís solúbthacht ar fáil agus chuathas i láthair go pras nuair a tharla an chéirib sa chathair i mí na Samhna, agus tá moladh speisialta tuillte acu. Chuaigh 135 bhall foirne i mbun oibre i marbh na hoíche chun ord agus eagar a chur ar an gcathair an mhaidin dár gcionn. Bailíodh os cionn 17,000 tona dramhaíola ó na boscaí bruscair sráide, ó ghlantachán sráide agus ón múirín i rith 2023. Ghabh ár líonra athchúrsála 21,000 tona ábhair ar fud an líonra, lena n áirítear an tréimhse fiontáil poiblí i mBaile Munna anois. D'óstáil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Gradaim Uile-Éireann Mórtas Ceantair in 2023 freisin.

Chuir an Rannóg Tithíochta lena cláir soláthar ar fad in 2023 agus, ar fud na sásraí soláthair uile, tá sí ag obair ar 157 tionscadal; tá 1,581 aonad ar an láithreán agus 5,578 ar na bacáin. Tá breis agus 5,000 teach nua inacmhainne le soláthar anois, agus cuirfear na chéad tithe nua ar fáil in 2024. Agus í ag tabhairt aghaidh ar chúrsaí folúntais, bhunaigh an Rannóg an t aonad Athúsáide Oiriúnaithí, a iompóidh foirgnimh tráchtála neamhúsáidte agus foirgnimh fholmha neamhúsáidte

ina bhfoirgnimh chónaithe, agus tá 15 thionscadal ag dul chun cinn faoin gclár. Seoladh Croí Cónaithe, an deontas le haghaidh athchóiriú réadmhaoine folmha, do réadmhaoine incháilithe i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2023, agus cuireadh isteach breis agus 200 iarratas.

Beidh na chéad tithe le fáil ag an bhforbraíocht 854 aonad ar Bhóthar Oscair Mhic Thréinir in 2024 mar chuid de scéim tionachta measctha de thithe sóisialta, cinn ar phraghas réasúnta agus cinn ar cíós de réir costais. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag láithreán Ghairdíní Uí Dhuibheannaigh agus beidh na chéad tithe ar fáil an bhliain seo chugainn. Lenár gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, táirgfear breis agus 2,100 teach. Tosófar ar dhá láithreán mhóra tionachta measctha i mbliana. Soláthraítear lenár gclár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí tithe sóisialta ar fud na cathrach agus tá 15 láithreán ar chéimeanna éagsúla forbartha i.e. táthar tógtha, réidh le cur chun tairisceana nó sa chéim phleanála. In 2023, chuir Aonad Leithdháilte na Comhairle Cathrach tionóntaí in 2,252 aonad, ar méadú de bhreis agus 10% é sin ar leithdháiltí 2022. Mhéadaigh an méid a bailíodh in admhálacha cíosa go dtí €99,912,582, ar ardú 5% é sin ar fhigiúirí 2022. Tharla méadú 25% ar athchóiríocht, lenar coiscedh easpa dídine sna cásanna sin, in 2023. Tugadh athchóiríocht do 1,398 teaghlach a bhí i mbaol na heaspa dídine agus ní raibh orthu dul i gcóiríocht éigeandála. Tháinig méadú 6% in 2023 ar an líon daoine a d'fhág cóiríocht éigeandála agus a fuair tionóntachtaí. D'fhág 1,021 teaghlach cóiríocht éigeandála agus fuair tionóntacht; ach mar gheall ar an ráta íseal daoine a fuair tionóntacht, i gcomparáid leis an ráta daoine nua a tháinig os comhair na seirbhíse, bhí méadú 15% ar an líon teaghlach i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana.

Bhí bliain bhisiúil fhorásach ag Seirbhísí do Chustaiméirí in 2023. Díríodh aird ar thionscnaimh nua seirbhísí do chustaiméirí agus ar eispéireas nua do chustaiméirí. Chruthaigh Seirbhísí do Chustaiméirí leathanach nua meán sóisialta ar Twitter/X i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh bothanna nua digiteacha sa limistéar fáiltithe, áit ar féidir le custaiméirí féinfhreastal a dhéanamh agus clárú le haghaidh vótála nó ceisteanna a logáil trí Mhol an tSaoránaigh. Tugadh aitheantas do Sheirbhís do Chustaiméirí agus d'Eispéireas Custaiméara mar gheall ar a gcuid oibre trína gcuid oibre lena measúnú fiúntais seachtrach le EIQA i mí Dheireadh Fómhair agus fuair siad an marc is airde a fuair siad riamh, sa chatagóir is airde. Thosaigh Eispéireas Custaiméara ag

rolladh amach oiliúint Chárta JAM, rud atá nua, ar fud na heagraíochta chun feabhas a chur ar thuiscint na foirne agus iad ag plé le custaiméirí a bhféadfadh am breise a bheith ag teastáil uathu agus iad ag plé linn.

Foilsíodh Plean Iompair do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath, 2023, agus rinneadh straitéis chun na cuspóirí sa Phlean Forbartha Cathrach nua a chomhlíonadh, is iad sin tosaíocht a thabhairt don iompar poiblí, don siúl agus don rothaíocht, agus an deis a sholáthar spásanna ríochta poiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Ba bhliain ghnóthach don Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach é 2023 ina ndearnadh gníomhaíocht foirgníochta ar 10 dtionscadal, lenar ghabh 14.36km san iomlán. Áiríodh ar na tionscadail sin Cluain Tarbh go dtí Lár na Cathrach, Céim 3 de Ghlasbhealach na Canálach Ríoga, Glasbhealach na Dothra – Páirc Hoirbeaird, Scéim Feabhsúcháin na Canálach Móire Theas, Conair an Chósta Thoir Thuaidh – Céim 1, Príomhshráid Bhéal Maighne, Bóthar na Siúire go dtí Sráid Thomáis. Cuireadh trí chuid de thionscadail i crích in 2023: Bóthar na Gráinsí ar an tionscadal idir Baile Dúill agus Fionnradharc, Tionscadal Thimpeallán Pholl an Bhalla agus Cé Éidin, mar chuid de Bhealach Rothaíochta Eatramhach na Life. Leis an ngníomhaíocht sin seachadadh 2.7km den líonra iomlán in 2023. Tá breis agus 25 tionscadal breise ar chéimeanna éagsúla deartha faoi láthair agus tá sé beartaithe go dtosófar ar an gcéim foirgníochta i dtuilleadh tionscadal in 2024.

Bunaíodh Oifig Inbhuanaithe Cathrach nua in 2023. Comhordaíonn an oifig sin freagrachtaí uile na Comhairle Cathrach laistigh de lár na cathrach agus beidh ról tábhachtach aici i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara uile eile na Cathrach agus todhchaí lár na cathrach á múnú. D'oibrigh an Oifig um Théarnamh na Cathrach le linn na bliana le grúpaí ionadaíochta gnó agus páirtithe leasmhara eile chun díriú níos mó ar sheirbhísí na Comhairle Cathrach a sheachadadh ar fud na cathrach agus chun tionscnaimh a aithint agus a chur i bhfeidhm chun tarraingteacht an cheantair a fheabhsú. Agus í ag obair leis na páirtithe leasmhara sin, sholáthair an Chomhairle Cathrach roinnt imeachtaí siamsaíochta sráide do theaghlaigh agus imeachtaí oíche ag áiteanna éagsúla amhail Sráid Chéipil, Sráid na Parlaiminte agus an Bóthar Beag. Bhí an Chathair bríomhar agus lán siamsaíochta agus dea-thola i rith mhí na Nollag, in ainneoin na ndúshlán a bhain le círeib mhí na Samhna.

Ba bhliain rathúil é 2023 i dtaobh imeachtaí sa chathair. Cuireadh 'Féile Luke Kelly Chomhairle Cathrach Bhaile

Átha Cliath' ar siúl den chéad uair agus rinneadh ceiliúradh ar theacht abhaile fhoireann sacair na mban a bhí ag Corn an Domhain agus ar fhoireann Bhaile Átha Cliath a bhain cluiche ceannais na hÉireann. Thug 39,000 cuairteoir as Meiriceá aghaidh ar an ardchathair le haghaidh chluiche Pheil Mheiriceánach na gColáistí, ócáid a thug ioncam €180 milliún d'Éirinn. D'fhreastail 68,000 cuairteoir ar 'Fhéile Bram Stoker Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath' agus ba é paráid Macnas buaicphointe na féile. Bhí 16 ealaíontóir idirnáisiúnta i láthair ag 'Soilse Geimhridh Bhaile Átha Cliath de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath'. Chruthaigh siad saothar ealaíne digiteach saincheaptha ar Fhoirgnimh Ardoifig an Phoist agus Theach an Chustaim. Anuas air sin, mar gheall ar an gciste pobail imeachtaí bhíothas in ann an chéad aonad céadfaí soghluaiste lasmuigh a cheannach don Chomhairle lena úsáid ag imeachtaí lasmuigh.

Thug os cionn 2 mhilliún duine cuairt ar leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath in 2023, chláraigh os cionn 40,000 ball nua leo agus fuair baill na leabharlann 2 mhilliún ábhar clóite agus ríomh-Acmhainn ar iasacht. D'fhreastail 100,000 duine ar 6,300 imeacht, ar réimse leathan éagsúil imeachtaí iad ar fud líonra na leabharlainne agus lasmuigh de. Osclaíodh leabharlann phobail nua i sráidbhaile Fhionnghlaise tar éis tionscadal, a mhair dhá bhliain, chun seanoifig sórtála de chuid An Post a athchóiriú. Ainmníodh gach leabharlann de chuid Chathair Bhaile Átha Cliath mar áiteanna aoisbháula in 2023. Leanadh leis an obair ar Thionscadal nua Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath freisin. Cuimsíonn Céim 1 den tionscadal Leabharlann Cathrach nua ag Cearnóg Parnell Thuaidh agus oibreacha riachtanacha ar roinnt tithe Seoirseacha faoi chosaint. Bhí an taispeántas 'Andy Warhol Three Times Out' ag Dánlann Hugh Lane an-rathúil. Thug 135,000 duine cuairt air. Ba é an taispeántas ba mhó é de shaothair Warhol riamh sa tír seo.

Thug Global Forum on Human Settlements aitheantas Global Green City Award 2023 do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar gheall ar na héachtaí a bhain sí amach i ndáil le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus méadú ar inbhuanaitheacht agus seasmhacht na cathrach. Aithníonn an gradam sin ár n-iarrachtaí leantacha a léiríodh le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí rathúla a reáchtáladh le haghaidh dhréachtphlean an údaráis áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide – Baile Átha Cliath atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030.

In 2023 bronnadh naoi mBrat Ghlasa ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar gheall ar dheachleachtas idirnáisiúnta ar bhainistiú páirceanna agus rannpháirtíocht an phobail. Osclaíodh páirceanna nua ag Siúlán San Séamas in Rialto, Gairdíní James Joyce, Sráid James Joyce agus Oirthuaisceart Lár na Cathrach, agus rinneadh athfhorbairt ar Pháirc an Diamaint ar Shráid an tSirriam freisin. Rinneadh cothabháil ar na seomraí tae agus na leithris phoiblí i naoi gcinn de na páirceanna poiblí agus cuireadh isteach an Caifé Mugshot i bPáirc Shráid Bhun Droichid. Rinneadh iliomad idirghabhálacha de bhonneagar glas in 2023 sna Saoirsí, in Oirthuaisceart Lár na Cathrach agus i mBóthar na gCloch, áit a bhfuil straitéisí glasaithe beartaithe i gcomhar le pobail áitiúla. In 2023, cuireadh 1,614 crann mar chuid dár gclár geimhridh bliantúil agus cuireadh 200 crann mar chuid dár straitéisí glasaithe. Cuireadh beagnach 5,000 planda mar chuid d'athchóiriú na coillearnaí stairiúla i bPáirc na dTor freisin.

D'fhógair an Coimisiún Eorpach i mbliana gur bhuaigh Cathair Bhaile Átha Cliath an gradam Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste do 2024. Bhí 30 iarrthóir ó 17 dtír san iomaíocht. D'fhoilsigh an Chomhairle a céad straitéis turasóireachta cúig bliana freisin.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ardmhéara agus le gach Comhairleoir Cathrach as a dtacaíocht i rith na bliana. Ba mhaith liom moladh a thabhairt dár bhfoireann dhíograiseach freisin. Oibríonn siad gan stad gan staonadh chun an chathair seo againne a rith agus breis agus 500 seirbhís a chur ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath.




Richard Shakespeare

Príomhfheidhmeannach

Dul chun cinn i dtreo

Spriocanna Corparáideacha



Sprioc 1

Oibriú i dtreo cathair ghlas ísealcharbóin a bhaint amach

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
1.1 Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astuithe gáis cheaptha teasa i bhfoirgnimh agus oibríochtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a laghdú agus Baile Átha Cliath a dhéanamh ina Chathair atá níos athléimní ó thaobh aeráide de le saoránaigh rannpháirteacha eolasacha	1.1.1 Plean Gníomhaíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Athrú Aeráide 2019 – 2024 a chur i bhfeidhm	Tá 188 gníomh ann faoi láthair. In 2023, rinneadh athbhreithniú ar an bplean agus eisíodh an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide le haghaidh comhairliúchán poiblí ar an 15 Meán Fómhair 2023. Tá dul chun cinn á dhéanamh i ndáil le múiríniú duillí agus athchúrsáil sráide. Tá breis agus 60 araid i lár na cathrach agus tá aonad trialach eile i gCluain Tarbh. Tá Céim 2 den tionscadal maolaithe tuilte don Dothra, Droichead Nua go dtí Cora Smurfit Íochtarach, tionscadal de chuid Oifig na dTionscadal Cosanta Tuilte, i bhfeidhm d’ardú measta ar leibhéal na farraige go dtí an bhliain 2100 i raon taoide agus plean oiriúnaithe don athrú aeráide sa chuid srutha.
	1.1.2 Córais coinneála agus cóireála uisce dromchla atá “glas” nó atá bunaithe ar nádúr a ionchorprú i ngach tionscadal fearainn phoiblí sa toadhchaí, nuair is féidir, agus spreagadh a thabhairt do ghlacadh cleachtais chomhchosúla i bhforbairtí príobháideacha.	Tá an tionscadal SuDS Trial (Rainscapes) á leagan amach faoi láthair agus meastar go seachadfar é in 2024. Tá úsáid Córas Draenála Inbhuanaithe éigeantach faoin bPlean Forbartha Cathrach. Tugadh isteach treoir nua do shealbhóirí tí aonair i mbliana. Cuimsíonn seirbhísí bailithe duillí málaí inmhúirínithe ag a bhfuil acmhainn níos mó anois le haghaidh leasanna múirínithe méadaithe agus chun tacú le hiarrachtaí an phobail.
1.2 Oibriú i gcomhpháirtíocht le húdaráis thadhlacha agus páirtithe leasmhara ábhartha chun bithéagsúlacht Chathair Bhaile Átha Cliath a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn	1.2.1 Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2015-2020 agus Plean Gníomhaíochta um Speicis Ionracha Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2020 a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.	I measc na dtionscadal atá fós ar bun tá an tionscadal Sionnach sa Chathair le UCD, Suirbhéanna Éin Abhann agus Éin Chreiche Chathair Bhaile Átha Cliath, 2022–2025 le Cairde Éanlaith Éireann, monatóireacht ar éin cheoil i bpáirceanna lár na cathrach, suirbhéanna ar an sciathán leathair agus ar an gcorr réisc. Tugadh an measúnú ar na cúiseanna atá leis an bhfás ar an alga donn i gCuan Bhaile Átha Cliath i gcrích in 2023 i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe. Tabharfar sonraíocht maidir le poill shaorga don dobharchú a thógáil i gcrích faoi dheireadh na bliana freisin.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		Bunaíodh Grúpa Gníomhaíochta Eolaíochta agus Teicniúil le haghaidh Oileán an Bhulla agus cuireadh an Plean Bainistíochta um Rochtain Cuairteoirí i bhfeidhm. I measc na for-rochtana bithéagsúlachta bhí sráidbhaile ag Féile Rós San Anna. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Chathair Bhaile Átha Cliath um Speicis Ionracha agus sonraí IAS.
	1.2.2 Straitéis Crann Chathair Bhaile Átha Cliath 2016-2020 a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú	Tá na hiarratais pleanála feithicle uile próiseáilte anois. Úsáideadh na treoirlínte maidir le crainn, leacú agus rochtain feithiclí arna bhforbairt ag Oifigeach na gCrann. Tá prótacail á bhforbairt do chosaint na gcrann le linn oibreacha riachtanacha ar fhóntais. Déanfar suirbhéireacht ar idir 4,000 agus 5,000 crann agus taifeadfar iad san fhardal digiteach agus bogearraí bainistíochta crann in 2023. Prúnáladh 574 crann agus baineadh 111 crann tar éis measúnú bliantúil cranneolaí. Lorgaíodh tairiscintí le haghaidh oibreacha crainn agus tá siad beartaithe do dheireadh na bliana. Le linn na n oibreacha sin prúnálfar 380 crann agus bainfear 169 crann. Baineadh nó prúnáladh breis agus 200 crann tar éis Stoirm Betty. Cigireachtaí leanúnacha ar chrainn thaifeadta i bpáirceanna oidhreacht agus éiceolaíochta na Cathrach. Rinneadh suirbhéireacht iomlán nó pháirteach ar shé pháirc in 2023. Cuireadh Straitéisí Glasaithe i bhfeidhm sna limistéir den chathair a raibh an gá ba mhó leo le clúdach ceannbhrait crann mar a sainithníodh i Staidéar Ceannbhrat Crann Bhaile Átha Cliath. Rinneadh measúnú ar bhreis agus 15,000 iarratas ar oibreacha crainn, agus rinneadh gníomh ina leith.

Sprioc 1

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	1.2.3 Leanúint le bheith i gceannas ar Chomhpháirtíocht Bithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath chun spriocanna caomhnaithe a bhaint amach	Tháinig fochoistí Chomhpháirtíocht Bithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath le chéile ar bhonn rialta. I measc na hoibre for-rochtana don Bhithsféar bhí: - An feachtas ‘Window into the Biosphere’ i gcomhar le hlarnród Éireann, - Taispeántais ar obair an bhithsféir ag Féile Rós San Anna, Féile Bithsféir Bhaile Dúill, agus Féile Bithsféir Shruth na Carraige. - Crús Bithsféir/Aeráide - Fuarthas breis agus 100 iontráil do Chomórtas Fhéilire 2024 - Táirgeadh póstaeir ar an mbithéagsúlacht agus oidhreacht thógtha a fhaightear sa Bhithsféar agus taispeánadh iad ar bord ‘St. Bridget Dublin Discovery Tour’ agus táirgeadh ‘swatch’ nua Bláthanna an Bhithsféir. - Tháinig méadú ar an líon cuairteanna ar an suíomh gréasáin; idir 1,500 agus 1,800 cuairt in aghaidh na míosa tar éis an fheachtais ‘Window into the Biosphere’ i gcomhar le hlarnród Éireann
1.3 Ceannaireacht láidir a sholáthar maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus trí thiomantas a léiriú d’athrú inár gcleachtais féin	1.3.1 Ár dtiomantais faoin gCairt Aeráide d’Údaráis Áitiúla a chomhlíonadh maidir le dícharbónú, forbairt inbhuanaithe agus athléimneacht aeráide a leabú i ngach gné den obair a dhéanaimid	Déantar athbhreithniú bliantúil fós ar an bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide chun ailíniú leis an gCairt Aeráide d’Údaráis Áitiúla a chinntiú. Bhí an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide i dteagmháil freisin le foirne tionscadail agus oibriúcháin lena chinntiú go bhfuil cuspóirí na cairte leabaithe ina gcuid oibre leanúnach. Comhoibríonn Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach Oirthir-Lár Tíre (EMRWMPO) le hOifig Forbartha na Comhairle Cathrach chun Clár Oiliúna Geilleagar Ciorclach MODOS do FBManna a chur ar fáil agus a reáchtáil. Cuireadh an clár i bhfeidhm ar fud Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus tá plean náisiúnta ar bun anois. Is comhpháirtí é EMRWMPO i dTionscadal KIC Aeráide atá ceaptha chun nuálaíochtaí nuathionscanta a cheadú chun réitigh chiorclacha agus aeráide a chur chun cinn i gcathracha.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	1.3.2 Foireann Gníomhaíochta Aeráide a bhunú chun Gníomhú ar son na hAeráide a threorú agus a chomhordú ar fud na Comhairle Cathrach	An Tionscadal um Mapáil Torainn Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn: Céim 1 – Tá Mapáil Torainn Straitéiseach críochnaithe agus is féidir féachaint ar na léarscáileanna ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Céim 2 – Ullmhófar Dréachtpheananna Gníomhaíochta in aghaidh Torainn faoi mhí na Nollag 2023 agus réachtálfar tréimhse comhairliúcháin phoiblí in R1 2024. Tá Foireann Gníomhaíochta Aeráide thiomnaithe bunaithe ag an gComhairle Cathrach, ar a bhfuil: • Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach • Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide • Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide • Bainisteoir Fuinnimh • Céimí (Gníomhú ar son na hAeráide) Tá 100 d'acmhainn inmheánach curtha leis an bhfoireann atá ag obair ar chur i bhfeidhm na dtionscadal agus na gclár a shainithnítear leis an CAP. Tá foirne Leabharlanna agus Oifigí Ceantair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tar éis clár rannpháirtíochta poiblí maidir le gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus tá siad á mbainistiú acu. Tá oiliúint Gníomhaíochta Aeráide á fáil ag foireann Údaráis Áitiúil trí LGMA chun tacú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ina ceannaire aeráide agus ár spriocanna a bhaint amach. Táimid ag obair le Codema freisin, ár ngníomhaireacht fuinnimh chun ár spriocanna CAP a bhaineann le fuinneamh a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích.
	1.3.3 Tacú leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus comhoibriú le húdaráis chomharsanachta lena chinntiú go bhfuil sé chomh héifeachtach agus is féidir	Tugann Oifig na dTionscadal Cosanta Tuilte tuairiscí ráithiúla do CARO maidir le tionscadail laistigh de CAP Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá comhoibriú réigiúnach ar thionscadail mhóra eile ar siúl freisin, lena n-áirítear an Straitéis d'Fheithiclí Leictreacha. I mí na Bealtaine 2023 chuaigh EMRWMPÓ i gcomhpháirtíocht leis an bhFoireann Gníomhaíochta

Spríoc 1

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

DUL CHUN CINN IN 2023

1.3.4 Pobail a chumasú freagracht a ghlacadh as a dtimpeallachtaí áitiúla trí chlár ar nós na mBailte Slachtmhara agus Dámhachtainí Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath

Aeráide i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, chomh maith le heagraíochtaí lena n-áirítear an tIonad Athfhionnachtana Náisiúnta agus CIRCULÉIRE chun Circular Hotspot a thabhairt go Baile Átha Cliath. Músclaíodh feachtas ag an gcomhdháil ar an ngeilleagar ciorclach agus leagadh béim ar an nasc láidir idir aistriú an gheilleagair chiorclaigh agus gníomhú ar son na haeráide.

D'oibrigh na ceithre Udarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath go dlúth lena chéile in 2023 chun a bpleananna athbhreithnithe um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt de réir mar ba ghá. Tá siad ag obair le chéile faoi láthair chun imeachtaí comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil chun rannpháirtíocht an phobail a spreagadh i ndáil le CAPanna. Tá tuilleadh malartú eolais maidir le SECanna, DZ agus straitéis EV ar bun.

Beidh breis agus 4,500 glantachán pobail déanta ag Glantachán Pobail Bhaile Átha Cliath agus tacófar leis sin le málaí agus trealamh glantacháin. Bhí Dámhachtainí Comharsanachta Chathair Bhaile Átha Cliath ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Chuir Mórtas Ceantair 2023 fáilte roimh ghrúpaí ó gach cearn d'Éirinn don imeacht gradam in R1 2023.

Rinneadh teagmháil ghníomhach le pobail maidir le gníomhú ar son na haeráide trí Climate Campaigners, Circular Economy Hotspot, SoCircular, Féile Eat the Streets agus ceardlanna ar an ngníomhú ar son na haeráide.

Tá EMRWMPÓ ag comhoibriú leis an gComhairle Cathrach, le Canada Life Insurance agus le Ytall Ireland i gCluain Tarbh/Oileán an Bhulla ar chóras coimeádán in-athúsáidte le haghaidh bia le tabhairt leat, amhail caife, anraith, sailéad agus píotsa. Tá an clár píolótach ag tástáil úsáid meaisíní díola in-athúsáidte chun coimeádán a tugadh ar ais a bhailiú.

Mar chuid de thionscadal Athchóirithe Abhainn Sheantraibh, tá PWBO ag obair le grúpa na mBailte Slachtmhara i Ráth Eanaigh chomh maith le heagraíochtaí pobail eile i ndobharcchantar Abhainn Sheantraibh.

Sprioc 2

Comharsanachtaí sábháilte faoi rath a thógáil

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

2.1 Tithe ardchaighdeán a sheachadadh ar an scála riachtanach

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

2.1.1 Ár spriocanna bliantúla maidir le soláthar aonad tithíochta sóisialta a bhaint amach

2.1.2 Ár stoc tithíochta reatha a athnuachan agus a athbheochan ar bhonn cláraithe

DUL CHUN CINN IN 2023

Sainiithnítear sa Phlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta, 2022-2026 an tslí a gcomhlíonfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a spriocanna seachadta, faoi Thithíocht do Chách faoi 2026.

Bhí 133 aonad le haghaidh léasú fadtéarmach tugtha i gcrích faoi Mheán Fómhair 2023.

Meastar gur 292 aonad a bheidh san aschur iomlán measta le haghaidh 2023. Meastar gur 907 aonad a bheidh san aschur iomlán ar fud na sruthanna seachadta foirgníochta uile in 2023.

Athchóiríodh 667 réadmhaoin sa chéad trí ráithe de 2023. Cuimsíodh leis sin 187 teach, 270 árasán agus 210 aonad do sheanáirí. Ba réadmhaoin de chuid na Comhairle a bhí i 599 cinn acu agus ceannaíodh 68 réadmhaoin athlámhe ar an margadh oscailte.

Soláthraíodh níos mó ná 300 Oiriúnú Inrochtaineachta do thionóntaí a bhí ann cheana. Leanadh le hoibreacha réamhphleanáilte chun cabhrú le laghdú a dhéanamh ar shaincheisteanna cothabhála sa todhchaí.

Rinneadh cigireacht ar 716 réadmhaoin i dtaobh fadhbanna taise agus rinneadh beart i 527 réadmhaoin chun dul i ngleic le fadhbanna taise.

Leanann an chéim reatha den Chlár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Fuair 184 réadmhaoin uasghráduithe fuinnimh éagsúla suas go dtí deireadh R3 2023. Rinneadh seirbhís ar 10,469 coire agus deisíodh 7,333 coire. Athsholáthraíodh 721 coire faoi dheireadh R3 2023 freisin.

Tá clár ar siúl faoi láthair chun seomraí bruscair buana a thógáil i gcoimpléisc agus chun líon na n-araidí athchúrsála agus múirín a mhéadú.

Spríoc 2

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	2.1.3 A chinntiú go seachadtar tithe agus foirgnimh nua de réir na gcaighdeán riachtanach trí oibriú dianchórais Rialaithe Tógála don chathair	Tugtar tosaíocht don chigireacht ar thionscadail ilaonad cónaithe nuathógtha agus oibreacha a úsáideann modhanna nua-aimseartha tógála, lena n áirítear réamhdhéanamh agus creat adhmaid, go háirithe. - Fógraí a fuarthas maidir le tús oibreacha tógála: 868 - Deimhnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus larratais athbhreithnithe DAC a fuarthas: 308 - Cigireachtaí ar obair ghníomhach tógála a rinneadh, lena n áirítear 374 cigireacht a dhírigh ar Chuid B (Sábháilteacht ó Dhóiteáin): 1,137 - Foirgnimh nua ar a ndearnadh cigireacht mar chéatadán na bhfoirgneamh nua ar tugadh fógra fúthu: 70% - larratais ar eolas maidir le comhlíonadh a eisíodh: 322 - Litreacha rabhaidh a eisíodh: 6 - Ionchúiseamh a tionscnaíodh (trial ar feitheamh): 1
	2.1.4 Mar an príomh-Údarás Áitiúil don Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta, cultúr comhlíonta na rialachán foirgníochta a chur chun cinn trí oideachas agus trí scéim iniúchta neartaithe.	3 imeacht hibrídeacha forbartha gairmiúla leanúnaí: - Rialú Tógála - Rialacháin Tógála Cuid M - Cigireachtaí um Rialú Foirgníochta - Comhchigireachtaí (oilíúint fhoireann BCO): 13 - Ceisteanna tacaíochta Freshdesk: 3,474 - Gearáin maidir le táirge foirgníochta: 49 - Cigireachtaí frithghníomhacha a rinneadh tar éis gearáin: 29 - Cigireachtaí féintionscanta ar an láthair: 35 - Cigireachtaí féintionscanta ag an deasc: 35 - Tástálacha arna ndéanamh i saotharlanna: 110 - Seiceálacha ar tháirgí agus/nó cáipéisíocht: 30 - Cigireachtaí ICSMS a logáladh: 24 - Airteagal 12(3) den Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, 2013, ón Aontas Eorpach: 48 - Fógraí chuig Údarás Faireachais Margaidh Ballstáit eile: 1

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	2.1.5 Caighdeán na cóiríochta príobháidí ar cíós a chothabháil trí chigireacht réamhghníomhach agus forfheidhmiú na rialachán	Leanadh le líon mór cigireachtaí in 2023 ar réadmhaoine faoi úinéireacht CCTanna ar chíos príobháideach agus cóiríocht a tógadh le sainchuspóir do mhic léinn. Tairgeann Rannóg na Sláinte Comhshaoil cigireachtaí fíorúla go fóill.
	2.1.6 Faighiteoirí an fhorlíonta cíosa eile a aistriú chuig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta	Aistríodh 71 cliant forlíonta cíosa go dtí seo in 2023 agus tá 1,063 fágtha.
2.2 Comharsanachtaí measctha a chruthú a bhfuil rogha acu maidir le cineál tithíochta agus tionacht	2.2.1 Beartas láidir a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha a thacaíonn le cruthú comharsanachtaí measctha, le raon cineálacha tithíochta, áiseanna agus seirbhísí cuí.	Cuireadh polasaí an Phlean Forbartha i bhfeidhm tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha. Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair: • Fuarthas 2,772 iarratas pleanála bailí • Reáchtáladh 78 comhairliúchán réamhiarratais • Eisíodh 175 Deimhniú Díolúine Tithíochta Sóisialaí • Eisíodh 193 Dearbhú de bhun Alt 5 • Anuas air sin, rinne an tÚdarás Pleanála an méid seo a leanas: • 15 chomhairliúchán réamhiarratais Alt 247 le haghaidh forbairtí LRD • 8 gcruinniú ag céim na tuairime • Ullmhaíodh agus eisíodh 6 thuairim • Eisíodh 14 chinneadh maidir le hiarratas LRD • Ceadaíodh Scéimeanna Tithíochta Chuid 8 do roinnt suíomhanna sa chathair agus ceadaíonn próiseas Chuid V éagsúlacht tionachta

Sprioc 2

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	2.2.2 Réimse cineálacha agus forbairtí cuí tithíochta sóisialta a sheachadadh agus a éascú a thacaíonn le daoine a bhfuil riachtanais ar leith acu	I dteannta leis an gclár tógála dírí, ina gcuimsítear tithíocht le haghaidh riachtanais shonracha, leanann Seirbhísí Tithíochta agus Pobail ar aghaidh ag soláthar tithíocht do theaghlaigh trí thithíocht arna maoiniú ag CAS lenár gcomhpháirtithe Comhlachta Ceadaithe Tithíochta. Rinneadh 12.57% den leithdháileadh tithíochta agus aistrithe ar theaghlaigh lena mbaineann míchumas suas go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2023.
	2.2.3 An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 a chur i bhfeidhm	Críochnaíodh athbhreithniú lár téarma ar an gClár i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá moltaí chun feabhas a chur ar sheachadadh san athbhreithniú.
	2.2.4 Réimse tacaíochtaí tithíochta a sheachadadh le cur ar chumas daoine fanacht i dtithíocht nó tithíocht a fháil a oireann dá riachtanais	Deontais 2023 arna n íoc in R1-R3 2023: Deontais Oiriúnaithe Tithíochta: 642 Deontas Áiseanna Soghluaisteachta: 99 Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta: 354 Íasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil (a tugadh isteach den chéad uair in Eanáir 2022): - Íasachtaí Tithíochta a faomhadh: 77 - Íasachtaí Tithíochta a tugadh: 35 - Méid reatha na gCuntas Íasachta: 2,211 - Leabhar Íasachta Reatha: €241 milliún Scéim Ceannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí, 2016: - Íasachtaí Ceannaigh Tionóntaí a tugadh 2016–2023: 214 - Íasachtaí Ceannaigh Tionóntaí a tugadh in 2023: 9 Leantar de réadmhaoine a fháil tríd an scéim ranníocaíochta airgeadais. D'fhreagair an Rannóg Oibre Sóisialta 2,560 glaoch Dualgais Oibre Sóisialta idir R1 agus R3. Iarratais ar an Scéim Foras Eisceachtúil Sóisialta: 780 Sannadh Oibrí Sóisialta Sinsearach do ról Ceannasaí Údaráis Áitiúil Náisiúnta in Oifig Náisiúnta Chomhshuite SORAM.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		Láimhseáil an tseirbhís Idirghabhála 5 atreorú Tacaíodh le 323 tionónta de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le SLI (lena n áirítear HAIL) agus tacaíodh le 155 acu le Cothabháil Tionóntachta go dtí deireadh R2 2023.
2.3 Cur go héifeachtach le tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne	2.3.1 Comhoibriú le ranna rialtais agus le geallsealbhóirí tábhachtacha eile chun an tsamhail tithíochta ar Chíos Costais a fhorbairt	Aithníodh roinnt suíomhanna a d'fhéadfadh thart ar 1,000 teach ar cíos de réir costais a tháirgeadh. Tá teagmháil chuiditheach ar siúl le RTRÁO, CCTanna agus páirtithe leasmhara eile maidir le tograí forbartha do na láithreáin sin.
	2.3.2 Straitéis Tithíochta a fhorbairt mar bhonn eolais ó Mheasúnú ar Éileamh Tithíochta mar chuid den chéad Phlean Forbartha eile	Ullmhaíodh Straitéis Tithíochta a raibh HNDA mar bhonn eolais aici maidir leis an soláthar tithíochta; lena n áirítear an cion de thithíocht shóisialta a theastaíonn agus an gá le tionacht agus méideanna éagsúla tithíochta, mar chuid den Phlean Forbartha.
2.4 Aghaidh a thabhairt ar easpa dídine trí thrí phríomhréimse oibríochta – cosc, cosaint agus dul chun cinn	2.4.1 An Plean Gnó do Chreat an Phlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean do Bhaile Átha Cliath 2019 – 2021 a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn bliantúil	Rinne an Grúpa Bainistíochta Reachtúil agus Comhfhóram Comhairliúcháin Bhaile Átha Cliath um Easpa Dídine athbhreithniú ar an bPlean Gnó do 2023.

Sprioc 2

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

DUL CHUN CINN IN 2023

2.4.2 Idirghabháil luath a sholáthar do dhaoine atá ag fulaingt, nó atá i mbaol, easpa dídine

Cuireadh cosc le 773 teaghlach (435 teaghlach agus 338 duine fásta singil) dul isteach i gcóiríocht éigeandála sna chéad ocht mí de 2023, tríd an Scéim HAP (551), Tithíocht Shóisialta (222) nó Cóiríocht Fhadtéarmach.

Is anuas ar thionóntachtaí atá cosanta ag an tSeirbhís um Chosaint Tionóntachta Tairseach (maoinithe ag an DRHE) agus seirbhísí coiscthe eile a bhí sé sin. I gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, áirítear orthu sin Daoine Scothaosta atá i mbaol a bheith gan dídean de réir mar a thugtar tosaíocht dóibh le haghaidh tithíochta faoi na hathruithe ar thosaíochtaí glactha na Scéime Ligin 2018.

2.4.3 Daoine atá gan dídean a chosaint trí chóiríocht éigeandála agus tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar

Leanadh leis na hiarrachtaí chun laghdú a dhéanamh ar úsáid óstán tráchtála mar chóiríocht teaghlaigh, agus bhí 409 teaghlach ina gcónaí in óstáin tráchtála ag deireadh mhí Lúnasa i gcomparáid leis an leibhéal is airde ag 871 i mí an Mhárta 2017.

Fuair cónaitheoirí i moil teaghlaigh tacaíocht ar an láthair agus fuair teaghlaigh in áiseanna éigeandála a oibrítear go príobháideach (PEAnna) comhairle tithíochta agus tacaíocht shóisialta ó Fhoirne Tithíochta NGO/DRHE chomh maith le tacaíocht in-rochtana ó FSS agus TUSLA.

Faigheann daoine singile in PEAnna tacaíocht ó fhoireann bainistíochta cáis PACT FSS, agus díritear ar bhealach níos mó ar sheirbhísí sláinte agus andúile a chuirtear ar fáil ar bhonn in-rochtana. Tá bainisteoirí cáis ó Thionscadal Drugaí Ana Liffey, Coolmine agus Focus Ireland.

Tugann Oifigigh Tacaíochta Tithíochta cuairt ar na saoráidí PEA uile ar bhonn in-rochtana anois. Tá tacaíochtaí comhlúthacha ar fáil níos forleithne anois ar fud na PEAnna uile, ag leathnú de réir a chéile ar na deiseanna le haghaidh idirghabhálacha sláinte nó tithíochta agus bainistíocht cháis.

I gcomhpháirtíocht leis an DRHE, tá tús curtha ag FSS le clár oiliúna do bhaill foirne in PEAnna.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	2.4.4 Bealaí chuig réitigh tithíochta fadtéarmacha a shainaithint agus a chumasú, lena n-áirítear do dhaoine a chodlaíonn amuigh tríd an gclár Tithíocht ar dTús	Tá iomlán de 605 teaghlach (252 teaghlach agus 3,353 duine fásta singil) tar éis cóiríocht éigeandála a fhágáil sna chéad ocht mí de 2023, tríd an Scéim HAP (209) agus Tithíocht Shóisialta (396), lena n-áirítear Cóiríocht Fhadtéarmach. Idir Eanáir agus Lúnasa 2023, cruthaíodh 81 tionóntacht nua Tithíocht ar dTús.
2.5 Déanfaimid ár bpáirt chun sábháilteacht a chinntiú do dhaoine ina dtithe agus san fhearann poiblí	2.5.1 Seirbhísí Dóiteáin, Tarrthála agus Éigeandála Otharcharr a sheachadadh chuig pobail Chathair Bhaile Átha Cliath agus chontaetha Fhine Gall, Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire Ráth an Dúin 2.5.2 Oibriú i gcomhar leis an nGarda Síochána agus an Comhchoiste Póilíneachta chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta agus le saincheisteanna sábháilteachta pobail	Bhíothas ag an láthair laistigh de 10 nóiméad i gcás 74.1% de theagmhais dóiteáin; ag an láthair laistigh de 20 nóiméad i gcás 98% acu Neamhdhóiteán (Seirbhís Speisialta): Bhíothas ag an láthair ag an láthair laistigh de 10 nóiméad i gcás 69.7% acu; ag an láthair laistigh de 20 nóiméad i gcás 96.7% acu Ghlac an Chomhairle Cathrach an Straitéis Bainistíochta Eastát – Comharsanachtaí Níos Sábháilte a Chothú trí Bhainistíocht Réamhghníomhach agus Fhreagrach ar Iompar Frithshóisialta 2022 – 2027 i mí Aibreáin 2022. Glacadh Tuarascáil Bhliantúil, ina ndéantar achoimre ar ghníomhaíochtaí an Chomhchoiste Póilíneachta le linn 2022, i gcruinniú Mheitheamh 2023 de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá cuir i láthair déanta agus/nó nuashonruithe tugtha maidir leis an méid seo a leanas i gcruinnithe 2023 go dtí seo: Plean Oibre Bliantúil, an tÚdarás Póilíneachta (forléargas ar Threoirlínte an Chomhchoiste Póilíneachta), an Tionól Saoránach maidir le hÚsáid Drugaí, Múnla Bhriostó (cur chuige laghdaithe dochair i leith drugaí agus alcóil), Imeaglú Bainteach le Drugaí, Straitéis um Bainistiú Eastát, Iompar Frithshóisialta i lár na cathrach, Impleachtaí uainchláir nua mholta an Gharda Síochána.

Sprioc 2

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	2.5.3 Coimpléisc tithíochta agus eastáit tithíochta na comhairle cathrach a bhainistiú go héifeachtach	Tugadh Treoirlinnte Bainistithe Eastát maidir le hlompar Frithshóisialta/Sárú Tionóntachta a Bhainistiú ar an bhfoireann bainistithe eastát iomlán. Tabharfaidh an tAonad Bainistithe Eastáit Láir oiliúint don fhoireann bainistithe eastát iomlán in R1 2024.
	2.5.4 Forbairt timpeallachta tógtha agus spásanna poiblí a chur chun cinn atá deartha chun coireacht agus iompar frithshóisialta a dhíspreagadh, a chuireann sábháilteacht chun cinn agus a thagann le prionsabail an dearaidh uilíoch.	Leantar ag baint úsáid as an bpróiseas Bainistíochta Forbartha chun a chinntiú go bhfuil forbairtí molta ag teacht leis an bPlean Forbartha Cathrach chun cathair a chinntiú gur áit shábháilte tharraingteach í le maireachtáil, le hoibriú léi, le cuairt a thabhairt uirthi agus le taitneamh a bhaint aisti. Leanann infheistíocht sa ríocht phoiblí (lena n áirítear URDF) ag cur le taithí agus gníomhaíocht eacnamaíoch do choisithe, ag cur tréscailteachta agus sábháilteacht chun cinn trí fhaireachas éighníomhach méadaithe.
	2.5.5 Tacú le rannpháirtíocht an phobail i sábháilteacht agus slándáil trínár gcláir oideachais agus feasachta dóiteáin, uisce agus sábháilteachta ar bhóithre	Forbraíodh Feachtas Pobail um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus bhí feachtas meán agus teachtaireacht maidir le sábháilteacht ó dhóiteán, a poiblíodh sna meáin thraidisiúnta, ar líne agus ar na meáin shóisialta, mar chuid de. Poiblíodh comhairle spriocdhírthe um shábháilteacht ó dhóiteán d'earnálacha éagsúla chun an teachtaireacht um shábháilteacht ó dhóiteán a uasmhéadú. Aonaid aláraim deataigh a dáileadh: 1,000. Dáileadh aonaid do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta orthu in 2023 freisin. Próiseáladh 100% de na hiarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán laistigh de na teorainneacha ama ábhartha. Chuir an córas BCMS 99% de gach iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán i bhfeidhm ar BCMS. Leanadh le rolladh amach an chórais rianaithe GPS do baoithe tarrthála in 2023.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		Thug PWBO dhá scáileán chliste isteach, ceann i gCnocán Doirinne agus ceann i nDumhach Thrá, a chumhachtaítear go hiomlán tríd an ngaoth agus painéal gréine. Taispeánann na scáileáin chliste eolas maidir le huisce snámha, eolas sábháilteachta agusfeasacht do snámhóirí rialta agus don phobal.
	2.5.6 Ullmhú agus freagairt chomhordaithe idirghníomhaireachta ar mhóréigeandálaí ag leibhéal áitiúla agus réigiúnacha ag teacht leis an gCreat le haghaidh Móréigeandálaí	Lean Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath lena cuid rannpháirtíochta leis na grúpaí seo a leanas: • Grúpa Oibre Réigiúnach an Oirthir agus Foghrúpaí. Comhlíonadh iomlán rialacháin HSA COMAH/Seveso, rinneadh cúig chleachtadh tástála faoi Phlean Éigeandála Seachtraí Seveso le linn 2023. • Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath. Bhí Oifigigh Cosanta Sibhialta páirteach i gcruinnithe Ghrúpa Oibre Réigiúnach MEM an Oirthir agus i ngach cleachtadh. Tacaíocht do Chleachtaí MEM Idirghníomhaireachta Réigiúnaí Údaráis Áitiúil. Comhordú amháin ar an láthair agus Cúrsa Bainistíochta Eolais amháin arna n-éascú ag Grúpa Oiliúna ERWG. Tuilleadh oiliúint inmheánach le pleanáil in R4 2023. Scaipeadh Plean Móréigeandála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar chinn roinne. Tháinig CMWG le chéile arís in LCC Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in R3, agus phleanáil dhá chleachtadh MEM do R4 2023.

Spríoc 3

Leanúint le geilleagar láidir éagsúil a fhás

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

3.1 Tacú go réamhghníomhach le cruthú agus neartú na micrifhiontair, na bhfiontar beag agus meánmhéide sa chathair

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

3.1.1 Réimse tacaíochtaí a chur ar fáil, lena n-áirítear Siopa Chéad Stad agus an Clár Tábhairne Oibre, do ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag forbairt

3.1.2 Tacaíocht a sholáthar d'earnálacha eacnamaíocha aitheanta:

- Teicneolaíocht
- Fiontraíocht shóisialta
- Gnó glas / geilleagar ciorclach
- Turasóireacht
- Margaí
- Bia
- Dearadh

DUL CHUN CINN IN 2023

D'éirigh le hOifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath a raon iomlán seirbhísí a sheachadadh – meantóireacht, ceardlanna oiliúna, cláir forbartha bainistíochta agus ceannaireachta, deontais agus cumarsáid a bhain le cúrsaí gnó trí fhormáidí hibrídeacha agus cumaisc.

Go dtí R3 2023:

- Uaireanta an chloig meantóireachta (Spríoc Bhliantúil de 1,000): 989
- Clinicí Comhairle Gnó: 41 (Spríoc Bhliantúil 48) chuig 675 rannpháirtí (spríoc bhliantúil 500)
- Cuireadh oiliúint ar fáil do 3,204 rannpháirtí (spríoc bhliantúil 3,000)
- Cúrsaí a cuireadh ar fáil: 150

Reáchtáladh sraith imeachtaí Work Matters i rith na Seachtaine Fiontair Áitiúil i mí an Mhárta 2023. Leanann Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath uirthi ag forbairt agus ag fás a caidreamh éiceachórais.

Thug an Oifig Fiontair Áitiúil tacaíocht “Digital for Business” do 11 ghnólacht.

Bhí 21 gnólacht páirteach in Green for Business, clár saor in aisce a chabhraíonn le gnólachtaí beaga an chéad chéim a dhéanamh chun bheith níos inbhuanaithe, agus tugtar rochtain dóibh ar shainchomhairleoir glas chun tacú le straitéis inbhuanaitheachta.

Tacaíodh le 14 ghnólacht in Lean for Business go dtí seo.

Tá 10 ghnólacht páirteach sa chlár Export Accelerator

Reáchtáladh Seachtain Fiontair Áitiúil i mí an Mhárta 2023. Bhí Dámhachtainí Fiontar Sóisialta Chathair Bhaile Átha Cliath ar siúl i mí Mheán Fómhair 2023.

Bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath páirteach i Líonra Eorpach na gCathracha agus na Réigiúin don Gheilleagar Sóisialta 2023, tionscadal de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Tacaíodh le hearnáil an gheilleagair

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		chiorclaigh le himeacht SoCircular, foilsíú Bhróisiúr agus Thuarascáil Torthaí SoCircular, clár oiliúna MODOS agus Circular Economy Hotspot – Baile Átha Cliath 2023. Tá an Straitéis Turasóireachta críochnaithe agus ghlac an Chomhairle Cathrach Dearbhú Ghlaschú ar Thurasóireacht Inbhuanaithe. D'fhorbair an Chomhairle Cathrach, i gcomhar le Fáilte Éireann, Dublin Discovery Trails, ardán tumthach ceannróaíoch oidhreachta agus scéalaíochta, a seoladh i mí Eanáir 2023. Taispeánann an chéad slí, 'Doors into Docklands', stair Cheantar na nDugaí sa chathair agus tacaíonn teicneolaíocht Réaltachta Breisithe leis chun oidhreachta agus stair Cheantar na nDugaí a chur chun cinn.
	3.1.3 Suímh a aithint agus soláthar raon cóiríochta oiriúnach a éascú d'fhorbairt gnó lena n-áirítear moil fiontair agus spás comhoibrithe	Nuair a cuireadh Enterprise Hubs in Dublin – Research Report 2022 i gcrích, tuarascáil inar sainaithníodh 136 mol fiontraíochta ar fud Bhaile Átha Cliath, táirgeadh léarscáil Google d'éiceachóras beo ina bhfuil suíomhanna mol fiontraíochta agus gníomhaithe eile. Óstáiltear an léarscáil ar shuíomh gréasáin Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath agus an Bhranda 'Dublin Place'. Tá taighde leantach eile á dhéanamh ar limistéir i mBaile Átha Cliath nach bhfuil moil iontu agus sainaithnítear Gort na Silíní mar limistéar tionscadail phíolótaigh maidir le húsáid fhéideartha moil fiontraíochta mar idirghabháil limistéarbhunaithe. Tá obair á déanamh ar fhorbairt tuarascála féidearthachta.
3.2 Pleanáil agus soláthar d'fhás eacnamaíoch na cathrach amach anseo trí threochtaí nua eacnamaíocha a thuiscint agus freagairt dóibh	3.2.1 Athbhreithniú ar Chathair Bhaile Átha Cliath: Forbairt Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn 2018 – 2021	Rinneadh athbhreithniú ar Chathair Bhaile Átha Cliath Rinneadh athbhreithniú ar Forbairt Eacnamaíoch a Chur Chun Cinn 2018 – 2021 mar chuid de Straitéis Forbartha Eacnamaíche: Forbairt Eacnamaíoch a Stiúradh 2022-2024. Cuirtear an straitéis chun feidhme trí phleananna gníomhaíochta bliantúla a nuashonraítear go ráithiúil chun dul chun cinn a rianú.

Spríoc 3

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	3.2.2 Tacaíonn an Oifig um Fhorbairt Gheilleagrach le CBS um Fhorbairt Geilleagair agus Fiontraíocht chun réimsí a aithint lena mbreithniú agus tionscadail taighde chomhoibritheacha le hinstiúidí tríú leibhéal.	The Economic Development and Enterprise SPC is supported by the Economic Development Office to identify areas for consideration and collaborative research projects with third level institutions.
	3.2.3 Monatóir ráithiúil Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath a fhoilsiú	In éineacht leis na trí DEM ráithiúla, foilsíodh agus cuireadh Innéacs Ráithiúil na mBainisteoirí Ceannaigh (PMI) agus Spending Pulse chun cinn in 2023. Foilsíodh trí fhíseán cloigne cainte agus 13 alt léargais ar www.dublineconomy.ie. Cuirtear sonraí inrochtana ar fáil ar an suíomh gréasáin ar a ndéantar cothabháil gach mí. Tá méadú tar éis teacht ar an trácht ar an suíomh gréasáin ó rinneadh an t uasghrádú, ó 5,000 in aghaidh na bliana go dtí 16,400 in aghaidh na bliana. Le 12 mhí anuas, tá méadú 20% tagtha ar shíntiúis chuig an liosta seoltaí, go dtí 334. Ba é tacar sonraí FDI nua téama an imeachta bhliantúil i mí an Mheithimh, agus foilseofar é ar leithligh ar bhonn ráithiúil.
3.3 Iomaíochas Réigiún na Cathrach a neartú trí chomhoibriú leanúnach lenár n-údaráis chomharsanachta agus tógáil ar ár naisc idirnáisiúnta	3.3.1 An chathair a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar áit chun infheistíocht a dhéanamh, cuairt a thabhairt uirthi agus cónaí ann trí Dublin.ie	Choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath OCO Global and Eutopia chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBranda 'Dublin Place' agus chun straitéis a fhorbairt do threo an tionscadail amach anseo. Tar éis próiseas láidir rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, forbraíodh Straitéis agus Plean Gníomhaíochta chun tacú le cur chun feidhme. Seachadadh feachtas cultúir leis an tiománaí branda nua 'Always', a chuir réimse roghanna cultúir chun cinn le linn an tsamhraidh.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	3.3.2 Na naisc lenár bPríomhchathracha atá ann cheana a neartú trí thionscnaimh agus malartuithe comhthairbheacha agus gníomhú mar chéad phointe teagmhála do thoscaireachtaí cuairte cathrach, gnó agus rialtais	- Síníodh meabhrán tuisceana ceithre bliana le Cathair Dublin Ohio ar an 15/3/2023 - Síníodh Comhaontú Cairdis ceithre bliana le Cathair Shúl, Poblacht na Cóiré, ar an 16/3/2023 - Comhaontaíodh bunú Comhaontaithe Cairdis le Cathair Ramallah sa Phalaistín ag cruinniú den Choiste Prótacal a reáchtáladh ar an 29 Meitheamh. - Bhí Ardmhéara Bhaile Átha Cliath i gceannas ar thoscaireachtaí den Chomhairle Cathrach a thaistil go San Jose, Leipzig, Páras, an Bhruiséil, Nua-Eabhrac agus Súl - Cuireadh fáilte roimh thoscaireachtaí ó Chathracha Idirnáisiúnta lena n áirítear Dublin Ohio, Súl, Cleveland Ohio, Savannah Georgia agus Leipzig - Rannpháirtíocht dhearfach leantach le Eurocities
	3.3.3 Plean Fiontar Réigiúnach Bhaile Átha Cliath a athbhreithniú go dtí 2020	Tá an gníomh sin críochnaithe anois. Tá Plean Fiontar Réigiúnach Bhaile Átha Cliath go dtí 2024 ar bun. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag stiúradh nó ag seachadadh 20 den 26 gníomh a leagtar amach sa phlean.
	3.3.4 Leanúint ar aghaidh le bheith i gceannas ar Chomhpháirtíocht Bithsféar UNESCO Chuan Bhaile Átha Cliath chun éiceathurasóireacht agus spriocanna forbartha a bhaint amach	Shínigh naoi ngnólacht Cairt Ghnó Bithsféir Chuan Bhaile Átha Cliath. Thacaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le tionscadal URBACT a dhírigh ar Chathracha a Thacaíonn le Turasóireacht, chuir sí tacaíocht ar fáil do dhá imeacht gnó turasóireachta a dhírigh ar thurasóireacht inbhuanaithe agus d'eagraigh sí turais treoshuimh ar Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath le hionadaithe ó Fháilte Éireann. Lean físeáin, chun Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn, ar aghaidh ar na hardáin meán sóisialta agus feachtas Iarnród Éireann chun an bithsféar a chur chun cinn ar Mhearlín Átha Cliath. Cuireadh feachtas póstaer ar taispeáint ar bord Thurais Taiscéalaíochta Bhaile Átha Cliath Bhríde, lena tarraingíodh aird ar oidhreacht agus bithéagsúlacht Chuan Bhaile Átha Cliath.

Spríoc 4

Borradh dlúth a chur chun cinn le bonneagar ceangailte

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

4.1 Ról ceannaireachta a ghlacadh i gcomhoibriú le comhpháirtithe cathrach chun córas iompair phoiblí níos comhtháite a leathnú agus a thógáil sa chathair

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

4.1.1 Oibriú le Bonneagar Iompair Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun MetroLink a chur chun cinn agus chun an tionscadal Bus Connects a éascú

4.1.2 Bonneagar rothaíochta a sheachadadh mar chuid de Nascann Bus agus chun nascadh le MetroLink

4.1.3 Staidéar Iompair Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a sheachadadh chun fás ar iompar poiblí paisinéirí agus ar mhodhanna gníomhacha a chumasú

DUL CHUN CINN IN 2023

Chuir an Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach aighneacht chuimsitheach isteach maidir leis an tionscadal MetroLink atá beartaithe, mar chuid den aighneacht iomlán a chuir an Chomhairle Cathrach chuig an mBord Pleanála.

Le linn 2023 bhí Pleanáil Iompair i dteagmháil go rialta le TII agus NTA chun a n ionchur sa phróiseas bainistíochta forbartha a chinntiú ionas go dtabharfadh suíomhanna forbartha nua ar fud na cathrach aird ar thionscadail Bus Connects agus MetroLink agus go ndéanfaidís foráil dóibh ó thaobh spáis de.

Cuireadh aighneachtaí le chéile maidir le conairí uile Bus Connects. Tá rolladh amach na stadanna bus agus na n athruithe ar shocruithe tráchta i lár na cathrach ag dul chun cinn agus is é droim F an chéad droim eile a rollfar amach. Tá an próiseas aighneachta le haghaidh MetroLink curtha i gcrích agus tá coinne le héisteacht béil anois.

Aighneachtaí curtha isteach maidir le conairí uile Bus Connects agus teagmháil leantach agus chasta leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir leis na dearáí.

Oibreoidh an Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach go dlúth leis an Roinn Tráchta agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun comhtháthú iomlán le Tionscadail um Thaisteal Gníomhach a chinntiú, a thagann le chéile ag suíomhanna áirithe amhail Sráid Ghairdinéir, Plás Beresford agus Sráid an Phiarsaigh.

Foilsíodh an dréachtphean do lár na cathrach i mí Mheán Fómhair 2023 agus tá comhairliúchán poiblí neamhreachtuil fós ar siúl.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

4.2 Raon roghanna taistil malartacha agus éiritheacha a sholáthar agus tacú leo, dírithe go háirithe ar rothaíocht agus siúl

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

4.2.1 Moltaí Chathair Bhaile Átha Cliath ó Lónra Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm

4.2.2 Méadú ar an méid spáis do choisithe i lár na cathrach agus a chinntiú go bhfuil sé ar ardchaighdeán

DUL CHUN CINN IN 2023

Tá an Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach ag obair ar 210km de bhonneagar rothaíochta, siúil agus rothaithe ardchaighdeán a sheachadadh laistigh de Lónra Taistil Ghníomhaigh foriomlán Bhaile Átha Cliath. Bhí naoi dtionscadal in iomlán ann in 2023 lenar bhain gníomhaíocht tógála agus bhí 14.36km i gceist leo. Tá breis agus 25 scéim bhreise ar chéimeanna éagsúla deartha faoi láthair agus tá sé beartaithe go dtosófar ar an gcéim foirgníochta i níos mó tionscadal in 2024.

I rith 2023 chinntigh Pleanáil Iompair gur cuireadh spás in áirithe ar shuíomhanna forbartha príobháideacha ar fud na cathrach do thionscadail rothaíochta tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha.

Tá sé beartaithe le tionscadal PWBO um Ghlasbhealach agus Athchóiriú Abhainn Sheantraibh glabhealach a sholáthar feadh chonair Abhainn Sheantraibh. Tá an tionscadal seo ag céim an réamhdhearaidh faoi láthair.

Tá feabhsú Shráid Chéipil ar son rothaíocht níos sábháilte ar bun faoi láthair, agus aithnítear deich suíomh ar fud na cathrach ina bhféadfaí an spás do choisithe a mhéadú.

I rith 2023, chinntigh Pleanáil Iompair gur sholáthair forbairtí príobháideacha ar fud na cathrach spás méadaithe do choisithe agus ríocht phoiblí ardchaighdeán mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha. Tá cuid den fhoireann ina n ainmnithe do struchtúr corparáideach na Ríochta Poiblí agus d'oibrigh siad go réamhghníomhach i rith 2023 chun oibriú ildisciplíneach, comhoibríoch a chur chun cinn i dtreo chur i bhfeidhm na ríochta poiblí.

Sprioc 4

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

DUL CHUN CINN IN 2023

4.2.3 Úsáid moil
soghluaisteachta
a chur chun cinn
agus comhtháthú
na modhanna
inbhuanaithe go léir i
socrú Soghluaisteachta
mar Sheirbhís

Le linn 2023, d'fhorbair Pleanáil Iompair straitéisí soghluaisteachta comhtháite, i gcomhar le forbróirí, do shuíomhanna móra forbartha/cheathrúna cathrach nua ar fud limistéar na Comhairle Cathrach. Áiríonn na straitéisí seo soláthar moil soghluaisteachta a sholáthraíonn sraith chomhtháite seirbhísí agus áiseanna lena n-áirítear scéimeanna roinnte gluaisteán agus rothar, táillí EV agus R-rothar. Cuireadh straitéis chomhchosúil san áireamh ag suíomh Bhóthar Emmet ar tugadh cead pleanála ina leith le déanaí. Tá an tsamhail sin beartaithe le bheith ina heiseamláir amach anseo.

Bunaíodh mol soghluaisteachta i bhFionnghlas agus bhíothas i dteagmháil leis an Udarás Náisiúnta Iompair maidir le scéim 'soghluaisteacht ar éileamh' (MAAS) a sholáthar do Bhaile Átha Cliath.

4.2.4 Leanúint le forbairt
ár gcórais iompair
éirimiúla agus le
húsáid cinnteoireachta
sonraí-tiomáinte le
haghaidh pleanáil
iompair, ag ionchorprú
ionsamhlúchán
cathrach beagnach fíor-
ama, córais tosaíochta
bus agus SCATS

Tá an córas SCATS á leathnú agus réigiún eile á chur leis, agus tá na bogearraí Cornerstone breise á gcur leis na córais ITS ar mhaithe le hionadú geografach níos fearr agus an cumas chun córais ITS chomhoibritheacha a úsáid.

Tugadh cuairt staidéir ar Shúl sa Chóiré Theas chun foghlaim faoi Chóras Faisnéise Iompair Rialtas Meitreapholaiteach Shúl (TOPIS), áit ar cuireadh leis an eolas a bhí againn maidir leis an tionscadal seo a chur i bhfeidhm.

4.3 Treoir agus
fís a sholáthar
maidir le soláthar
bonneagair
dhigitigh le cur
ar chumas na
cathrach leas
a bhaint as na
deiseanna a
sholáthraíonn an
teicneolaíocht atá
ag teacht chun
cinn

4.3.1 Bonneagar
teileachumarsáide
agus ard-acmhainne
TFC a spreagadh
agus a éascú i
suíomhanna cuí ar fud
na cathrach mar mhodh
chun iomaíochas
eachnamaíoch a
fheabhsú agus chun
cur le gluaiseacht
inbhuanaithe trí laghdú
ar an ngá le taisteal.

Tá an próiseas soláthair curtha i gcrích agus tá conradh ar bun anois chun Bainistíocht Teileachumarsáide agus Seirbhísí Gaolmhara a sholáthar do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is cur chuige uile-chathrach é sin lena gcuimsítear Ceantar na nDugaí agus leanfar den bhonneagar reatha a bhainistiú agus den líonra a fhorbairt chun éilimh na cathrach a shásamh sa todhchaí.

- Mol an tSaoránaigh – Tá Próiseas Iarratais ar líne Alt 254 beo anois
- Táthar ar tí an tógáil a thosú chun Bonneagar Teileachumarsáide a chur ar dhíon Ionad Pobail an Bhaile Bhoicht
- Tá an t athbhreithniú ar chártaí ráta Teileachumarsáide fós ar siúl

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		- Sonraí agus mapáil Sócmhainní ar siúl go leanúnach – chun cabhrú le húsáid straitéiseach sócmhainní le haghaidh gnóthú costas - Plean Cumarsáide á fhorbairt, lena n áirítear athbhreithniú ar an suíomh gréasáin, físeáin eolais agus beochan - Coinníoll Pleanála agus Snáithín do na Treoirlínte Baile arna ndréachtú chun rochtain oscailte a chinntiú laistigh d'Il aonaid Teaghaise
	4.3.2 Na Dugthailte Cliste a chomhdhlúthú mar leaba tástála do thionscnaimh nua a bhaineann le teicneolaíocht	Rinneadh Clár na nDugaí Cliste a shíneadh go dtí deireadh na bliana 2025 agus leantar de thacú le nuálaíocht agus treoirthionscadail leis faoi théama na nascachta digití ar fud an cheantair. I gcaitheamh na bliana, thug breis agus 500 rannpháirtí faoin turas nuálaíochta 'Ceantair Chliste na nDugaí' ina léirítear forbairtí cathrach agus teicneolaíochta cliste ar fud an cheantair. Bronnadh an áit airgid ar an gclár 'Academy of the Near Future' (ANF) sa chatagóir 'Dírithe ar an Duine' ag Duais Chathair Chliste Shúl sa Chóiré Theas. Is tionscnamh comhoibríoch é ANF idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus CONNECT, an Lárionad Taighde SFI le haghaidh Líonraí sa Todhchaí ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun feasacht a mhúscailt faoi Chathracha Cliste agus chun rannpháirtíocht níos leithne a spreagadh in idirphléití faoin tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar ár gcathracha. Le linn 2023 cuireadh 48 ceardlann ar fáil do 457 scoláire i 19 scoil chomhpháirtíochta. Bhain an clár 'Academy of the Near Future' an dámhachtain éagsúlachta agus ionchuimsitheachta amach ag Ardchaighdeán Feabhais Chambers Ireland sna Dámhachtainí Rialtais Áitiúla.
	4.3.3 Úsáid a bhaint as an mbonneagar digiteach atá ann cheana féin agus as an nua lena chinntiú go n-oibrítear na príomhchonairí isteach sa chathair ar bhealach nasctha ITS chun conairí bainistithe a sholáthar do bhusanna agus chun gluaiseacht shábháilte agus éifeachtach a chinntiú.	Chuir an gá le bonneagar digiteach chun trácht a bhainistiú leis na riachtanais go léir a bhaineann le conairí Bus Connects agus tá obair ar siúl chun córas DPTIMS a uasghrádú do chóras AVL den chéad ghlúin eile.

Sprioc 4

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	4.3.4 Foinse dhigiteach iontaofa a chur i bhfeidhm le haghaidh feithiclí nasctha agus uathrialaitheacha agus chun a chinntiú go bhfuil léarscáiliú digiteach ardchaighdeán ann	Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gComhairle Cathrach ar na féidearthachtaí agus na dúshláin a bhaineann le feithiclí uathrialaitheacha agus feithiclí nasctha agus tá an Chomhairle mar chuid de ghrúpa oibre CAV leis an Roinn Iompair.
4.4 Dlúis inbhuanaithe a spreagadh agus a éascú agus an úsáid is fearr a bhaint as talamh tearcúsáidte, folamh agus athfhorbraíochta	4.4.1 Plean Forbartha na Cathrach agus Pleananna Limistéir Áitiúil gaolmhara a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm chun an úsáid is fearr a bhaint as talamh na cathrach le haghaidh forbartha sa todhchaí	Tá an Plean Forbartha, na Criosanna Forbartha Straitéisí, agus na Pleananna Ceantair Áitiúil a gcur i bhfeidhm tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha agus le Cistiú um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Leanann an cur i bhfeidhm ar Phleananna Ceantair Áitiúil Bhaile Munna agus Úllord na Silíní, ag obair go tras rannach chun na cuspóirí a bhaint amach de réir mar a théann céimeanna forbartha na gceantar seo ar aghaidh. Faoi Ghairm 1 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach, fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas maoiniú don Chreat Straitéiseach, máistirphlean neamhreachtúil atá dírithe ar 700 heicteár atá suite ar cheantair Bhóthar an Náis/ Inse Chór / Pháirc an Iarthair. In 2023 cuireadh tús leis an obair ar 26 gníomh an Chreata Straitéisigh a chur chun cinn, lena n áirítear éagsúlú ar an bPlean Forbartha a chur i bhfeidhm chun comhsheasmhacht a chinntiú le cuspóirí um chriosú maidir le húsáid talún. Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoi Ghairm 2 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach, gealltanais maoinithe de €174.3 milliún i dtacaíocht chaipitil do dhá scáth thionscadal, ceann amháin i gCeantar Coincheapa Thuaisceart na Cathrach agus an ceann eile i gCeantar Coincheapa Dheisceart na Cathrach. Eascraíonn 23 tionscadal uathu sin. Fuair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faomhadh le haghaidh na Réamhchásanna Gnó agus chuir sí tús le pleanáil agus dearadh mionsonraithe i ndáil leis na tionscadail, lena n áirítear Leabharlann nua na Cathrach agus an Cheathrú Chultúrtha ag Cearnóg Parnell.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	4.4.2 Athfhorbairt Chrios Forbartha Straitéisí na nDugthailte, na Limistéir Forbartha Straitéisí agus Athghiniúna a éascú agus a thiomáint agus athfhorbairt chuí ar bhainc talún tionsclaíochta.	Lean Oifig Cheantar na nDugaí agus an Grúpa Maoirseachta den Chrios Forbartha Straitéisí a chur i bhfeidhm. Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm na gCeantar Forbartha Straitéisí agus Athghiniúna tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha agus trí ghrúpaí stiúrtha idir rannacha. Luadh an Máistirphlean do Bhaile Shéamais agus Fionnghlas ag cruinniú na Comhairle i mí Iúil. Cuirfear tús le héagsúlú ar an bPlean Forbartha chun bonn reachtúil a thabhairt don Mháistirphlean i mí Dheireadh Fómhair 2023. Eagraíodh comhairliúcháin poiblí réamhdhréachta ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Bhogáin ón 28 Aibreán go dtí an 9 Meitheamh 2023. Tá tuilleadh comhairliúcháin le húinéirí talún, grúpaí ógra agus pobail sceidealta do R4 2023. Lean oifig na nDugthailte agus an grúpa maoirseachta ar aghaidh ag cur SDR6 agus SDZanna i bhfeidhm. Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm SDRanna tríd an bpróiseas bainistíochta forbartha agus trí ghrúpaí stiúrtha idir-rannacha. I mí Lúnasa 2023, cuireadh tús le hathfhorbairt Shean Oifig Cheantar na nDugaí chun dhá fhoirgneamh nua a chur ar fáil ag Taobh na Cé, Cé Theach an Chustaim. Leis an bhforbairt chorrailtheach seo, soláthrófar Lárionad Spóirt Uisce nua de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun gníomhaíochtaí uisce ar an Life a chur ar fáil don chathair, mar aon le spás ríochta poiblí feabhsaithe go luath in 2025. Leanann Oifig Cheantar na nDugaí de phleanáil dearaidh maidir le cosaint ar thuilte agus ríocht phoiblí fheabhsaithe ar Ché Sir John Rogerson i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Sprioc 4

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

DUL CHUN CINN IN 2023

	4.4.3 An úsáid is fearr de thalamh agus d'fhoirgnimh a chur chun cinn, lena n-áirítear príomhláithreáin faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, trí chur chuige gníomhach bainistíochta talún agus bainistiú éifeachtach ar phunann maoine tráchtála na Comhairle Cathrach.	Foilsíodh léarscáil fhorlíontach an 28 Aibreán 2023 ina léirítear na tailte a thagann faoi chuimsiú na Cánach ar Thalamh Criosaithe Cónaithe (RZLT). Cuireadh 36 aighneacht isteach i gcoinne tailte áirithe a bheith curtha san áireamh. Rinne an Roinn Pleanála measúnú orthu sin agus eisíodh Fógraí faoi Chinntí. Léireoidh léarscáil deiridh toradh chéimeanna na ndrúacht-léarscáileanna agus na léarscáileanna forlíontacha agus foilseofar í an 1 Nollaig 2023 agus tiocfaidh an cáin i bhfeidhm faoi mhí Feabhra 2024. Tagann an Grúpa Stiúrtha um Bainistiú Gníomhach Talún le chéile gach dhá mhí agus bhí cúig chruinniú acu go dtí seo, agus an séú ceann sceidealaithe do mhí na Nollag 2023. Bhí trí Athbhreithniú Cíosa, 27 Diúscairt Feo Shimplí, 48 Diúscairt Ceadúnais agus ocht nDiúscairt Léasa déanta faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2023. Leanadh leis an straitéis fála aonaid i ndáil le Láithreáin Thréigthe.
	4.4.4 Maireachtáil i lár na cathrach a spreagadh trí chónaí ar ardchaighdeán a chur chun cinn	Cuirtear tacaíocht ghníomhach ar fáil do Thionscnamh na Cathrach Beo agus do thograí eile a chuireann úsáid chónaithe urlár uachtarach folamh d'fhoirgnimh thráchtála chun cinn i lár na cathrach.
4.5 Ár bhfearann poiblí a chothabháil agus a fheabhsú, ag soláthar sraith de spásanna poiblí agus de naisc ardchaighdeán atá nasctha agus inrochtana go huilíoch	4.5.1 Bonneagar sráide agus cosáin na cathrach, soilsiú poiblí agus troscán sráide a chothabháil agus a bhainistiú chun fearann poiblí sábháilte, inrochtana agus ardchaighdeán a chinntiú do chách.	Rinneadh an Córas TAMS a chomhtháthú le Mol an tSaoránaigh agus tá tionscadal eile ar bun chun an CMS nua do Shoilsiú Poiblí agus an córas ceadúnas oscailte bóthair náisiúnta a chomhtháthú freisin. Réitigh Seirbhísí Cothabhála Bóithre beagnach 4,000 fiosrúchán ó chustaiméirí agus iarratas ar sheirbhís i rith na tréimhse ó mhí Eanáir 2023 go mí Mheán Fómhair 2023 agus rinneadh 4,100 fabht agus guais ar an líonra bóithre a dheisiú. Deisíodh thart ar 350 fabht criticiúil agus guais agus/ nó rinneadh sábháilte iad laistigh de 24 uair an chloig ón tráth a taifeadadh iad. Bhí 40% de Chlár Oibre Bliantúil na Seirbhísí Cothabhála Bóithre le haghaidh 2023 curtha i gcrích faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair. Tá obair níocháin araidí, péinteáil boscaí bruscair agus obair chothabhála ghinearálta ar siúl ar 3,500 bosca bruscair. 21

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		folúsghlantóir láimhe Glas Nua i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna 2023 chun tacú le scuabadh sráideanna. Tá tionscadal ar bun ar fud na cathrach chun an soilsiú poiblí a uasghrádú.
	4.5.2 An clár céimnithe tionscadal a chur i bhfeidhm i Máistirphlean Fearainn Phoiblí Lár na Cathrach 2016 – 2034	Rinneadh dul chun cinn leis na Tionscadail a aithníodh i Máistirphlean Lár na Cathrach: • Sráid na Life Uachtarach agus Íochtarach, Barra an Teampaill ar an láithreán agus Sráid Phroinsias curtha i gcrích. • Sráid Anna Theas, Sráid Lemon, Sráid an Diúic agus Sráid na Bearú faoi thairiscint tógála • Sráid na Mí agus Cearnóg na Leabharlainne, an Rinn curtha ar aghaidh go dtí Cuid 8. Leantar ag tacú le hinfheistíocht phríobháideach sa ríocht phoiblí trí Ghrúpa Bainistíochta Forbartha agus Ríochta Poiblí mar is cuí.
	4.5.3 Na moltaí athbhreithnithe do Phlás Fhaiche an Choláiste a chur chun cinn	
	4.5.4 An coincheap agus na próisis dearaidh a threorú do phríomhthionscadail bhonneagair droichid	Chuir Pleanáil Iompair comhairle agus ionchur pleanála ar fáil do Dhearadh & Tógáil Bóithre le linn 2023 ar phríomhthionscadail droichid. Cinntíonn oifig na dTionscadal Cosanta Tuilte nach méadaítear an riosca de thuille sa Chathair le haon tionscadal droichid nua.
4.6 I gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann, bonneagar Seirbhísí Uisce a bhainistiú agus a fheabhsú	4.6.1 An Comhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann a bhainistiú agus an clár oibre comhaontaithe a sheachadadh	Cuireadh Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe in áit an Chomhaontaithe Seirbhíse a bhí ann cheana maidir le bainistiú agus feidhmiú na Seirbhísí Uisce, chun an Creat do Sheirbhísí Uisce a Sholáthar Amach Anseo a chur i bhfeidhm. Ó mhí Mheán Fómhair 2023, ghlac Uisce Éireann freagracht iomlán as Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a Sholáthar. Leanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar aghaidh ag obair le hUisce Éireann chun an Máistir Chomhaontú a chur i bhfeidhm, faoi réir an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil ó Uisce Éireann agus ón Roinn.

Spríoc 5

Tacú le pobail ghníomhacha ionchuimsitheacha agus teagmháil a dhéanamh leo

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

5.1 Deis a thabhairt do dhaoine rochtain a fháil ar chaitheamh aimsire lasmuigh agus ar imshaoil nádúrtha trínár líonra páirceanna agus spásanna glasa a fheabhsú agus a leathnú

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

5.1.1 Straitéis Pháirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2017 – 2022 a chur i bhfeidhm

5.1.2 Leanúint le tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath chun rochtain inbhuanaithe ar na sléibhte a bhaint amach do shaoránaigh agus do chuairoteoirí go Baile Átha Cliath

DUL CHUN CINN IN 2023

Bhain Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an caighdeán cáilíochta idirnáisiúnta 'Dámhachtain Páirceanna an Bhrait Ghlais' amach do naoi bPáirc.

D'fhreastail an tArdmhéara ar oscailtí oifigiúla chun Páirc an Diamaint a athoscailt, in Oirthuaisceart Lár na Cathrach (NEIC) chomh maith le hoscailt páirce nua ag Siúlán San Séamas, i nDeisceart Lár na Cathrach, inar cruthaíodh deiseanna spraoi agus gairdín pobail. Rinneadh athfhorbairt ar spás oscailte a bhí ann cheana ag Sráid James Joyce, NEIC agus osclaíodh é mar Ghairdíní James Joyce.

Sheol Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath plean straitéiseach nua deich mbliana le tacaíocht ón gComhairle Cathrach.

5.2 Saoránacht ghníomhach i bpobail chathrach a éascú agus rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara

5.2.1 Tionscnaimh forbartha áitiúla agus cuimsiú sóisialta a fhorbairt tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil

Rinne Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath an méid seo a leanas:

- Thacaigh sé le hardú i leithdháileadh foriomlán bliantúil bhuiséad SICAP go €6,129,504 in 2023 (ó €5,950,975 in 2022)
- Ghlac sé le pleananna gníomhaíochta bliantúla SICAP agus athbhreithnithe lár bliana do gach ceann de chúig fheidhmeoir cláir Bhaile Átha Cliath agus thug faoi leathnú tiomnaithe ar SICAP chun freastal ar riachtanais reatha Dhídeanaithe na hÚcráine faoi €714,873 breise a fuarthas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) (ó €493,721 in 2022)
- Chuir sé tús leis na meastóireachtaí ar na tairiscintí SICAP a fuarthas le haghaidh chlár SICAP Bhaile Átha Cliath 2024-2028. Beidh na litreacha go léir eisithe chuig tairgeoirí rathúla/mírathúla faoi mhí na Nollag 2023

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		• Leantar d'Éire Shláintiúil Babhta 4 a rolladh amach • Leantar den chlár Pobail Shláintiúla Sláintecare, a fhaigheann maoiniú ón Roinn Sláinte, a rolladh amach i gceithre phobal i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tá Oifigigh Forbartha Áitiúla i dteagmháil leis na pobail sin chun cinntithigh shóisialta na sláinte a fheabhsú trí chur chuige um fhorbairt pobail a úsáid. • Cuireadh dlús faoi fhorbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) do Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuirfear tús leis an bpróiseas comhairliúcháin i mí na Samhna agus meastar go mbeidh an Plean réidh in earrach na bliana 2024. • Rinne sé Ciste Gníomhaíochtaí Pobail DRCD 2023 de €574,151 a riar agus dháil sé deontais ar 82 grúpa pobail agus deonach • Ghlac sé páirt i bhFóram Freagartha Pobail na hÚcráine de chuid na Comhairle Cathrach agus chuir sé sraith gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí ar fáil, lena n áirítear suíomh gréasáin Freagartha Pobail na hÚcráine agus imeacht gníomhaíochtaí teaghlaigh ilchultúrtha i mBaile Átha Cliath 8
5.2.2	Tacú le gníomhartha agus sainathin obair atá le dul chun cinn faoi Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath 2016 – 2021 agus plean nua a fhorbairt a gcuirfear tús leis in 2022.	D'oibrigh CFPÁ i gcomhar leis an CBS um Fhorbairt Geilleagair agus Fiontraíocht, agus bhunaigh siad Grúpa Comhairleach don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) do Bhaile Átha Cliath. Tháinig Grúpa Comhairleach LECP le chéile agus chomhaontaigh sé raon príomhcheisteanna téamacha lena mbreithniú, agus chuir sé an Ráiteas Socheacnamaíoch do Bhaile Átha Cliath agus na dréacht Spriocanna Ardleibhéil ar fáil. Cuirfear tús leis an bpróiseas comhairliúcháin i mí na Samhna 2023.

Sprioc 5

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	5.2.3 Rannpháirtíocht a neartú trí fhorbairt a dhéanamh ar an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus ar Chomhairle na nÓg	• Rinneadh comhaontú seirbhíse PPN a athbhreithniú agus a fhaomhadh • Maoiniú breise don lámhleabhar “Conas é a Dhéanamh” • Gníomhairí gníomhacha PPN sa chomhairliúchán maidir le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail • Tugadh spreagadh do bhaill a bhain leas as Deontais Phobail chun bheith ina mbaill den PPN Tá 63 Comhalta Tofa ó Chathair Bhaile Átha Cliath atá idir 11 bhliain d’aois agus 17 mbliana d’aois i gComhairle na nÓg. Bhí bliain rathúil de rannpháirteachas agus forbairt ag Comhairle na nÓg CCBÁC faoina téama do 2023 ‘Stiogma an Mhíostraithe’.
	5.2.4 Tógáil pobail áitiúil a chumhachtú agus a neartú trínár gcláir forbartha pobail agus rannpháirtíochta	Chuir CFPÁ an Clár um Cheannaireacht Áitbhunaithe ar fáil, arna mhaoiniú ag DRCD, mar aon leis an gClár um Pobail a Chumasú agus na Tionscadail Forbartha Pobail agus an Feachtas Drugaí ar fud na Cathrach do Bhaile Átha Cliath in 2023. Osclaíodh Scéim Deontais Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2023 le haghaidh iarratais ar líne i mí Iúil 2023. Tá moltaí á gcur faoi bhráid chruinnithe na gcoistí ceantair áitiúil faoi láthair ionas go gcuirfí san áireamh iad agus beidh siad faoi réir faomhadh ag comhaltaí na Comhairle Cathrach ag cruinniú na Comhairle Cathrach i mí na Samhna.
	5.2.5 Cuir ár gcomhairliúcháin phoiblí ar fad ar fáil ar mhol comhairliúcháin ar líne na Comhairle Cathrach, agus i bhformaidí traidisiúnta chomh maith	Eisíodh 88 comhairliúchán poiblí agus inmheánach in R1–R3 2023, agus bhí breis agus 15,500 cumarsáid le baill den phobal, Comhaltaí Tofa agus baill foirne. Bhí 25 díobh sin ina gcomhairliúcháin reachtúla, a bhain le cúrsaí pleanála den chuid ba mhó. Ba iad na trí chomhairliúchán phoiblí ba mhó ó thaobh líon na bhfreagraí de ná Leabhar Comhbhróin Shinéad O’Connor (2,816 freagra); an Suirbhé ar an Straitéis Páirceanna (1,508 freagra); Plean Spóirt Chathair Bhaile Átha Cliath (1,267 freagra).

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA**STRAITÉIS TACAÍOCHTA****DUL CHUN CINN IN 2023**

Tá uirlis comhairliúcháin nua á haimsiú faoi láthair agus beidh sí i bhfeidhm faoi R4. Eagraíodh comhairliúchán fairsing chun faisnéis a fháil faoi riachtanais lena n áirítear agallaimh le baill foirne ar fud na Comhairle, Comhairleoirí, baill den phobal, eagraíochtaí toirmisce, duine acadúil agus iriseoirí. Rinneadh athbhreithniú freisin ar uirlisí a úsáideann comhlachtaí poiblí eile chun gnéithe a shainaithint a chuidíonn le rannpháirtíocht. Tá treoirlínte dea chleachtais á bhforbairt chomh maith chun feabhas a chur ar an bpróiseas comhairliúcháin.

D'oscail Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath próiseas tairisceana le haghaidh dearthóir seirbhíse agus d'fhostaigh sí dearthóir seirbhíse chun próiseas nua comhairliúcháin agus rannpháirtíochta a dhearadh d'Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas. Bhí an próiseas sin idir Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas agus an Chomhairle Cathrach forbartha faoi mhí na Bealtaine 2023 agus dearfar plean cur chun feidhme corparáideach in R4 2023 agus R1 2024. Áirítear leis sin an cuspóir de chinntiú go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt don phróiseas comhairliúcháin le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas san uirlis comhairliúcháin nua agus go ndéanfar an t eolas go léir ón bpróiseas comhairliúcháin a thaifeadadh agus go mbeidh gach Foireann Tionscadail in ann teacht air.

5.2.6 Bainistigh an t-ardán
Your Dublin, Your
Voice chun tuairimí
daoine a fháil ar raon
saincheisteanna

Rinneadh trí shuirbhé ar Chultúr, Turasóireacht agus an Geilleagar Istoiche, rinneadh anailís orthu agus scaipeadh iad faoi R3 2023. Is é 4,600 uimhir an phainéil YDYV faoi láthair.

Sprioc 5

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
5.3 Cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht a chur chun cinn trí oibriú le grúpaí ar fud gach earnála den phobal agus trí chumhacht a thabhairt dóibh	5.3.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar na Straitéisí um Chuimsiú Sóisialta, Lánpháirtíocht agus Aoisbhá	Rinneadh athbhreithniú ar an gCreat Doiciméad um Chuimsiú agus Lánpháirtíocht Shóisialta chun comhleanúnachas leis an mbeartas náisiúnta nua a chinntiú. I measc na ngníomhartha nua do 2023 bhí: - Seachtain Ionchuimsithe agus Lánpháirtíochta Chathair Bhaile Átha Cliath athbhreithnithe agus leathnaithe - Comhoibriú le Misean na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Imirce go hÉirinn de chuid na Náisiún Aontaithe ar Thuarascáil Tháscairí Rialachais Imirceach (MGI) Chathair Bhaile Átha Cliath - Comhoibriú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le himeacht suaitheanta chun Lá na hAfraice a chomóradh - Comhoibriú le hOifigí Ceantair Áitiúil, Ionadaithe Tofa agus daoine eile maidir le príomh imeachtaí áitiúla a chur ar bun chun dul i ngleic le bolscaireacht frith inimirce
	5.3.2 Spásanna fáilteacha agus cuimsitheacha a sholáthar do gach duine ar fud líonra na leabharlann poiblí	- Leabharlann phoiblí nua curtha i gcrích agus oscailte i sráidbhaile Fhionnghlaise i mí Mheán Fómhair 2023 - Tá an dara suíomh 'Mo Leabharlann Oscailte' ag oibriú anois ag Leabharlann Ráth Eanaigh - Cuireadh tús leis na hoibreacha chun Mo Leabharlann Oscailte a chur ar fáil ag Leabharlann Inse Chór, Dún Richmond faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023 - Cuireadh leithris phoiblí agus athchóirithe eile i gcrích ag Leabharlann Mheal Charleville go luath in 2023, le maoiniú ó NEIC; déanfar feistiú iomlán na seilfeanna nua agus an phéinteáil a chur i gcrích i Leabharlann Bhaile Munna faoi dheireadh 2023 - Tá pleananna ar bun chun díon Leabharlann Mheal Charleville a athsholáthar go hiomlán agus tosófar ar an obair sin in 2024. Caithfear iarratais Chuid 8 a chur isteach faoi dheireadh 2023 i ndáil leis an leabharlann nua i gCromghlinn/nDroimeanach agus an síneadh/atógáil ar na leabharlanna sa Rinn agus i dTír an Iúir

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	5.3.3 Leanúint le láithreáin agus foirgnimh chuí a sholáthar le haghaidh úsáid an phobail	Leanann an rannóg um Bainistiú Réadmhaoine ar aghaidh ag cur áiseanna cuí ar fáil d'úsáid an phobail i gcomhairle leis na hOifigí Ceantair agus Rannóga eile. Tugadh breis agus 275 foirgneamh pobail do ghrúpaí éagsúla chun seirbhísí a sholáthar, trí chomhaontuithe léasa agus ceadúnais. Cuireann na grúpaí sin go léir seirbhísí ar fáil don phobal agus tá siad scaipthe ar fud réimsí amhail na healaíona, sláinte agus folláine, crèche/cúram leanaí, eagraíochtaí reiligiúnacha agus carthanachta, agus grúpaí spóirt. Is éard atá i gceist le teagmháil rialta leis na grúpaí sin deisiúcháin tiarnaí talún ar a bhfoirgnimh, athnuachaintí léasa/ceadúnais agus athbhreithnithe cíosa.
5.4 Sláinte agus folláine pobal ar fud na cathrach a fheabhsú trí rochtain ar rannpháirtíocht i spóirt, caitheamh aimsire agus gníomhaíocht shláintiúil a mhéadú	5.4.1 Athbhreithniú STRIDE: 2017–2020, Straitéis Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath	Tá Plean Spóirt Chathair Bhaile Átha Cliath nua á fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar gach gné dár seirbhísí, ó shaoráidí go dtí acmhainní foirne, cláreagrú, gníomhachtuithe agus inrochtaineacht. Le cur i bhfeidhm an phlean spóirt, déanfar comhardú ar sholáthar seirbhísí i ndáil le sláinte agus folláine pobal ar fud na cathrach.
	5.4.2 Straitéis nua Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm	Foilsíodh Straitéis Súgartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2027, 'Gach Áit, Lá ar Bith, Is Féidir Leat a Bheith ag Súgradh'.

Sprioc 6

Beatha chultúrtha bheoga a chothú

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

6.1 Stair, cultúr agus traidisiúin liteartha na cathrach a cheiliúradh agus a chur chun cinn chun cur lena luach d'fhéiniúlacht na cathrach, don tsochaí agus don gheilleagar

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

6.1.1 Libraries Unlimited: Treo Straitéiseach do Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath 2019-2023 a chur i bhfeidhm

6.1.2 Plean straitéiseach trí bliana nua do Chathair Litríochta UNESCO 2020 – 2022 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

DUL CHUN CINN IN 2023

Tá an cur i bhfeidhm ag dul ar aghaidh le fócas ar uasghrádú brainsí, ar rochtain a sholáthar ar theicneolaíochtaí nua agus ar spásanna déantóra ar fud an líonra brainsí.

Leanann Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath den chóras bainistíochta leabharlainne náisiúnta a bhainistiú agus tá an deasc chabhrach náisiúnta don chóras á bainistiú ag foireann na leabharlainne. Tá comhairliúchán poiblí roimh an gcéad phlean forbartha leabharlainne cúig bliana eile á phleanáil faoi láthair.

Bhí an feachtas Baile Átha Cliath Amháin, Leabhar Amháin ar siúl i mí Aibreáin 2023 lenar cuireadh The Coroner's Daughter le Andrew Hughes chun cinn, agus spreagadh muintir Bhaile Átha Cliath chun an leabhar céanna a léamh an mhí sin agus tacaíodh le scríbhneoirí agus cuireadh chun cinn iad.

I measc na n imeachtaí bhí clubanna leabhar i bpearsa agus ar líne agus idirphléití seimineár gréasáin faoi fhóiréinsic, ficsean stairiúil, coirscéalta ficsin, an aimsir agus an t athrú aeráide agus bancharachair an spéisiúla.

Fógraíodh Katja Oskamp mar Bhuaiteoir Ghradam Liteartha Bhaile Átha Cliath 2023 (Aistritheoir: Jo Heinrich) i mí na Bealtaine ag an bhFéile Liteartha Idirnáisiúnta i bPáirc Chearnóg Mhuirfean.

Forbraíodh suíomh gréasáin nua agus feabhsaithe do Ghradam Liteartha Bhaile Átha Cliath chun dul in oiriúint do riachtanais an Ghradaim, agus chun cloí le caighdeáin inrochtaineachta agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Chomh maith le himeachtaí arna n óstáil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Leabharlanna Fhine Gall, Átha Cliath Theas, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Loch Garman, d'eagraigh Julianne Mooney ó Fhéile Leabhar Bhaile Átha Cliath trí imeacht – ag Acadamh Ríoga na hÉireann, Garraithe na Lus agus Dánlann Hugh Lane.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	6.1.3 Feasacht ar an nGaeilge a chur chun cinn agus a thacú agus a hionad uathúil agus a rannchuidiú le héagsúlacht chultúrtha ár gCathair a aithint	Le linn 2023 bhí rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán maidir le riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021. Ag cur le BÁC le Gaeilge agus i gcomhpháirtíocht le Conradh na Gaeilge, cuireadh tús le tionscnamh nua d'fhonn deiseanna a fhorbairt chun Gaeilge a labhairt sa chathair agus i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
	6.1.4 Ár gclár forbartha ealaíon a chur i bhfeidhm	- Dámhadh €100K i nDeontais Ealaíon chomharsanachta ar thionscadail ealaíne áirithe atá á bhforbairt sa phobal - Ealaíon Leanaí i Leabharlanna agus Moil Chruthaitheacha i Leabharlanna Bhaile Formaid agus na Cabraí - Tacaíocht fhíorthábhachtach d'Áiteanna Cruthaitheacha Dharndál, Clár Ceoil Chromghlinne, Axis, Baile Munna, clár Éire Ildánach Fhionnghlaise, Ceol a Chruthú i Scoileanna Deis
	6.1.5 Oidhreacht ailtireachta na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn agus dea-chleachtas caomhnaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear athúsáid oiriúnaitheach foirgneamh stairiúil	Bhí sraith léachtaí creidiúnaithe CPD 13 seachtaine 'Conserve Your Period House' ar siúl in 2023, lenar cuireadh dea chleachtas chun cinn, a eagraíodh i gcomhpháirtíocht le Cumann Seoirseach na hÉireann. Tionóladh siompóisiam dar teideal Exploring a Deep and Circular Retrofit Case Study agus seoladh acmhainn ar líne saor in aisce dar teideal Built to Last Energy Efficiency Renovation in Traditional Dublin Homes. Coimisiúnaíodh suirbhé fótagraiméadrach ar dhealbhóireacht phoiblí ar Shráid Uí Chonaill agus ar Fhaiche an Choláiste. Rinne an Roinn Caomhnaithe athbhreithniú ar 132 iarratas Alt 5, 161 aighneacht maidir le comhlíonadh agus 461 iarratas pleanála. Rinneadh 59 tionscadal a mhaoiniú faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (51) agus faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil (8).

Sprioc 6

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

DUL CHUN CINN IN 2023

6.1.6 Leanúint le stair agus oidhreacht uathúil Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí mhúscailt feasachta ar ár seandálaíocht Lochlannach agus Meánaoise, Deich mBliana na gCéad Bliain, tionscadail dhigiteacha agus imeachtaí eile, foilseacháin agus tionscadail chomhpháirtíochta.

6.1.7 Plean nua cúig bliana Oidhreacht Chathair Bhaile Átha Cliath 2020-2025 a ullmhú

6.1.8 Clár taispeántais den scoth de shaothair ealaíne náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag Dánlann Aodh Lána a choinneáil

Cuireadh tús le dhá ACA nua – Scéim Tithíochta na Tairisceana i mBaile Átha Cliath 8 agus Gairdíní Uíbh Eachach, Cromghlinn.

I measc bhuaicphointí na bliana bhí:

- Ionchur sa treo do Mháistirphlean Shráid San Werburgh
- Rannpháirtíocht le hOllscoil Aarhus / UrbNet chun modhanna agus teicnící nua a ghlacadh
- Freastalaíodh ar cheardlann de chuid thionscadal AHRC na Lochlannach Eabhrac Ais;
- Tionscadal Seandálaíochta Pobail San Anna
- Eagraíodh cainteanna Fhéile na Staire faoi stair na tithíochta d'iar sheirbhísigh i gCill Easra agus faoi thionóntáin Bhaile Átha Cliath
- Sheoil an tArdmhéara 'Spectral Mansions, the making of a Dublin Tenement, 1800–1914', leis an Dr Timothy Murtagh.

Tacaíodh le sé thionscadal náisiúnta de chuid Chiste na Séadchomharthaí Pobail (CMF), agus oibreacha caomhnaithe san áireamh.

An Dréachtphlean Deiridh ullamh. Rinneadh dátaí an Phlean Straitéisigh a leasú go 2023-2028. Rinneadh scagadh AA agus SEA. Cuireadh an comhairliúchán poiblí ar líne maidir leis an dréacht phlean agus na doiciméid scagtha i gcrích i mí na Bealtaine 2023. Fóram Oidhreacht Chathair Bhaile Átha Cliath a Thionól.

In 2023, bhí Dánlann Hugh Lane ina hóstach ar dhá thaispeántas le healaíontóirí Éireannacha ina ndearnadh scrúdú ar ról an mhúsaeim agus an stiúideo i gcleachtas ealaíne agus sa mór rath idirnáisiúnta.

- John Beattie dar teideal 'Reconstructing Mondrian'. Bhí clár rathúil imeachtaí agus léirmheasanna preasa ar siúl le Reconstructing Mondrian, mar aon le clár oideachais agus pobail iomlán a coimeádadh mar fhreagra ar an taispeántas.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		Ba thaispeántas suirbhé é Richard Gorman ‘Living through Paint(ing)’ le healaíontóir Aosdána Richard Gorman i gcomhpháirtíocht le Músaem Ealaíne Comhaimseartha Villa Croce, agus Músaem Ealaíne Oirthearach E. Chiossone in Genova na hIodáile. Osclaíodh Andy Warhol Three Times Out an 6 Deireadh Fómhair 2023 agus bhí an rath go deo air go hidirnáisiúnta. Déantar iniúchadh ar shaothar Andy Warhol leis an taispeántas, ag fiosrú ról an duine aonair i dtírdhreacha sóisialta-polaitiúla a bhíonn i gcónaí ag athrú agus ag atarlú. Tá Andy Warhol Three Times Out á chur le chéile le cúig bliana anuas agus tá saothair ann atá ar iasacht ó bhailiúcháin phríobháideacha agus comhpháirtithe idirnáisiúnta mór le rá, lena n áirítear an Warhol Museum in Pittsburgh, Pennsylvania, SAM.
	6.1.9 A chinntiú go ndéantar ár bhfoirgnimh chathartha, phoiblí agus oibríochtúla a bhainistiú ar bhealach a sholáthraíonn áiseanna den chaighdeán is airde don phobal agus a chothaíonn príomhfhoirgnimh stairiúla ar son an phobail.	Bhain líon suntasach saoráidí Spóirt de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Comhartha Q amach, a ndéanann Ireland Active monatóireacht agus athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Déanfar tuilleadh oibre chun an líon saoráidí a bhaineann an caighdeán creidiúnaithe náisiúnta sin amach a mhéadú. Ag cinntiú go bhfuil plean maith cothabhála ann do Halla na Cathrach, coinnítear an foirgneamh ag na caighdeáin is airde do chliaint, don phobal, do chomhairleoirí. Beidh forbairt an Bhunurláir Íochtaraigh curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana. Cuimsítear leis sin dhá sheomra páirtí do chomhaltaí tofa, dhá mhol cruinnithe agus limistéar beag i gcomhair comhdhálacha.

Sprioc 6

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
6.2 Éagsúlacht i rochtain ar na healaíona agus ar an gcultúr a chumasú chun deis a thabhairt do gach duine a bheith rannpháirteach	6.2.1 Éagsúlacht atá soiléir i gcláir reatha a shainaithint agus a dhoiciméadú agus liostaigh na deiseanna chun rochtain agus éagsúlacht a mhéadú	Dánlann Hugh Lane agus Create coimisiúnaithe d'ealaíontóir atá rannpháirteach go sóisialta leis an scannánóir Jijo Sebastian ag díriú ar phobal idirchultúrtha a fhorbairt le rannpháirtithe ó chúdraí éagsúla. Reáchtáil HLG ceardlanna faoi stiúir ealaíontóirí do leanaí gan dídean ó Thionscadal na bhFondúireachtaí agus d'óstáil sé an clár 'Déan agus Bí' (Make and Be) clár idirghabhála cultúrtha a raibh ealaíontóirí ón Úcráin á stiúradh ó mhí Feabhra go mí an Mheithimh do theaghlaigh ón Úcráin. Turais phearsanta agus tráchttaireacht fuaime ar líne eagraithe do dhaoine a bhfuil lagú radhairc nó lagú éisteachta orthu. Clár Sensory Wonders do leanaí a bhfuil uathachas orthu" Tacaíodh le cláir agus imeachtaí nua sna hEalaíona do lucht éisteachta/féachana a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus uathachas san áireamh. Maoiniú nua d'fhéile damhsa Afracaigh.
	6.2.2 Sceideal tionscadal agus clár oideachais rannpháirtíochta a sheachadadh a spreagann rannpháirtíocht sna hamharcealaíona i measc raon spriocghrúpaí	Tacaíonn Gailearaí LAB le Straitéis Amharcsmaointeoireachta (VTS) i scoileanna áitiúla agus ar fud na cathrach. Clár for rochtana Pobail agus Oideachais lenar áiríodh • Taibhléiriú Lá Fhéile Bríde 'Leave the Door Open' leis an ealaíontóir Isadora Epstein • Clár oideachais cruthaitheach agus cuimsitheach léirithe • Seimineár le haoichainteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta agus eile in éineacht le Andy Warhol Three Times Out • Comhoibriú le hIonad Scríbhneoirí na hÉireann maidir le léirmheastóireacht ar ealaín chomhaimseartha agus cúrsaí scríbhneoireachta faoi Warhol • Maidineacha Staidéir, Comhráite le Caife, Clubanna Cultúir, cúrsaí ar thuiscint don ealaín • Cláir idirbhliana, turais treoraithe, clár do theaghlaigh, Art and the Outdoors • Féile, clár le haghaidh Oíche Chultúir, cúrsaí Punainne, Scoil Samhraidh

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		- Sraith ‘Táthcheangal na nEalaíontóirí’, Clubanna Cultúir do Dhéagóirí, Club VTS Ag Breathnú ar Ealaín - Clár Luathbhlianta, clár Cruthaí Beaga do leanaí faoi bhun cúig bliana d’aois ó naíolanna, réamhscoileanna agus grúpaí tuismitheoirí agus leanaí óga i gcathair Bhaile Átha Cliath - Cónaitheacht Luathbhlianta ‘High Expectations’ leis an ealaíontóir Helen Barry i gcomhar le NEIC agus Teach Ozanam ‘We Can Can Can’ – tionscadal rannpháirtíochta pobail agus taispeántas ealaíne leis an ealaíontóir Liliane Puthod ag freagairt ar théamaí i gclár cleachtais ealaíne Warhol ‘Sensory Wonders’ do leanaí a bhfuil uathachas orthu - Clár ‘Déan agus Bí’ le sraith ceardlann faoi stiúradh ealaíontóirí in Úcráinis agus i nGaeilge freisin
	6.2.3 Clár fócasaithe cruthaitheach a sheachadadh ar fud bhunscoileanna uile Bhaile Átha Cliath a bheidh ag plé go díreach le bailiúchán ealaíne na cathrach	Tionscnaíodh clár bunscoileanna uile chathrach HLG i mí na Nollag 2018 agus tá a chúigiú céim curtha i gcrích anois. D’oibrigh sé le 83 bunscoil agus breis agus 2,300 leanbh go dtí seo. Ghlac 10 scoil agus 350 leanbh páirt i gCéim V in 2023.
	6.2.4 Spásanna leabharlainne a bheochan le clár imeachtaí ilchineálach agus cuimsitheach	Cuireadh an 4ú Mol Cruthaitheach ar bun sa Lárleabharlann i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Ealaíon agus rinne The Ark é a éascú. Cuireann an clár seo raon imeachtaí ar ardchaighdeán ar fáil do leanaí luathbhlianta agus leanaí bunscoile araon. Clár spriocdhírthe ar an Athrú Aeráide do leanaí, déagóirí agus daoine fásta lena n-áirítear ceardlanna aonair ina mínítear spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFI) agus maireachtáil inbhuanaithe do gach duine. Is cineál teanga comharthaíochta é ‘Lámh’ a úsáideann daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu in Éirinn. Ritheamar sraith ceardlann in “Little Lámh” i gcaitheamh na bliana agus bhí siad go léir lán. Reáchtáladh seisiúin “Story time through Lámh” i leabharlanna éagsúla.

Sprioc 6

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

DUL CHUN CINN IN 2023

IMRAM ná nÓg: I gcomhpháirtíocht le IMRAM, cuireadh mionfhéile de litríocht Ghaeilge do leanaí bunscoile ar fáil i 7 leabharlann i mí na Bealtaine EUNIC (Institiúidí Náisiúnta an Aontais Eorpaigh do Chultúr): tionscadal comhpháirtíochta lena dtaispeántar scannáin Eorpacha do lucht féachana níos forleithne trí líonra leabharlann.

Taispeántais chun Lá Saoire Bainc nua Imbloc/Lá Fhéile Bríde a cheiliúradh, ceoltóirí ó Fhleadh Laighean agus ceardlanna Spáis Cumadóra i Spás Cumadóra na Cúlóige chomh maith le Leabharlanna eile.

Comhoibriú leanúnach le Dánlann Hugh Lane chun cláreagrú a dhéanamh maidir leis an taispeántas Andy Warhol Three Times Out.

Tionscnamh comhpháirteach le Cathair Litríochta UNESCO Bhaile Átha Cliath agus CLG chun an leabhar litearthachta ‘Sky Blue Stars’ le Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath a fhoilsiú, mar aon leis an gcláreagrú lena mbaineann i gcomhpháirtíocht le Fighting Words.

6.3 Deis oideachais a éascú trí chláir agus trí mhaoiniú

6.3.1 Clár ilghnéitheach a sheachadadh ar fud líonra na mbrainsí leabharlainne le béim ar litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus ar thacú le gluaiseacht na déantóirí

- Tá seisiúin Litearthachta Digití do dhaoine fásta ar siúl i sé bhrainse faoi láthair
- Tá Táibléid Aoisbháula Acorn le fáil ar iasacht ó naoi gcaobh
- Tá foirne leabharlainne i mbun an tionscnaimh oiliúna ‘Curaidh Litearthachta na Leabharlann’ faoi láthair. Faigheann an tionscadal seo maoiniú ó SOLAS faoin straitéis Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil (ALL), agus cuimsítear leis feasacht ball foirne a mhúscailt ar na hacmhainní atá ar fáil chun litearthacht dhigiteach a fheabhsú.
- Clinicí Digiteacha lena gcuirtear chun cinn acmhainní ar líne Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath atá le fáil sa Lárleabharlann agus i Leabharlann Bhaile Mhunna.
- Clubanna Lego curtha ar bun i gcúig chraobh

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
6.4 Beochan a dhéanamh ar spásanna cathrach trí raon imeachtaí, féilte agus deiseanna a sholáthar agus tacú le daoine chun ceiliúradh a dhéanamh agus teacht le chéile	6.4.1 Raon ilghnéitheach imeachtaí, féilte agus páirceanna a fhorbairt, a mhaoiniú agus a bheith ag tacú leo	I measc imeachtaí 2023 bhí an méid seo a leanas: One Zero, Grodchúrsa Techfoundher, APNI Lion's Den, Circular Economy Hotspot, Imeacht Bliantúil Dublin Economic Monitor, The Place Race, Dublin Maker, Gradaim AI, SoCircular, Craobhchomórtais Enfuse, Eat the Streets. Imeachtaí atá le teacht: Gradaim AI, Cruinniú Mullaigh NTE, na Gradaim Náisiúnta do Ghnóthaí Nua Thionscanta, Gnó Níos Fearr a Fhorbairt Ceiliúradh pobail bliantúil HLG 'Art and the Outdoors' atá ina cheiliúradh ar ealaín, ceol, mórthaibhsiú sráide en plein air an Satharn agus an Domhnach de Dheireadh Seachtaine Saoire Bainc mhí Lúnasa ar an sráid os comhair na Dánlainne. Tá cúig Mhargadh á mbainistiú ag Seirbhís Páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath i bpáirceanna ar fud na cathrach agus d'óstaigh sí breis agus 470 imeacht go dtí seo in 2023. Tá Halla na Cathrach fós ar an Lárionad Searmanais Pósta ba ghnóthaí i gCúige Laighean, ag freastal ar lánúin, ar a dteaghlaigh agus ar a gcuid aíonna ó áiteanna ar fud na hEorpa, ó Ceanada, ó SAM agus ón Astráil. In 2023, thacaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le mór imeachtaí i lár na cathrach, agus iad seo a leanas ina measc; • Féile Naomh Pádraig • Bród Bhaile Átha Cliath • Peil Mheiriceánach na gColáistí • Féile Bram Stoker • An Nollaig sa Chaisleán • Soilse an Gheimhridh In 2023, leanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de bheith ag forbairt imeachtaí nua faoi théama an teaghlaigh i lár na cathrach agus sna páirceanna, trína Creat Ilpháirtí chun seirbhísí bainistíochta imeachtaí a sholáthar, lena n-áirítear:

Sprioc 6

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		- Fleadh Mhargadh na Feirme - Funtropolis - Club Pictiúrlainne Faoin Aer (Cearnóg Theach an Tionóil) - Féile Luke Kelly - Seóthaispeántas Hip Hap - Ócáid Dranntiomána Notre Dame - Sorcas Uirbeach
	6.4.2 Déan margaí sráide na cathrach, trádáil ócáideach agus léiriú sráide a cheadúnú ar bhealach a chuireann le heispéireas daoine sa chathair	Bainistíonn an Oifig um Théarnamh na Cathrach ceadúnú na margaí ar an tsráid de chuid na Cathrach, trádála ócáideach agus taibheoirí sráide. Tá córas ceadúnaithe i bhfeidhm a éascaíonn beogacht na Cathrach le margaí ar an tsráid a sholáthar, lena n-áirítear margadh a tugadh isteach le déanaí ag Sráid an Mhúraigh chun cur leis an margadh atá ann cheana agus raon leathan deiseanna corrrhrádála in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach agus ag mórimeachtaí. Cuireann an Oifig ceadúnais taibhithe ar fáil freisin do thaibheoirí sráide a thugann dath agus beocht don chathair.
6.5 Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do sholáthar saoráidí ealaíon agus cultúrtha chun a chinntiú go bhfuil spás ag saol cultúrtha na cathrach le bheith rathúil	6.5.1 Ceathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell a sheachadadh ar bhonn céimnithe	Tá Céim 2a (dearadh sceitse) ar cuireadh tús léi i mí Aibreáin 2023, curtha i gcrích anois. Cead tugtha chun dul ar aghaidh chuig Céim 2b (dearadh mionsonraithe). Rithfidh an clár iomlán de haghaidh dearadh ó mhí Feabhra 2023 go dtí thart ar mhí Lúnasa 2024. Cuimseofar leis sin réamh-dhearadh, dearadh mionsonraithe agus cuireadh chun tairisceana. Táthar ag súil go mbeidh príomhchonraitheoir oibreacha ar an láthair faoi R4 2024. Táthar ag súil go gcuirfear Céim 1 den tógáil i gcrích in 2027. Áirítear le raon feidhme na n-oibreacha dearaidh do Chéim 1 de Thionscadal Chearnóg Parnell dearadh mionsonraithe de Leabharlann na Cathrach, athbhreithniú dearaidh agus an t-athdhearadh is gá ar na hoibreacha beartaithe ag Dánlann Hugh Lane agus oibreacha beartaithe ag na tithe Seoirseacha uimhreacha 22, 23, 24, 25, 26, agus 28, agus dearadh d’athchóiriú iomlán ar theach uimhir 27 Cearnóg Parnell Thuaidh.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	6.5.2 Iniúchadh a dhéanamh ar spásanna oibre ealaíontóirí ag aithint easnaimh agus deiseanna chun foirgnimh a aistriú chuig úsáid chultúrtha/spásanna oibre	Iniúchadh curtha i gcrích. Spásanna nua pleanáilte agus á bhfáil faoi láthair i mBarra an Teampaill, Cé na gCeannaithe agus Ard Aidhin. Tá na chéad Stiúideonna ar oscailt anois in Ard Aidhin.
	6.5.3 Leanúint ar aghaidh le féidearthacht láithreán faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le haghaidh spásanna oibre ealaíontóirí agus oibriú le forbróirí chun spásanna oibre ealaíon agus cultúrtha a leabú i bhforbairtí nua	Tacar Uirlisí nua á fhorbairt chun an 5% faoin bPlean Forbartha um Chruthaitheacht, Pobal agus Cultúr a sheachadadh. Forbairtí nua sainaitheanta leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus le Seirbhísí Tithíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
	6.5.4 Leathnaigh Lána Aodh chun sciathán nua a chur san áireamh i mBarra an Teampaill le haghaidh gailearaí agus spás ríomhchláraithe	Cuimsíonn leathnú Dhánlann Hugh Lane dhá réadmhaoin in aice láimhe anois. Forbrófar 20/21 Cearnóg Parnell le haghaidh spás breise Gailearaí, cláir agus rannpháirtíocht an phobail; tá staidéar féidearthachta á dhéanamh in 2023/24. Úsáidfear 1 Lána Fhreidric Thuaidh le hoibreacha ealaíne a stóráil. Rinneadh feistiú Lána Fhreidric Thuaidh in R1-3 2023 agus tugadh faoi oibreacha breise chun freastal ar stóráil cartlann in R4 2023.

Sprioc 7

Comhairle Cathrach níos freagrúla agus níos nuálaí a dhéanamh den Chomhairle

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
7.1 Tacú le cultúr nuálaíochta, oiliúna agus forbartha	7.1.1 A chinntiú go bhfuil dearadh agus struchtúr ár n-eagraíochta oiriúnach chun ár spriocanna agus cuspóirí corparáideacha a sheachadadh, ag teacht le Straitéis Daoine an Údaráis Áitiúil	Cuireadh 95 feachtas earcaíochta i gcrích nó tá siad ar siúl go dtí seo in 2023. Rinneadh 481 ceapachán go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023. Bíonn baint leanúnach ag an gComhairle Cathrach leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) maidir le feachtais earcaíochta na Bainistíochta Sinsearaí agus na nGairmithe Sinsearaí. Rinneadh 29 ceapachán go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá pleanáil fórsa saothair ar siúl go leanúnach chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh trí rannpháirtíocht leis an mBainistíocht Shinsearach i ngach Roinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais maidir le soláthar foirne. Tá obair ar siúl freisin ar Phlean Straitéiseach um Fhórsa Saothair a chuirfidh creat ar fáil a chuirfidh ar chumas na Comhairle Cathrach freagairt do thimpeallacht oibriúcháin atá ag athrú agus riachtanais acmhainní amach anseo a chomhlíonadh. Tá an Fhoireann um Bunathrú Digiteach agus Seirbhíse ag obair le héascaitheoir seachtrach chun samhail oibriúcháin a fhorbairt le soiléire ról agus forbairt scileanna iomchuí a chinntiú.
	7.1.2 Timpeallacht feabhsúcháin agus forbartha leanúnaí a chothú dár bhfoireann	Tionóladh an chéad scéim dámhachtainí do bhaill foirne in 2023. Bronnadh dámhachtainí sna catagóirí Inbhuanaitheacht, Nuálaíocht, Comhoibriú Trasfheidhmiúil, Tiomantas don Saoránach, Sármhaitheas Seirbhíse, agus Freagairt ar COVID. Tá uirlis um Chomhoibriú Corparáideach á triail ar bhonn píolótach chun tacú leis an tsamhail um an obair chumaisc. Tá deiseanna Foghlama agus Forbartha curtha ar fáil do na baill foirne go léir, agus díriodh go sonrach in 2023 ar mhéadú a chur ar an bhfáil ar oiliúint do bhaill foirne oibriúcháin agus lasmuigh. Cuireadh oiliúint ar fáil sna réimsí seo a leanas: - Ag Obair go Maith Le Chéile – Oiliúint in Athléimneacht, Folláine agus EDI don Fhoireann Oibriúcháin - Oiliúint i mBainistiú Daoine do na Gráid Maoirseachta

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		• Cúram Custaiméirí don Fhoireann Lasmuigh agus Oibriúcháin • Reáchtáladh seimineáir ghréasáin faoi scileanna agallaimh go sonrach don fhoireann i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath • Cuireadh raon cúrsaí oiliúna Microsoft ar fáil go rathúil • Tá oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide ar siúl go leanúnach trí Ghrúpa Náisiúnta Oiliúna na nÚdarás Áitiúil agus tá sí le cur ar an bhfoireann lasmuigh agus oibriúcháin in 2023 - curtha ar fáil chun deiseanna maoinithe a thabhairt don fhoireann leanúint d'oideachas agus scileanna atá ábhartha dá ról agus don eagraíocht a fhorbairt • Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le rochtain ar raon deiseanna foghlama ábhartha MicroCreds a sheoladh tríd an Scéim Cúnaimh agus Scoláireachta Oideachais • Cuireadh foghlaim ar líne tríd an gCóras Bainistíochta Foghlama (Totara) ar fáil sna réimsí: - o -Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. - o -Oiliúint Feasachta ar an gCárta JAM. - o -Microsoft Teams. • Tugadh isteach clár nua, Mná i gCeannas, arna sholáthar ag Cooperation Ireland don fhoireann ar Ghrád 7 agus do bhaill foirne den chineál céanna • Bhí an Clár Éire Óg ar fáil mar dheis forbartha iomaíoch do bhaill foirne luathghairme • Seoladh cúrsa nua rathúil Béarla gairmiúil do bhaill foirne nach é Béarla a dteanga dhúchais i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliatha Laistigh den Roinn um Chórais Faisnéise, leanann bainisteoirí tionscadal lena bhforbairt ghairmiúil mar chuid de dheimhniú PMI. Forbraíodh foghlaim ar líne tríd an gCóras Bainistíochta Foghlama (Totara) chun athruithe ceannaigh ar an gcóras Bainistithe Airgeadais Oracle a chur i bhfeidhm, d'fhoill comhlíonadh soláthair a threisiú.

Sprioc 7

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		Ghlac 79 ball foirne ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath páirt in oiliúint uas-scilithe agus i gcláir forbartha. Tá an Clár Aturnae faoi Oiliúint ar bun agus é ag oibriú go rathúil. Moladh don fhoireann Innealtóireachta go léir clárú le Clár Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Thacaigh an fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide le ceardlanna míosúla le baill foirne chun an plean um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus d'óstaigh sí imeacht inmheánach le Dublin Story Slam faoin téama 'Athrú' chun tacú le cultúr nuálaíochta.
	7.1.3 An fhoireann a éascú chun cur chuige nuálach a ghlacadh ina gcuid oibre trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar thionscnaimh bhainistíochta athraithe ar nós BETA DCC	Reáchtáladh seachtain iomlán imeachtaí le haghaidh Sheachtain Chlaochlaithe na Seirbhíse Poiblí i mí Dheireadh Fómhair. Le Forward Together, léiríodh an claochlú agus an nuálaíocht atá ar siúl ar fud na heagraíochta. Baineadh úsáid as an gcreat dearaidh seirbhíse chun roinnt seirbhísí a athdhearadh, lenar áiríodh ceardlanna earcaíochta agus corparáideacha. Rinneadh dul chun cinn ar sheacht dtionscadal agus úsáid á baint as an tsamhail Beta, lenar áiríodh beárbaiciúnna i bpáirceanna poiblí, beta Comharsanachta, seirbhís rothar lasta comhroinnte, boscaí báistí agus ardán d'ealaín sráide.
7.2 Ár bhfís, ár n-éachtaí agus ár seirbhísí a chur chun cinn trí chumarsáid fheabhsaithe, réamhghníomhach	7.2.1 Suíomh gréasáin na Comhairle Cathrach a athdhearadh chun feidhmiú mar thairseach ar líne agus mar acmhainn faisnéise atá furasta le húsáid	Tá dul chun á dhéanamh ar chóras dearaidh a fhorbairt do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena mbunófar tacar caighdeán a chinnteoidh go ndéanfar ár seirbhísí digiteacha, suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir go léir a fhorbairt go comhleanúnach faoi aon aitheantas amháin don Chomhairle Cathrach. Cuirfear críoch leis an obair sin le suíomh gréasáin tagartha nua a chuirfidh ar a gcumas do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha sócmhainní digiteacha a fhorbairt don Chomhairle a mbeidh cuma agus braistint shonrach acu. Tá samhail rialála á forbairt lena chinntiú go gcomhlíonfaidh suíomhanna gréasáin uile na Comhairle Cathrach ceanglais RGCS agus inrochtaineachta.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		Tá athdhearadh á dhéanamh ar leagan amach na faisnéise ar dublincity.ie. Leanadh leis an obair sin le linn na bliana le súil agus atheagrú a dhéanamh ar an gcaoi a dtaispeántar ábhar ar an suíomh gréasáin. Trí thaighde páirtithe leasmhara tá athdhearadh á dhéanamh againn a chinnteoidh go mbeidh an t-úsáideoir ag croílár gach a ndéanaimid ar dublincity.ie. Cuirfear an dearadh nua i bhfeidhm go luath in 2024.
	7.2.2 Leas a bhaint as an rochtain agus an deis a sholáthraíonn na meáin shóisialta chun cumarsáid agus rannpháirtíocht leis an bpobal a leathnú	An feachtas voter.ie ar ardáin na meán sóisialta i mBéarla, Gaeilge, Portaingéilis, Spáinnis agus Polainnis chun daoine a spreagadh le clárú chun vótáil. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Straitéis agus Beartas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis na Meáin Shóisialta. Chuaigh cuntas nua Seirbhísí do Chustaiméirí ar Twitter/X i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2023 le go bhféadfaidh custaiméirí caidreamh a dhéanamh go díreach tríd an gcainéal sin. Mar seo a leanas a bhí an ghníomhaíocht ar na Meáin Shóisialta Chorporáideacha: Twitter/X: Leantóirí: 92.5k, Taispeáint: 8.5m, Rannpháirteachas; 320k Facebook: Leantóirí: 40k, Aimsiú: 3m, Taispeáint: 5m Rannpháirteachas: 50k Instagram: Leantóirí: 21k, Aimsiú: 200k, 2m Taispeáint: Rannpháirteachas: 256k Leantóirí: 21k, Taispeáint 204k, Rannpháirteachas; 27k
	7.2.3 Uirlisí cumarsáide inmheánacha a fheabhsú ionas go mbeidh an fhoireann ar an eolas go héasca faoi na forbairtí ábhartha go léir	Leanadh leis an fhorbairt ar CitiDesk mar ardán inmheánach cumarsáide agus cuireadh feabhas ar ábhar maidir le hábharthacht don fhoireann, méid agus minicíocht alt. Tá CitiDesk á úsáid chun sreabhadh oibre inmheánach a phríomhshruthú agus a dhigitiú freisin, agus cuireadh sreabhadh digiteach in áit líon ard foirmeacha páipéir. Tá réiteach CitiDesk Go curtha i bhfeidhm chun deis a thabhairt do dhaoine rochtain a fháil ar fhaisnéis ar a dteileafón. Tá an tsócmhainn á

Sprioc 7

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		húsáid chun teileafóin a rolladh amach don fhoireann oibriúcháin agus chun feabhas a chur ar nasc agus cumarsáid. Tá Yammer curtha i bhfeidhm ar CitiDesk chun soláthar a dhéanamh d’ábhar ócáideach agus chun deis a thabhairt don fhoireann pobail spéise a bheith acu. Eisíodh an nuachtlitir foirne dhigiteach, Council Bulletin, don fhoireann gach coicís. Cuireadh tús le hobair ar Straitéis Cumarsáide i mí Iúil 2023 agus rinneadh Iniúchtaí Cumarsáide agus Páirtithe Leasmhara agus ceardlanna don fhoireann go dtí lár mhí Dheireadh Fómhair. Reáchtálfar suirbhéanna agus seisiúin straitéise le foirne bainistíochta roinne agus le Comhaltaí Tofa i rith R4 2023. Tá clár líonraithe nua don fhoireann, DCC Connections, á fhorbairt agus cuirfear i bhfeidhm é i rith 2024.
7.3 Neartaigh ár ról ceannaireachta cathartha agus déan an comhoibriú mar chuid bhunúsach den tslí ina n-oibrímid	7.3.1 Córais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis na Comhaltaí Tofa ina ról	Tugadh uirlis nua ar líne, Aip um Chostais a Iontráil go hUathoibríoch, isteach i mí Iúil 2023, le haghaidh Costais Comhairleoirí. Eagraíodh Cláir Oiliúna do Chomhaltaí in 2023. I measc na gcúrsaí bhí Oiliúint i Sláinte agus Sábháilteacht; Faisnéis faoi Athchóirithe agus Toghchánacha, an Ghéarchéim Aeráide agus Rialtas Áitiúil; agus Oiliúint sna Meáin Shóisialta do Chomhaltaí Ban na Comhairle. Soláthar leanúnach seirbhíse tacaíochta comhairleoireachta do Chomhaltaí Tofa Forbairt leanúnach ar an ngné Tairseach Comhairleoirí den tionscadal Mol an tSaoránaigh chun bainistiú níos fearr ar Ionadaithe na gComhairleoirí a éascú ar an gcéad ásc.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
	7.3.2 Comhoibrithe éifeachtacha a chruthú le húdaráis áitiúla eile agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí, leis an saol acadúil, le gnólachtaí, le saoránaigh agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta	Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an príomhúdarás d'earnáil na n-údarás áitiúil ar roinnt clár, lena n-áirítear an Córas Náisiúnta um Rialú Foirgníochta, an Córas Náisiúnta Clárúcháin Toghthóirí agus an Córas Bainistíochta Leabharlann, agus bíonn an Chomhairle rannpháirteach go gníomhach i líonraí, tionscadail agus coistí earnála. Bíonn an Chomhairle rannpháirteach i raon fóraim, tionscadail agus líonraí idirnáisiúnta agus Eorpacha, rannpháirtíocht a dtugtar tacaíocht di trínár nOifig Tacaíochta um Thionscadail Eorpacha anois. Roghnaíodh an Chomhairle Cathrach le bheith ar cheann de 100 Cathair Aeráid-Neodrach agus Cliste, a bheidh ina thionscadal suntasach sna blianta amach romhainn. Le tionscnaimh arna reáchtáil trí Bhaile Átha Cliath Cliste, an Oifig um Fhorbairt Gheilleagrach agus foirne sna ranna Comhshaoil agus Iompair, tá comhoibriú le lucht acadúil, gnólachtaí, saoránaigh agus comhpháirtithe idirnáisiúnta á chothú, d'fhoill deachleachtas a roinnt. Tá comhoibriú le gníomhaireachtaí eile agus le húdaráis áitiúla in aice láimhe mar shaintréith ag an gComhairle Cathrach agus tá comhoibriú den sórt sin láidir go sonrach sna réimsí cosaint chomhshaoil agus forfheidhmiú, gníomhú agus cur chun cinn ar son na haeráide, agus bainistíocht tráchta/soghluaisteachta.
	7.3.3 Ár gcuid oibre a shuíomh laistigh de chreat domhanda níos leithne trí dhul i dteagmháil le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus cláir a chuireann ár spriocanna don Chathair chun cinn	Roghnaíodh Baile Átha Cliath mar chathair phíolótach i mí an Mhárta 2022 don Chomhghuaillíocht Cathracha do Chearta Digiteacha UN-Habitat. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste óstáil i gcomhpháirt ar chruinniú de Chomhairle CIONna Cathracha Domhanda (CGCC), áit ar tugadh ceannairí nuálaíochta digití le chéile ó chathracha idirnáisiúnta, an 22 agus 23 Bealtaine.

Sprioc 7

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA

STRAITÉIS TACAÍOCHTA

DUL CHUN CINN IN 2023

Bronnadh an Gradam Nuálaíochta Turasóireachta Domhanda mór le rá ar Chlár Turasóireachta Cliste Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Cuideachta Cultúir Chathair Bhaile Átha Cliath agus Fáilte Éireann, mar chuid den Chruinniú Mullaigh Nuálaíochta Turasóireachta in Sevilla.

Trí obair an CBS Airgeadais, féachann an Roinn Airgeadais le clár oibre airgeadais forásach a thabhairt chun cinn, lena n-áirítear tacú le saincheistanna ar nós Slua-chistiú Cathartha, Forbairt Maoine Pobail agus Cáin Lóistín Cuairteoirí.

Coinníonn DFB comhpháirtíochtaí láidre le RCSI, UCD, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus UCC agus téann sé i dteagmháil le comhlachtaí agus seirbhísí dóiteáin idirnáisiúnta chun taighde a dhéanamh ar Ardáin Sonraí Shoghluaiste le haghaidh oiriúnachta le cuspóirí OIU DFB. Tá baint mhór ag DFB le hAonad Anailísíochta Sonraí CCBÁC agus comhpháirtithe eile i dtionscadal píolótach CCBÁC um Rialachas Sonraí.

Rannpháirtíocht sa chomhdháil LLG (Lawyers in Local Government/Dlíodóirí sa Rialtas Áitiúil) in Sheffield sa Ríocht Aontaithe agus daingníodh caidreamh le hearnáil na n-údarás áitiúil sa Ríocht Aontaithe.

Rinneadh caidreamh le toscaireachtaí idirnáisiúnta um fhorbairt eacnamaíoch as Londain, Cleveland agus an Chóiré Theas. D'fhreastail Cathaoirleach an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch ar an bhFóram Forbartha Eacnamaíoch Eurocities i Heilsincí. Tugadh tacaíocht do Bhaile Átha Cliath chun imeachtaí an Circular Economy Hotspot domhanda agus ócáid Idir-Thrádál Éireann a óstáil agus rinneadh caidreamh leanúnach le Join The Dots – líonra comhroinnte eolais idir an Ríocht Aontaithe agus Éire.

Seoladh bealach nua chun rochtain ar líne a fháil ar bhailiúchán Dhánlann Hugh Lane i gcomhar le suíomh gréasáin nua na Dánlainne. Tugann sé faisnéis chuimsitheach agus cothrom le dáta ar an mbailiúchán do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
7.4 Leanúint ag díriú ar Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a sholáthar chun an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar do shaoránaigh agus do chustaiméirí	7.4.1 An Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a chur i bhfeidhm agus a athnuachan 7.4.2 Feabhas a chur ar bhealaí teagmhála custaiméirí agus iad a chuíchóiriú chun é a dhéanamh níos fusa don phobal rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí, ag an am, an áit agus ar chaoi a n-oireann dóibh 7.4.3 Feabhsaigh agus leathnaigh ról an Ionaid Seirbhísí do Chustaiméirí mar ár bpríomhphointe teagmhála do chustaiméirí agus muid ag teacht ar sheirbhísí 7.4.4 Straitéis Dhigiteach a fhorbairt don Chathair, lena n-áirítear cur lenár raon seirbhísí digiteacha agus ar líne	Tá an Plean Gníomhaithe um Sheirbhís do Chustaiméirí á chur i bhfeidhm agus tá 19 den 28 gníomh curtha i gcrích. Níl an Plean athnuaite fós. Tá rochtain ag na seirbhísí poiblí go léir ar an gcóras áirithinte a ligeann do chustaiméirí coinní fforúla nó ar an láthair a chur in áirithe. Cuireadh an córas áirithinte ionad ar líne don Oifig Ealaíon i bhfeidhm. Suiteáladh Both Cláir Vótálaithe in Aitriam na nOifigí Cathartha le go bhféadfaidh custaiméirí an Clár a sheiceáil agus leasuithe a dhéanamh, más gá. Tá os cionn 40 iarraidh ar sheirbhís ar fáil ag Mol an tSaoránaigh, an t-ardán seirbhísí digiteacha ar líne, faoi láthair. Féadfaidh custaiméirí rochtain a fháil orthu ar líne. Tá triail á baint as Bothanna Féinseirbhíse i suíomhanna éagsúla lasmuigh d'Oifigí na Cathrach, áit a bhféadfaidh daoine áitiúla rochtain a fháil ar Mhol an tSaoránaigh agus cúnamh a fháil ón bhfoireann nuair atá focaíochtaí ar líne á ndéanamh acu agus clár na vótálaithe á sheiceáil acu. Tá cuntas nua Seirbhísí do Chustaiméirí ar Twitter i bhfeidhm. Tá oiliúint Chárta JAM curtha ar an bhfoireann Seirbhísí do Chustaiméirí uile agus tá sé beartaithe oiliúint ISL a chur orthu freisin. Forbraíodh dréacht-Straitéis Dhigiteach.

Sprioc 7

ar lean

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
7.5 Ár n-úsáid teicneolaíochta agus sonraí a athrú i gcinnteoireacht agus i seachadadh seirbhíse	7.5.1 Leanúint ar aghaidh ag leathnú Tionscnamh na Cathrach Cliste chun úsáid teicneolaíochtaí nua inár seachadadh seirbhíse a iniúchadh agus a phiolótú	Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid de phróiseas forbartha Straitéis Dhróin na Comhairle Contae, a thabharfar chun críche go luath in 2024. - Ceardlann agus suirbhé le foireann CCBÁC as 14 roinn - Lá Seóthaispeántais Drón ina raibh taispeántas drón agus cuir i láthair ó chuideachtaí drón éagsúla Tá Smart D8 faoi stiúir an Mhol Dhigitigh, Ospidéal San Séamas, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Baile Átha Cliath Cliste – taispeántóir uirbeach chun feabhas a chur ar shláinte agus folláine. Roghnaíodh ceithre thionscadal atá le díriú ar an meanapás, athshlánú coirp, aclaíocht agus aipnia chodlata, agus roinnfear ciste €50,000 orthu chun an obair atá ar siúl acu faoi láthair a thabhairt chun cinn. Bhuaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Chliste Gradam Nuálaíochta agus Tráchtálú tríd an ionad taighde SFI, Invent. Le ceantar ‘campais’ cliste Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Chliste, arna chómhaoiniú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tugtar deis do FBManna teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid ar bhonn píolótach agus a thástáil i bhfíorthimpeallacht, agus acmhainneacht na réiteach a fhiosrú ar scála mór. Seoladh aip mhóibíleach, Rianta Taiscéalaíochta Bhaile Átha Cliath – ‘Doors into Docklands’, in 2023. Is í seo an chéad cheann i sraith rianta oidhreacht tumthacha atá bunaithe ar fhón póca a úsáideann teicneolaíocht Réaltachta Breisithe (AR). Soláthraíodh eispéireas Aimsigh Baile Átha Cliath le Réaltacht Bhreisithe (AR), ar gné mhapála AR é a ligeann d’úsáideoirí na haipe mapa tríthoiseach de Bhaile Átha Cliath a oscailt ar a ngléas agus féachaint thart ar an gcathair ar bhealach nua agus nuálach.

CUSPÓIR TOSAÍOCHTA	STRAITÉIS TACAÍOCHTA	DUL CHUN CINN IN 2023
		Is seirbhís Wi-Fi saor in aisce é WIFI4EU de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil i 35 suíomh i bpáirceanna, leabharlanna agus ionaid phobail i gcomhpháirtíocht le Virgin Media Business. Le bliain anuas, rinneadh os cionn 100,000 ceangal leis an tseirbhís agus úsáideadh os cionn 40TB de shonraí, rud a léiríonn luach an ghréasáin.
	7.5.2 Straitéis Bainistíochta Sonraí a fhorbairt don eagraíocht a fheabhsaíonn an chaoi a ndéantar ár sonraí a bhainistiú, a úsáid agus a athúsáid, agus a fheabhsaítear cáilíocht na seirbhíse trína úsáid	Bunaíodh Boird Straitéiseacha agus Bheartacha um an gCreat Bainistíochta Sonraí. Forbraíodh cásanna gnó d'ardán sonraí láraithe agus d'ardán cianbhraiteachta láraithe.
7.6 Oibriú chun cearta daonna agus comhionannas a chur i gcríoch an chaoi a gcuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích	7.6.1 Ár bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas Earnála Poiblí a chur i bhfeidhm thar shaolré an Phlean Chorporáidigh seo	Forbraíodh Plean Cur i bhFeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir le Seirbhísí Digiteacha agus Cathair Chliste lena chinntiú go gcomhlíonfaidh na seirbhísí digiteacha agus na tionscadail Cathair Chliste go léir oibleagáidí na Comhairle faoin Dualgas. Cuireadh tús le caidreamh leis an Roinn Seirbhísí Tithíochta agus Pobail maidir le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí. Leantar de Phlean Dhualgas na hEarnála Poiblí a rolladh amach i mBríogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath i gcomhréir leis an bplean cur i bhfeidhm. Tá plean ar bun chun uasghrádú a dhéanamh ar shaoráidí, dírithe ar Dhualgas na hEarnála Poiblí (PSD).
	7.6.2 Na gníomhartha sa Phlean Forfheidhmithe Míchumais a chur chun cinn	Tá próiseas comhairliúcháin le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas maidir le tionscadail agus oibreacha caipitiúla le rolladh amach chuig an eagraíocht níos leithne le cúnamh ó sholáthraí dearaidh na seirbhíse.

Comhaltaí agus Gníomhaíochtaí

an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh, na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus an Chomhchoiste Póilíneachta

Grúpa Beartais Chorparáidigh

Liosta na gComhaltaí

An Cathaoirleach: An tArdmhéara, Caroline Conroy

An Cathaoirleach: An tArdmhéara Daithí de Róiste

An Clr Cat O'Driscoll – Cathaoirleach an CBS um Ealaíona, Cultúr, Fóillíocht agus Áineas

An Clr Noeleen Reilly – Cathaoirleach an CBS um Thrácht agus Iompar

An Clr Dermot Lacey – Cathaoirleach an CBS um Thithíocht

An Clr Alison Gilliland – Cathaoirleach an CBS um Thithíocht

An Clr Ray McAdam – Cathaoirleach an CBS um Pleanáil agus Foirm Uirbeach

An Clr Séamas McGrattan – Cathaoirleach an CBS um Airgeadas

An Clr Tom Brabazon – Cathaoirleach an CBS um Fhorbairt Geilleagair agus Fiontar

An Clr Claire Byrne – Cathaoirleach an CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Comhshaol agus Fuinneamh

An Clr Carolyn Moore – Cathaoirleach an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil

DÁTA CRUINNITHE 2023	TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU
27 Eanáir 2023	- Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil - Lá Domhanda na nArdchathracha - Cuairt ar San José - Nuashonruithe ó Chathaoirligh CBS agus CFPÁ: An Ciste um Athghiniúint Shóisialta Bhaile Munna a aistriú chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; Tuarascáil ar Chostais Tógála Tithíochta agus Cóiríocht don Lucht Siúil, Saoráidí Cúraim Leanaí sa Chathair; Grúpa Comhairleach maidir le Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Béal Feirste; Dramhaíl a chur faoi úinéireacht bhardasach.
31 Márta 2023	- Dearbhú Ghlaschú maidir le Turasóireacht Inbhuanaithe - Athbhreithniú ar Ról CCBÁC maidir le Tacú le Soláthar Cúraim Leanaí i gCathair Bhaile Átha Cliath - Nuashonruithe ó Chathaoirligh CBS agus CFPÁ: Féichiúnaithe Rátaí, Cistiú Rialtais Áitiúil; Coiste Speisialta um Easpa Dídine, LTACC; Scéim Ceannaigh Inacmhainne; Ciste na Struchtúr Stairiúil/ Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha; Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre; Plean Ealaíon na Cathrach; Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide; Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn; Geilleagar Ciorclach.
19 Bealtaine 2023	- Turas Allamuigh AE go dtí Lováin na Beilge 100 Cathair Astaíochtaí Nialasacha - Nuashonruithe ó Chathaoirligh CBS agus CFPÁ: Caiteachas Turasóireachta i mBaile Átha Cliath; Slua-chistiú Cathartha; Scéim um Thionóntaí in Situ; Tuarascáil ar Dhaoine gan Dídean DRHE; Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Bhogáin; Cartlanna Chathair Bhaile Átha Cliath; Sláintecare.
28 Iúil 2023	- Straitéis Cumarsáide Corparáidí - Cistiú Fóraim Idirchreidimh Chathair Bhaile Átha Cliath - Nuashonruithe ó Chathaoirligh CBS agus CFPÁ: Foirgnimh Ghlasa; Scéim Ceannaigh Inacmhainne; Fodhlíthe maidir le Soláthar Bia Sráide; Plean Spóirt 2023-2028; Dréacht-phlean Náisiúnta maidir le Bainistíocht Dramhaíola; Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail; Pobail Shláintiúla Sláinte Éireann.
29 Meán Fómhair 2023	Nuashonruithe ó Chathaoirligh CBS: Ceadú ón Aire don Scéim Tosaíochtaí maidir le Tithe Ceannaigh Inacmhainne; Máistirphlean Mhuilte Chill Mhaighneann; Nuashonrú maidir le Straitéis Chultúir a Fhorbairt; Nuashonrú maidir le beartas cistithe na nDeontas Ealaíon; Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide; Plean Straitéiseach Gníomhaíochta in aghaidh Torainn; Tionscadal um Dhramhaíl go Fuinneamh – Ciste um Shochar Pobail agus Téamh Ceantair Bhaile Átha Cliath.
24 Samhain 2023	- Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil - Clár na dTithe Aoisbháula Sláintiúla - Iarratas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an nGradam Domhanda do Chathracha Glasa - Nuashonruithe ó Chathaoirligh CBS: - Muirearú Plódaithe; Bailiú Rátaí Tráchtála; Ceardlann ón nGníomhaireacht Forbartha Talún; Geilleagar Ciorclach; Dréacht-fhodhlíthe um Rialú Páirceála; Clár um Thaisteal Gníomhach; Forbairt Maoine Pobail; Oifig na gClár Eorpach; Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Béal Feirste; Cathracha Neodrachta.

An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Thithíocht

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Alison Gilliland, LAB
 An Clr Mary Callaghan, SD
 An Clr Hazel Chu, GP
 An Clr Donna Cooney, GP
 An Clr Hazel de Nortúin, S-PBP
 An Clr Máire Devine, SF
 An Clr Kevin Donoghue, LAB
 An Clr Daithí Doolan, SF
 An Clr Pat Dunne, IFC
 An Clr James Geoghegan, FG
 An Clr Briega Mac Oscar, FF
 An Clr Eimear McCormack, FF
 An Clr Ciaran Perry, Neamh-Pháirtí
 An Clr Colm O'Rourke, FG
 An Clr Catherine Dempsey, SD

(Comhalta roimhe seo i rith na bliana;
 an Clr Kelsey May Daly)

Leasanna Earnála

Pat Greene, Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath
 Ailbhe McLaughlin, an Chomhairle Um Thithíocht Sóisialta
 Mick O'Reilly, Comhdháil na gCeardchumann
 An Dochtúir Kevin Byrne, Croí-Chumann Cónaitheoirí
 Seoirseach Theas
 Mike Allen, Focus Ireland

(An Comhalta roimhe sin i rith na bliana:
 Claire McManus, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann)

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

15 Feabhra 2023

- Clár um Athchóiriú Tithe Folmha
- Tosaíochtaí Straitéiseacha CBS 2023
- Nuashonrú curtha ar fáil ar na Grúpaí Oibre seo a leanas:
 - Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí
 - Coiste Speisialta um Easpa Dídine
 - Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil
 - Grúpa Oibre do Sheanóirí
 - Coiste Maoirseachta ar Cheisteanna Leasa Ainmhithe

15 Márta 2023

- Fóram Idirchreidimh Chathair Bhaile Átha Cliath
- Anailís ar Chostas Tógála
- Nuashonruithe curtha ar fáil ar na Grúpaí Oibre seo a leanas;
 - Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí
 - Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil
 - Coiste Speisialta um Easpa Dídine
 - Grúpa Oibre do Sheanóirí

12 Aibreán 2023

- Plean Oibre agus plean um chuairteanna beartaithe/ar láithreáin
- Nuashonrú ar Tionóntaí in Situ
- Tuarascáil ar Dhaoine gan Dídean
- Nuashonruithe curtha ar fáil ar na Grúpaí Oibre seo a leanas;
 - Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí
 - Coiste Speisialta um Easpa Dídine
 - Grúpa Oibre do Sheanóirí
 - Coiste Maoirseachta ar Cheisteanna Leasa Ainmhithe

DÁTA CRUINNITHE 2023	TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU
19 Bealtaine 2023	Cur i láthair CCBÁC faoi Athnuachan Eastát
16 Meitheamh 2023	- Forbhreathnú ar an bhféile Tithíochta Sóisialta a reáchtáladh in Barcelona - Nuashonruithe curtha ar fáil ar na Grúpaí Oibre seo a leanas: - Nuashonrú ar an nGrúpa Stiúrtha do Thithe do Dhaoine faoi Mhíchumas - Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí - Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil - Coiste Speisialta um Easpa Dídine - Grúpa Oibre do Sheanóirí - Coiste Maoirseachta ar Cheisteanna Leasa Ainmhithe
12 Iúil 2023	- Cur i Láthair ar Sheirbhísí Lae do Dhaoine gan Dídean, Bia Sráide, Folláine - Cur i Láthair ar an Scéim Tithíochta Inacmhainne
13 Meán Fómhair 2023	- Tuarascáil faoi Cheadanna Pleanála Neamh-ghníomhachtaíthe - Cur i Láthair ar Réadmhaoine Folmha os cionn Aonaid Tráchtála - Nuashonrú ar Aonaid Léasaithe agus Saoráidí Gaolmhara - Nuashonruithe curtha ar fáil ar na Grúpaí Oibre seo a leanas: - Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí - Coiste Speisialta um Easpa Dídine - Grúpa Oibre do Sheanóirí - Sonraíodh an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil sa Nuashonrú - Coiste Maoirseachta ar Cheisteanna Leasa Ainmhithe
8 Samhain 2023	- Nuashonruithe curtha ar fáil ar na Grúpaí Oibre seo a leanas: - Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí - Grúpa Oibre do Sheanóirí - Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil - Coiste Speisialta um Easpa Dídine - Coiste Maoirseachta ar Cheisteanna Leasa Ainmhithe - Nuashonrú ar an nGrúpa Stiúrtha do Thithe do Dhaoine faoi Mhíchumas - Cothabháil Tithíochta /Seirbhís Airíochais /Bainistíocht Dramhaíola / Nuashonruithe ar Sheachadadh Seirbhísí tugtha ag NCOD - Cur i Láthair ar Éifeachtúlacht Fuinnimh/ Geilleagar Ciorclach
15 Nollaig 2023	- Cur i Láthair ar Bhainistiú Eastát agus Iompar Frithshóisialta lenar áiríodh forbhreathnú ar an Straitéis um Bainistiú Eastát 2022-2027 - Plean Oibre CBS agus Sceideal Eanáir – Bealtaine 2024 - Cur i Láthair deireadh bliana ar Leithdháiltí, Ligeán do Dhaoine gan Dídean, Rogha Ligin, Tionóntaí in Situ agus tionóntachtaí faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) - Nuashonruithe curtha ar fáil ar na Grúpaí Oibre seo a leanas: - Grúpa Oibre Tithíochta Poiblí - Coiste Speisialta um Easpa Dídine - Grúpa Oibre do Sheanóirí - Coiste Maoirseachta ar Cheisteanna Leasa Ainmhithe

An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Thrácht & Iompar

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Noeleen Reilly, Neamh-Pháirtí
An Clr Caroline Conroy, GP
An Clr Keith Connolly, FF
An Clr Deirdre Conroy, FF
An Clr Daniel Céitinn, SF
An Clr Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí
An Clr Anne Feeney, FG
An Clr Janet Horner, GP
An Clr Jane Horgan Jones, LAB
An Clr Carolyn Moore*, GP
An Clr Paddy McCartan, FG
An Clr Larry O'Toole, SF
*D'aistrigh an Comhairleoir Carolyn Moore chuig an CBS Comhshaoil i rith na bliana agus tháinig an Comhairleoir Michael Pidgeon ina háit

Leasanna Earnála

An tUas. Martin Hoey, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
An tUas. Colm Ryder, Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath
Richard Guiney, Dublin Town
Declan Gray, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath**
An tUas. Keith Gavin, Irish Parking
An tUas. Gary Kearney, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

**tháinig Stephen Brown in áit Declan Gray i lár na bliana mar an t-ainmní earnála do Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

8 Feabhra 2023	• Dréacht-Straitéis Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Shábháilteacht ar Bhóithre • Trasrianta Síogacha • Cothabháil Bóithre – Clár an Gheimhridh • Sonraí curtha isteach ag grúpaí pobail agus daoine aonair agus uirlisí iniúchóireachta siúil agus rothaíochta á n-úsáid acu • Muirir Pháirceála Cóistí
7 Meitheamh 2023	• Comhaireamh Tródaim Canála • Athbhreithniú ar Staidéar Lár na Cathrach • Cur i Láthair ó Chomhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann • Cistiú clár don Ghrúpa Comhairleach maidir le hlompar, Scéimeanna Comharsanachta agus Bealaí Sábháilte chun na Scoile • Córas Busanna Scoile do scoláirí laistigh de Cheantar Bhaile Átha Cliath
13 Meán Fómhair 2023	• Dréachtphean Iompair Lár na Cathrach • Scéim na mBuncar Rothar • Cur i Láthair ar Make Way Day (Lá um Ghéill Slí) – Cónaidhm na hÉireann um Míchumas • Forfheidhmiú Páirceála sa Chathair
8 Samhain 2023	• Muirir Phlódaithe do Chathair Bhaile Átha Cliath • Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Páirceála 2024 • Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta um Oibreacha Tráchtála – • Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre (1994) • Nuashonrú faoi gach tionscadal curtha i láthair ag an gClár um Thaisteal Gníomhach ag gach CBS

An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol agus Fuinneamh

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Claire Byrne, GP
 An Clr Michael Watters, FF
 An Clr Naoise Ó Muirí, FG
 An Clr Catherine Stocker*, SD
 An Clr Janice Boylan, SF
 An Clr John Lyons, Neamh-Pháirtí
 An Clr Claire O'Connor, FF
 An Clr Deborah Byrne, LAB
 An Clr Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí

Leasanna Earnála

Robert Moss, Pobail Ghlasa an Taisce – Lónra
 Rannpháirtíochta Poiblí
 Trevor Clowry, Glantachán Pobail Chromghlinne – Lónra
 Rannpháirtíochta Poiblí
 Bernie Guinan, Fehily Timoney & Company – Cumann
 Innealtóirí Comhairleacha na hÉireann (ACEI)
 Paul Boylan, Vivid Edge – Comhlachas Tráchtála
 Bhaile Átha Cliath
 Sally Starbuck, Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

*tháinig an Clr Carl Stanley ina háit agus í ar shaoire mháithreachais

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

22 Feabhra 2023	- Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn - Seirbhísí Bailithe Dramhaíola a chur faoi úinéireacht bhardasach arís
29 Márta 2023	- Páirc Ghaoithe Codling - Cathracha Neodrachta - Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 – 2029 - Circular Economy Hotspot, Baile Átha Cliath 2023
21 Meitheamh 2023	- Nuashonrú ar Ghníomhú ar son na hAeráide - Dréachtphlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola - Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
6 Meán Fómhair 2023	Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024 – 2029
27 Meán Fómhair 2023	- Clár Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide - Babhta 4 – Ceirtleáin um Mapáil Torainn Straitéiseach agus Pleananna Gníomhaíochta - Dramhaíl go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath
29 Samhain 2023	- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cathracha Neodrachta - Seasmhacht Tuilte agus Réitigh Dhúlra bhunaithe - Tionscadail agus Straitéis Tuilte

An Coiste um Beartas Straitéiseach ar Phleanáil agus Foirm Uirbeach

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Ray McAdam, FG
An Clr Alison Gilliland, LAB, d'éirigh as i mí Feabhra 2024
An Clr Dermot Lacey, LAB a tháinig in áit an Clr Alison Gilliland i mí Feabhra 2024
An Clr Sophie Nicoullaud, GP
An Clr Tom Brabazon, FF
An Clr Anthony Connaghan, SF
An Clr Daithí de Róiste, FF
An Clr John Lyons, Neamh-Pháirtí
An Clr Declan Meenagh, LAB
An Clr Janet Horner, GP
An Clr Patricia Roe, SD

Leasanna Earnála

An Dr. Robbie Sinnott, Blind Rights Ireland
Jonny McKenna – Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
An tOllamh Diarmuid Hegarty – Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath
Odran Reid – Institiúid Pleanála na hÉireann

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

28 Feabhra 2023

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Ról CCBÁC maidir le Tacú le Soláthar Cúraim Leanaí i gCathair Bhaile Átha Cliath
- An dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2022
- Ciste na Struchtúr Stairiúil/Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Thógtha
- Athbhreithniú ar Thalamh Tionsclaíoch Z6

27 Aibreán 2023

- Dréacht-PCÁ Bhaile Uí Bhogáin
- Páirceáil níos sábháilte do rothair ar fud na cathrach a éascú trí phleanáil
- An dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2022

27 Meitheamh 2023

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA: conas is féidir iad a chur i bhfeidhm tríd an bPlean Forbartha Cathrach
- Nuashonrú ar an bhFoghrúpa Cúraim Leanaí
- Rúin a tarchuireadh chuig an CBS mar chuid den Phróiseas Athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha

5 Deireadh Fómhair 2023

- Tearmaí an dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2023
- Nuashonrú ar Mhuilte Chill Mhaighneann
- Éagsúlú maidir le Tóg le Ligean
- An Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe

22 Samhain 2023

- Forfheidhmiú – Fuinneoga Siopaí a Chlúdach le Fógraíocht
- Forfheidhmiú – Meirgí, Cearrbhachas / Fógraíocht
- Nuashonrú ar an bhFoghrúpa Cúraim Leanaí
- Cónaí os cionn an tSiopa

An Coiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíoch & Fiontair

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Tom Brabazon, FF
 An Clr Rachael Batten, FF
 An Clr Niall Ring, Neamh-Pháirtí
 An Clr Donna Cooney, GP
 An Clr Alison Gilliland*, LAB
 An Clr Michael MacDonncha, SF
 An Clr Cat O'Driscoll, SD
 An Clr Tara Deacy, SD
 An Clr Danny Byrne, FG
 An Clr Terence Flanagan, FG
 *tháinig in áit an Clr Mary Freehill i mí na Bealtaine 2023

Leasanna Earnála

Aidan Sweeney, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
 Evanne Kilmurray, Fiontar Lár na Cathrach
 Odran Reid, Seirbhísí Cúram Baile an Taoibh Thuaidh
 Martin Harte, Comhlacht Bharra an Teampaill
 Lisa McKenna, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

31 Eanáir 2023

- Oifig Tacaíochta na gClár Eorpach EPSO agus Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn maidir le Caidreamh Idirnáisiúnta
- Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Béal Feirste - Nuashonrú
- Nuashonrú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath
- An Oifig um Fhorbairt Eacnamaíoch – Plean Gníomhaíochta Bliantúil 2023
- SPADE – Shared Kitchen – Cur i Láthair
- Tuarascálacha um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Bainistíocht Fiontar agus Torthaí Your Dublin Your Voice maidir le Miondíol agus Fáilteachas
- Freagra ó Oifig an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i ndáil le Moil Fiontair

25 Aibreán 2023

- Oifig Tacaíochta na gClár Eorpach EPSO agus Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn maidir le Caidreamh Idirnáisiúnta
- Nuashonrú ar Straitéis Turasóireachta CCBÁC 2023-2028
- Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Béal Feirste - Nuashonrú
- Nuashonrú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath
- Nuashonrú ar Straitéis Branda Áite Bhaile Átha Cliath
- Nuashonrú ar Circular Economy Hotspot 2023
- Nuashonrú ar Chomhairleoir Geilleagair Oíche
- Tuarascáil ar Thorthaí SoCircular agus Bróisiúr
- Tuarascálacha um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Bainistíocht Fiontar

12 Meán Fómhair 2023

- Nuashonrú ar an gCáin Leapa / An Roinn Airgeadais
- Forbairt Maoine Pobail
- Oifig Tacaíochta na gClár Eorpach agus Nuashonrú ar Chaidreamh Idirnáisiúnta
- Nuashonrú ar Bhaile Átha Cliath Cliste agus Cathracha Cliste
- Nuashonrú ar an Straitéis maidir le Turasóireacht Chliste
- Nuashonrú ar Shraith Cruinnithe Mullaigh maidir leis an nGeilleagar Oíche
- Nuashonrú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath
- Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Béal Feirste - Nuashonrú
- Tuarascálacha um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Bainistíocht Fiontar

An Coiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíoch & Fiontair ar lean

DÁTA

CRUINNITHE 2023

28 Samhain 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

- Nuashonrú ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath
- Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Béal Feirste – Comhaontú Comhpháirtithe Comhoibritheach
- Nuashonrú ar Phlean Fiontar Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
- Fiontraíocht Éireann – Réamheolas faoi Scéim na Réigiún Cliste
- Nuashonrú ar an gCruinniú Mullaigh maidir leis an nGeilleagar Oíche
- Tuarascálacha um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Bainistíocht Fiontar

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Áineasa

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Cat O'Driscoll, SD
 An Clr Dearbhal Butler, GP
 An Clr Claire Byrne, GP
 An Clr Anne Feeney, FG
 An Clr Declan Flanagan, FG
 An Clr Mary Freehill*, LAB
 An Clr Deirdre Heney, FF
 An Clr Vincent Jackson, Neamh-Pháirtí
 An Clr Micheál Mac Donncha, SF
 An Clr Seamus McGrattan, SF
 An Clr Darragh Moriarty, LAB
 An Clr Damien O'Farrell, Neamh-Pháirtí
 An Clr Patricia Roe, SD
 An Clr Hazel De Nortúin**, S-PBP
 *tháinig an Clr Fiona Connelly ina háit i mí na Bealtaine 2023
 **tháinig an Clr Kelsey May Daly ina háit i mí na Nollag 2023

Leasanna Earnála

Adekunle Gomez, Tionscadal Cultúrtha na hAfraice
 Ross Keane, Institiúid Scannán na hÉireann
 Mary O'Connor, Cónaidhm Spóirt na hÉireann
 Sunil Sharpe, Tabhair dúinn an Oíche
 Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge
 Ciaran Taylor, White Cane Audio Theatre
 Willie White, Féile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

27 Feabhra 2023

- Cur i Láthair agus Tuarascáil ar an bPlean Eatramhach Ealaíon
- Athbhreithniú ar Dheontais Ealaíon – Achoimre
- Rúin – Athruithe Ábhartha Molta ar an Dréachtphlean Forbartha 2022-2028
- Ionadaí sa Ghrúpa Comhairleach Ealaíon agus Cultúir (ACAG) a roghnú, Comhaltaí Tofa agus sin amháin
- Beirt ionadaithe a roghnú (Comhaltaí Tofa agus Seachtracha araon) don Fhóram Oidhreacht
- Fóram Oidhreacht Chathair Bhaile Átha Cliath – Téarmaí Tagartha
- Tuarascáil ar Shábháilteacht Imeachtaí agus Muirearú Íosta d'Imeachtaí Poiblí
- Tuarascáil ar an Leacht i gcuimhne Mhná Dheich mBliana na Réabhlóide
- Tuarascáil ina dtugtar nuashonrú ar Chomhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Straitéis Forbartha Teanga Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Tuarascáil ar Ainmniú Dhroichead Dhomhnach na Fola

22 Bealtaine 2023

- Cur i Láthair faoi Chartlanna Chathair Bhaile Átha Cliath
- Tuarascáil ar Stádas an Bhrait Ghlais
- Tuarascáil Eatramhach ar an staidéar féidearthachta faoin amharclann ina bhfuil 500 suíochán
- Tuarascáil ina dtugtar nuashonrú ar Leabharlann Chearnóg Parnell
- Folúntas le haghaidh Comhairleoir chun suí ar Bhord na Comhpháirtíochta Spóirt

24 Iúil 2023

- Cur i Láthair faoin Staidéar Féidearthachta Coincheapúil maidir leis an Amharclann ina bhfuil 500 Suíochán
- Cur i láthair ar Phlean Spóirt Bhaile Átha Cliath 2023 – 2028
- Nuashonrú ó Bhéal ar an gComhaontú Glas don Eoraip d'Fhéilte Ciorclacha
- Togra maidir le Músaem Harry Clarke faoi Ghloine Dhaite na hÉireann
- Tuarascáil ina dtugtar nuashonrú ar an Tionscadal Balla Colmlainne

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon, Cultúir, Fóillíochta agus Áineasa ar lean

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

25 Meán Fómhair
2023

- Cur i Láthair ar phleananna do thodhchaí Mhuilte Chill Mhaighneann
- Cur i Láthair ar Chlár na Staraithe Cónaithe
- Tuarascáil ina dtugtar nuashonrú ar Leabharlann na Cathrach, Cearnóg Parnell
- Tuarascáil ar Cistiú na nDeontas Ealaíon a mhéadú
- Tuarascáil ina dtugtar nuashonrú ar Chomhlacht Cultúir CCBÁC
- Tuarascáil ina dtugtar nuashonrú ar Amharclann Bhardasach Bhaile Átha Cliath

27 Samhain 2023

- Cur i Láthair – Cuairt Amal Bheag ar Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2024
- Cur i láthair – Soilse Geimhridh Bhaile Átha Cliath 2023
- Nuashonrú le cur isteach ar an Tionscadal Píolótach Urban 95 do Baile Átha Cliath maidir le cathracha níos fearr do leanaí óga a dhearadh agus a sheachadadh
- Tuarascáil ina dtugtar Nuashonrú ar an Taispeántas nua Andy Warhol Three Times Out
- Tuarascáil ina dtugtar nuashonrú ar Rae Chatham
- Nuashonrú ar Leabharlann na Cathrach

An Coiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Séamas McGrattan, SF
 An Clr Daryl Barron, FF
 An Clr Mary Callaghan, SD
 An Clr Anthony Connaghan, SF
 An tArdmhéara Daithí de Róiste, FF
 An Clr Alison Gilliland, Páirtí an Lucht Oibre (d'éirigh sí as i mí na Bealtaine 2023)
 An Clr Fiona Connolly, Páirtí an Lucht Oibre (tháinig in áit an Clr Gilliland i mí na Bealtaine 2023)
 An Clr Dermot Lacey, LAB
 An Clr Darcy Lonergan, GP
 An Clr Paddy McCartan, FG
 An Clr Christy Burke, Neamh-Pháirtí
 An Clr Nial Ring, Neamh-Pháirtí

Leasanna Earnála

Alan Robinson, Fóram Gnó na nDugthailte
 Eric Fleming, ICTU
 Sohini De, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath
 An tOllamh Caroline McMullan, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
 Philip O'Callaghan, PPN
 Aidan Sweeney, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

19 Eanáir 2023	- An Ciste um Athghiniúint Shóisialta Bhaile Munna á laghdú de réir a chéile ag an Rialtas agus an gá le é a thabhairt ar ais chuig 100% - An gá le Muirear Cóiríochta i gCathair Bhaile Átha Cliath chun cistiú a mhéadú agus chun cuidiú le cathair Bhaile Átha Cliath a dhéanamh níos tarraingtí do chuairteoirí - Tobhaigh Forbartha agus an ceanglas go mbeadh foráil ann maidir le céatadán a choinneáil do thionscadail chaipitiúla sa cheantar - Leanúint ar aghaidh le hobair an Fhochoiste Maoinithe Rialtais Áitiúil maidir le bualadh le Comhairlí eile agus le comhaltaí an Oireachtais. - Coincheap an Chreata um Luach Sóisialta a thabhairt isteach faoi scáth na Forbartha Maoine Pobail
16 Márta 2023	- Stádas riaráistí rátaí tráchtála agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh agus ag éirí leo chun riaráistí a fháil ar ais - Aighneacht CCBÁC maidir le hathbhreithniú ar chistiú rialtais áitiúil ag RTRÁO ina dtabharfaí aird ar ról gheilleagar Bhaile Átha Cliath chun geilleagar an Stáit a chur chun cinn
18 Bealtaine 2023	- Forbairt Maoine Pobail agus Creat um Luach Sóisialta lena n-áirítear dul chun cinn déanta le Coistí CCBÁC - Slua-chistiú Cathartha agus an próiseas ina bhféadfaidh daoine áitiúla airgead a bhailiú i gcóras slán agus fíoraithe do thionscadail áitiúla - Caiteachas Turasóireachta i mBaile Átha Cliath agus an deis ollmhór chun turasóireacht mhuirí a fhás sa Chathair

An Coiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais ar lean

DÁTA CRUINNITHE 2023	TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU
21 Meán Fómhair 2023	• Tomhas Eacnamaíoch Nuálach Sonraí, obair na gcomhpháirtíochtaí Bhaile Átha Cliath Cliste a cruthaíodh agus sonraí eacnamaíocha a chur in iúl • Toradh an Athbhreithnithe Náisiúnta ar Bhunlíne CMÁ le príomhphointí CCBÁC nach ndearnadh tagairt dóibh i gclár na Roinne • Idirphlé breise ar an gCáin Tobhaigh/ Muirear Cóiríochta ar Chuaireoirí agus ar an mbealach a bhfuil siad i bhfeidhm go rathúil i gcathracha Eorpacha eile • Nuashonrú ar Shlua-chistiú Chathair Bhaile Átha Cliath agus ar a sheoladh ag Teach an Ardmhéara • Idirphlé ar na Muirir Phlódaithe mar mhodh cistithe eile do CCBÁC
16 Samhain 2023	• Riaráistí Cíos agus réasúnaíocht an Rialtais go bhfuil gá le beartas náisiúnta cíos chun córas a thabhairt isteach lena gcumasófaí córas um asbhaint dhíreach le haghaidh cíosanna • Tabhairt isteach reachtaíochta nua maidir le rátaí agus an bealach a mbeadh tionchar aige ar bhailiú rátaí • Pléadh saincheisteanna faoi inrochtaineacht don fhoireann agus faoin sreabhadh faisnéise chuig na Comhaltaí Tofa

Comhchoiste Póilíneachta Chathair Bhaile Átha Cliath

Comhaltaí na Comhairle

An Cathaoirleach: An Clr Tara Deacy, SD
Leaschathaoirleach: An Clr Mannix Flynn, Neamh-Pháirtí
An tArdmhéara Daithí de Róiste
An Clr Deirdre Heney, FF
An Clr Janet Horner, GP
An Clr Danny Byrne, FG
An Clr Ray McAdam, FG
An Clr Dermot Lacey, LAB
An Clr Joe Costello, LAB
An Clr Daithí Doolan, SF
An Clr Larry O'Toole, SF

1 FHOLÚNTAS

Comhaltaí an Oireachtais

An Seanadóir Mary Seery Kearney
An Seanadóir Mary Fitzpatrick
Gach Teachta Dála agus Seanadóir a dhéanann ionadaíocht ar an gCathair (ar mian leo a bheith i láthair)

Ionadaithe Gnó agus Pobail

Tony Duffin, Tionscadal Drugaí Ana Liffey, ALDP
Joe Donohoe, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Fatima Groups United
Alan Morrissey, Cónaitheoirí Éadan Mór
Theresa Kelly, Cónaitheoirí Éadan Mór
Stephen Browne, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath
Richard Guiney, Dublin Town
Adrian Cummins, Cumann Bhialanna na hÉireann

Oifigigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Frank d'Arcy, Príomhfheidhmeannach Cúnta Gníomhach

An Garda Síochána

Coimisinéir Cúnta Angela Willis
Ard-Cheannfort Patrick McMenamin
Ard-Cheannfort Anthony O'Donnell

DÁTA CRUINNITHE 2023

30 Eanáir 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

- Plean Oibre Bliantúil 2023
- Tuarascáil ó Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána ina raibh nuashonruithe ar:
 - Acmhainní
 - Oibríochtaí Citizen
 - Thor
 - Faoiseamh and Caomhnaigh
 - An Aip Réadmhaoine
 - Leas Ainmhithe
 - Agóidí
 - Stáisiún Gardaí nua molta ar Shráid Uí Chonaill
- Comhfhreagras ón Aire maidir le Tinte Ealaíne

Comhchoiste Póilíneachta Chathair Bhaile Átha Cliath ar lean

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

27 Márta 2023

- Cur i láthair ar Shamhail Bristol
- Forbhreathnú ar an Údarás Póilíneachta
- Tuarascáil ó Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána ina raibh nuashonruithe ar:
 - Oibríocht Citizen
 - Drochíde sa Teaghlach
 - Agóidí
 - Stáisiúin Gardaí ar Shráid Uí Chonaill
 - Foireann Bhaile Átha Cliath um Fhreagairt ar Choireacht
 - Leas Ainmhithe
 - Calaois Chaidrimh
 - Feachtas Earcaíochta an Gharda Síochána
- Plean Oibre Bliantúil 2023
- Tionól na Saoránach maidir le hÚsáid Drugaí
- Tuarascáil an Bhainisteora Feidhmiúcháin, CCBÁC, ina raibh nuashonruithe ar:
 - Cruinnithe an Údaráis Póilíneachta atá le reáchtáil go luath
 - Stádas na Saoráide Insteallta faoi Mhaoirsiú Liachta
 - Nuashonruithe ábhartha ó chruinnithe le déanaí leis na Fochoistí den Chomhchoiste Póilíneachta

29 Bealtaine 2023

- Cur i Láthair ar Im eaghlú a bhaineann le Drugaí
- Tionól na Saoránach maidir le Drugaí
- Tuarascáil ó Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána ina raibh nuashonruithe ar:
 - Cuairt an Uachtaráin Biden
 - Oibríochtaí Citizen,
 - Saul, Irene agus Fógra,
 - Agóidí
 - Reachtaíocht maidir le húsáid rothar streachailte
 - Seomra Rialaithe DMR nua lonnaithe ag Stáisiún Heuston
- Tuarascáil an Bhainisteora Feidhmiúcháin, ina raibh nuashonruithe ar:
 - Cruinnithe an Údaráis Póilíneachta – dátaí
 - Stádas na Saoráide Insteallta faoi Mhaoirsiú Liachta – nuashonrú ón MQI
 - Tuarascáil Bhliantúil an Chomhchoiste Póilíneachta – do chruinniú na Comhairle Cathach i mí an Mheithimh
 - Nuashonruithe ábhartha ó chruinnithe le déanaí leis na Fochoistí den Chomhchoiste Póilíneachta

24 Iúil 2023

- Iompar Frithshóisialta i lár na cathrach
- Tuarascáil ó Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána ina raibh nuashonruithe ar:
 - Oibríochtaí Citizen agus Saul
 - Agóidí
 - Goid Rothar
 - Acmhainní
- Tuarascáil an Bhainisteora Feidhmiúcháin, ina raibh nuashonruithe ar:
 - Cruinnithe an Údaráis Póilíneachta – dátaí
 - Nuashonruithe ábhartha ó chruinnithe le déanaí leis na Fochoistí den Chomhchoiste Póilíneachta
 - Straitéis um Iompar Frithshóisialta

DÁTA**CRUINNITHE 2023****TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU**

25 Meán Fómhair
2023

- Forbhreathnú ar an Straitéis um Bainistiú Eastát
- Grúpa fócais Lár na Cathrach
- Uainchláir an Gharda Síochána
- Tuarascáil ó Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána ina raibh nuashonruithe ar:
 - Oibríocht Saul
 - Agóidí/Tionóil
 - Póilíneacht Bóithre
 - Rothair Leictreacha – Scéim Phíolótach an Gharda Síochána
- Tuarascáil an Bhainisteora Feidhmiúcháin, CCBÁC, ina raibh nuashonruithe ar:
 - Straitéis um Bainistiú Eastát:
 - Cruinnithe an Údaráis Póilíneachta – dátaí
 - Nuashonruithe ábhartha ó chruinnithe le déanaí leis na Fochoistí den Chomhchoiste Póilíneachta

27 Samhain 2023

- Tuarascáil ó Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána
- Tuarascáil an Bhainisteora Feidhmiúcháin, CCBÁC

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath

Baill na hEarnála Poiblí

An Cathaoirleach: An Clr Racheal Batten, FF (Cathaoirleach a ceapadh an 31 Eanáir 2024)
An Clr Carolyn Moore, GP (tháinig deireadh lena tréimhse trí bliana mar Chathaoirleach an 30 Meán Fómhair 2023)
An Clr Tom Brabazon, FF
An Clr Daithí Doolan, SF
An Clr Sophie Nicoullaud, Neamh-Pháirtí (D'éirigh as an 17 Lúnasa 2023)
Michelle Robinson, CCBÁC (Tháinig in áit Frank D'Arcy an 22 Samhain 2023)
Greg Swift, CCBÁC
Ellen O'Dea, FSS
Blake Hodgkinson, Bord Oideachais agus Oiliúna
Chathair Bhaile Átha Cliath

Comhaltaí na hEarnála Príobháidí

Anne Fitzgerald, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
Paul Rogers, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
Sandra Dillon, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
Michelle Murphy, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
An Dr Akeem Bhadmus (Tháinig in áit Kelley Bermingham, PPN, an 27 Meán Fómhair 2023)
Leo Dillon, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
Karen Smollen, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
An tOllamh Deiric O'Broin, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
An Dr Sarah Miller, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí
Claire Wheeler, Lónra Rannpháirtíochta Poiblí

DÁTA

CRUINNITHE 2023

TÉAMAÍ / SAINCHEIST BEARTAIS AR DÍRÍODH ORTHU

22 Feabhra 2023

- Cistiú/Cláir DRCD
- Cláir Éire Shláintiúil/Sláintecare

26 Aibreán 2023

- Cistiú/Cláir DRCD
- Cláir Éire Shláintiúil/Sláintecare
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

24 Bealtaine 2023

- Cistiú/Cláir DRCD
- Cláir Éire Shláintiúil/Sláintecare
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)
- Cur i Láthair Lónra Rannpháirtíochta Poiblí

21 Meitheamh 2023

- Cistiú/Cláir DRCD
- Cláir Éire Shláintiúil/Sláintecare
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

22 Samhain 2023

- Cistiú/Cláir DRCD
- Cláir Éire Shláintiúil/Sláintecare
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

Tuarascáil ar **Phríomhsheirbhísí**

Rannóg an Phríomhfheidhmeannaigh

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Saincheadúnas

Reáchtáil an Fhoireann Saincheadúnais feachtas promóisin leis na hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath ón 25 Meán Fómhair go dtí an 11 Deireadh Fómhair chun Voter.ie a chur chun cinn, chun daoine a spreagadh clárú nó a mionsonraí a thabhairt cothrom le dáta nó réamhchlárú ar líne. Aistríodh an feachtas sna meáin shóisialta go dtí Portaingéilis na Brasaíle, Spáinnis agus Polainnis. Bhí fógraí i nGaeilge ann freisin ar an raidió, sna meáin chlóite agus sna meáin dhigiteacha. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a mhaoinigh an feachtas.

D'fhreastail an Fhoireann Saincheadúnais ar roinnt imeachtaí i gColáistí agus Ollscoileanna chun mic léinn a spreagadh le clárú chun vóta a chaitheamh, agus ar imeachtaí eile de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Féile Rós mar shampla.

Rinne an Rannóg Saincheadúnais 17,639 nuashonrú ar Chlár na dToghthóirí i rith 2023. Áiríodh leis sin 5,246 scríodadh, 6,494 breiseán agus 5,899 athrú ar shonraí. Chláraigh 347,323 duine ar fad le vótáil.

Ionadaíocht Áitiúil/ Ceannaireacht Shibhialta

Saoirse na Cathrach

Bronnadh Saoirse Chathair Bhaile Átha Cliath ar Duncan Stewart agus ar Greta Thunberg mar aitheantas don lear mór oibre a rinne siad ar son Chathair Bhaile Átha Cliath i dtaca le Gníomhaíochas Comhshaoil.

Duaiseanna an Ardmhéara

Bhronn an tArdmhéara Caroline Conroy Duais an Ardmhéara ar na daoine agus na grúpaí seo a leanas an 30 Márta 2023 in ómós don obair mhór a rinne siad do Bhaile Átha Cliath agus dá shaoránaigh:

- Sandra Dillon
- Gerard Prendergast
- An Taisce
- Sail Training Ireland
- Barry Keoghan

Fáiltithe Cathartha

D'óstáil an tArdmhéara Daithí de Róiste dhá Fháiltiú Chathartha d'Fhoireann Shinsir Bhaile Átha Cliath i bPeil na bhFear agus d'Fhoireann Shinsir Bhaile Átha Cliath i bPeil na mBan sa Seomra Cruinn i dTeach an Ardmhéara.

PRÍOMHSHEIRBHÍS**ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023****Tacaíocht do
Chomhaltaí Tofa**

D'fhorbair Rúnaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh Clár Oiliúna cuimsitheach do Chomhairleoirí a chlúdaigh réimsí ar nós na Gaeilge, Teachtairreachtaí sna Meáin Shóisialta agus Sláinte agus Sábháilteacht Phearsanta. Chomh maith leis sin, cuireann an Clár deiseanna ar fáil do Chomhairleoirí maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Tháinig Coiste na mBan le chéile le haghaidh sé6 chruinniú in 2023. Tar éis iarratas rathúil ar mhaoiniú ón Roinn chun Rannpháirtíocht na mBan agus na hÉagsúlachta sa Rialtas Áitiúil a Mhéadú 2022, bronnadh maoiniú €11,000 ar an gcoiste i mí na Samhna 2022. Mar thoradh air sin, bhí an coiste in ann maoiniú a spriocdhíriú agus a úsáid le linn na bliana mar seo a leanas:

- Lá Idirnáisiúnta na mBan ar an 8 Márta 2023
- Iniúchtaí Sábháilteachta
- Ceardlann faoi Mhionpháirc
- Oiliúint sna Meáin Shóisialta
- Tráthnóna chun buíochas a ghabháil le cúramóirí daoine a bhfuil néaltrú orthu
- Uasghrádú ar Áiseanna na gComhairleoirí – Halla na Cathrach

**Córas Clárúcháin
Toghcháin an
Rialtais Áitiúil
(LGERS)**

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mar phríomhúdarás, freagrach as Tionscadal Chóras Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) a sheachadadh thar ceann na hearnála Rialtais Áitiúil.

Ghlac CCMA agus an próiseas measúnaithe piaraí faoi stiúir na Roinne leis an gCás Gnó don tionscadal in 2023. Cheap an tAire Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an tÚdarás Clárúcháin Ainmnithe, i gcomhréir leis na hachtanna toghcháin, chun an córas a fhorbairt agus a bhainistiú do na húdaráis áitiúla go léir. Gheofar an córas nua néalbhunaithe faoi mhí an Mheithimh 2024.

Tá an Líonra um Athrú Toghcháin earnála á chomhordú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus d'ullmhaigh an líonra sin treoirlínte náisiúnta maidir le "Clár na dToghthóirí a Ullmhú agus a Chothabháil" in 2023.

An Rannóg Tithíochta agus Pobail

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Aonaid tithíochta údaráis áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Tithe folmha a ndearnadh athchóiriú orthu: 1,080 aonad (961 réadmhaoin fholamh de chuid na comhairle agus 119 ceannach)

Bunaíodh Creat-chomhaontú Ilpháirtí nua le haghaidh Mionoibreacha Deisiúcháin agus Cothabhála arbh fhiú €48 milliún an conradh agus mairfidh sé dhá bhliain.

Chuir an Clár Inrochtaineachta Tionóntaí um Oiriúnuithe agus Eisínteachtaí an obair seo a leanas i gcrích in 2023: 251 oiriúnú cithfholcadáin; 34 Rampa; 58 Ardaitheoir Staighre; 1 Síneadh agus 113 athrú níos lú eile.

Mairfidh Creat-chomhaontú Ilpháirtí nua le haghaidh Chlár Oibreacha Iarfheistithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ocht mbliana agus is fiú €125 milliún an conradh.

Rinne uasghrádú ar 281 teach faoin gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh Suiteáladh 1,700 Gaothrán Aerála Meicniúla i 573 réadmhaoin.

- Rinneadh uasghrádú ar fhuinneoga i dtí choimpléacs agus in os cionn 100 aonad aonair.
- Suiteáladh bearta nua frithshleamhnánacha ar na staighrí ag seacht gchoimpléacs.
- Rinneadh uasghrádú ar bhalcóiní ag ceithre choimpléacs.
- Deisíodh draenacha ag 15 choimpléacs agus suiteáladh feistí frith-chreimirí
- Rinneadh 400 suirbhé coinníollach
- Deisíodh os cionn deich ndíon ar fud na cathrach agus rinneadh deisiúcháin struchtúracha ag cúig choimpléacs.
- Rinneadh uasghrádú ar na haonaid i Lios an Daill mar chuid dár gclár oibreacha feabhsaithe.

Measúnú, leithdháileadh agus aistriú tithíochta

Leithdháileadh 2,252 aonad in 2023, méadú 215 ar an líon a leithdháileadh in 2022. Chuir Leithdháiltí Tithe tairseach nua Rogha Ligin ar líne i bhfeidhm d'iaratasóirí agus leithdháileadh 704 réadmhaoin Tithíochta in 2023 trí Rogha Ligin. 8.34% a bhí sa ráta diúltaithe do rogha ligin i gcomparáid le 21.48% don chuid eile den ligean.

Amhail mí na Nollag 2023, bhí 13,517 iartrasóir ar an liosta Tithíochta agus 16,533 iartrasóir ar an Liosta Aistrithe.

Fuarthas 800 fiosrú in aghaidh na míosa ar an meán i Mol an tSaoránaigh in 2023. D'fhreagair seirbhís teileafóin thart ar 1,200 glao gutháin in aghaidh na seachtaine agus phléigh seirbhís coinne ag cuntar le thart ar 250 coinne in aghaidh na seachtaine.

Tá obair ar siúl leis an tionscadal nua NEC a thiocfaidh in áit an chórais tithíochta atá againn faoi láthair.

Bainistíocht cíosa tithíochta

Bailíodh €99,912,582 in admhálacha cíosa in 2023, méid a léirigh méadú 5% ar 2022.

Laghdaíodh an gnáth-thimthriall measúnaithe cíosa ó níos mó ná dhá bhliain go dtí bliain amháin, rud a chinntigh gur féidir an dochar cíosa a uasmhéadú. Rinneadh 21,968 measúnú cíosa in 2022, ach méadaíodh an líon sin go mór go dtí 36,653 in 2023.

Tá Cuntais Chíosa 70% de na tionóntaí comhlíontach agus bhí comhaontuithe athsceidealaithe ag 21% eile de thionóntaí.

Eisíodh 193 Rabhadh Tionóntachta in 2023, liostaíodh 154 Cás Cúirte le haghaidh éisteachta agus deonaíodh 34 Ordú Seilbhe.

PRÍOMHSHEIRBHÍS**ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023****Obair Shóisialta**

- Fuair an tSeirbhís um Obair Shóisialta ar Dualgas 3,401 glao gutháin le linn 2023, méadú 589 glao ó 2022.
- Fuarthas 656 atreorú Oibre Sóisialta
- Fuarthas 933 iarratas ar Fhorais Shóisialta Eisceachtúla in 2023, méadú 260 iarratas ar an dá bhliain roimhe sin.
- Lean Oibrí Sóisialta Sinsearach ar aghaidh le ról Ionadaí Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil san Oifig Náisiúnta SORAM ag obair i gcomhpháirtíocht leis na Gardaí, an tSeirbhís Phromhaidh, TUSLA agus an tSeirbhís Phríosúin le sainchúram chun ciontóirí gnéis ardriosca a bhainistiú sa phobal.
- Fuair an tseirbhís Idirghabhála cúig atreorú

Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta

Tugadh 1,523 teach chun críche in 2023 trí raon cainéal seachadta:

Tithe nuathógtha: 761

Léasú Fadtéarmach: 410

Éadálacha: 352 (éadail le tionónta in situ chun easpa dídine a chosc a bhí in 234 díobh sin)

Chuir Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe tús le tógáil ar 868 aonad nua tithíochta sóisialta ag 20 láithreán i gceantar na cathrach.

I measc na scéimeanna tithíochta sóisialta i rith na bliana bhí na tionscadail athghiniúna tithíochta ag Cúirt Chorr na Móna, Bóthar Bhun Raite, Sráid Bonham, Shráid Corcaí Cuireadh Cuid 8 de na Tionscadail Athghiniúna ag Cnoc an Bhunreachta i gcrích, cuireadh Alt 179a Cúirt Mhaitiú Talbóid i gcrích

Tosaíodh ar dhá thionscadal athghiniúna tithíochta ar an láithreán in 2023: Cúirt Glin agus Cúirt Fhionnbharra

Fuarthas cistiú Chéim 1 ó RTRÁO do Theach Oliver Bond – Céim 1, Abhantrach na Canálach Móire, Sráid Dhoiminic Thiar

Fuarthas Cistiú Chéim 2 ó RTRÁO do Chúirt Naomh Áine, St Andrew's Court, Cúirt Chaisleán na Croma agus láithreán an tseanchlóis ghuaill

Fuarthas Cistiú Chéim 3 ó RTRÁO do Shráid Dorset

Fuarthas Cistiú Chéim 4 ó RTRÁO do Chúirt Glin agus Cúirt Fhionnbharra

Clár PPP:

Cuireadh Pleanáil Chuid 8 chun cinn agus baineadh amach í ar roinnt scéimeanna, lena n-áirítear Sráid Dorset, Cúirt Choill an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 5 agus i nGort na Silíní. In 2022, fuair an clár Tithíochta Sóisialta CPP Beart 3 cead pleanála Chuid 8 & 10 do na sé shuíomh go léir, ar láithreáin de chuid na Comhairle Cathrach iad trí cinn acu (An Port Thoir, Bóthar na Seangán & Fionnbhrú).

Rachfar chun cinn leis an bpleanáil ar Bhearta 4 agus 5 agus cuirfear tús le comórtas soláthair in 2024 le haghaidh 18 láithreán ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath do thart ar 2,200 áras cónaithe, a mbeidh 1,200 díobh i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tugadh tacaíocht bhreise do Chlár an PPP faoi Thithíocht do Chách, Cuid 4.3. Ceapadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an Príomh-Údarás do Bheart 7, ina bhfuil sé láithreán. Tá trí láithreán ag an gComhairle Cathrach i mBeart 7 a rachaidh chun cinn trí dhearadh scéime agus trí thús a chur le pleanáil in 2024.

In 2023, bhunaigh an tAonad Athúsáide Oiriúnaithí clár tionscadal lena gcuirfear 110 áras cónaithe nua ar fáil, agus tá sé ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun tacaíochtaí agus beartais a fhorbairt don athghiniúint cathrach agus don sásra seachadta tithíochta nua seo.

An Rannóg Tithíochta agus Pobail ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Caighdeán a fhorfheidhmiú i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Rinneadh 6,611 cigireacht ar 8,385 tionóntacht chláraithe i 5,608 áitreabh i rith 2023. As na háitribh a ndearnadh cigireacht orthu, bhí 3,015 neamhchomhlíontach ar an gcéad chigireacht. As an 6,611 cigireacht, lena n-áirítear athchigireachtaí a rinneadh, bhí 6,234 fisiciúil agus 377 fíoriúil. Eisíodh 3,042 Litir Feabhsúcháin ar an iomlán agus seirbheáladh 946 Fógra Feabhsúcháin i rith 2023. Seirbheáladh 106 Fógra Toirmisc agus moladh tús a chur le ceithre chaingean dlí maidir le mainneachtain Fógra Feabhsúcháin a chomhlíonadh.

In 2023, measadh gur chomhlíon 3,235 áitreabh Rialacháin na dTithe (Caighdeán maidir le Tithe ar Cíos) 2019, rud a d'fhág go bhfuil tithe níos sábháilte agus níos sláintiúla ann do na daoine aonair agus do na teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu sna réadmhaoin seo.

Clár Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) do Dhaoine Gan Dídean

- Tá 9,100 tionóntacht bheo faoin scéim HAP do Dhaoine Gan Dídean. Is as na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath iad na teaghlaigh sa scéim seo. Cruthaíodh 1,385 tionóntacht nua i rith 2023.
- Cuireadh an tionscadal riaráiste HAP i bhfeidhm in 2023 i gcomhar le Focus Ireland.

HAP Príomhshrutha

- Tá 5,450 tionóntacht bheo faoin scéim HAP do Dhaoine Gan Dídean de chuid CCBÁC. Cruthaíodh 744 tionóntacht nua i rith 2023.

Is é 14,550 an líon iomlán tionóntachtaí comhcheangailte agus cruthaíodh 2,129 tionóntacht ar an iomlán i rith 2023.

Cóiríocht shonrach don Lucht Siúil

Scéim Iasachta Carbhán: Deonaíodh cistiú dar luach €400,000 le haghaidh deich n-iasacht do CCBÁC in 2023.

Scéim Éigeandála Carbhán: 9 gcinn eisithe

Clár Iarfheistithe Pháirc an Charad: 28 tugtha chun críche

Seiceálacha nua sábháilteachta ó dhóiteán ar threalamh ar gach láithreán le haghaidh seirbhísiú agus/nó deisiú/athsholáthair críochnaithe go hiomlán faoi dheireadh 2023

Comhaireamh Bliantúil an Líon Daoine den Lucht Siúil déanta ag Rannóg Leasa Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Ath-leithdháileadh ceithre Bhá thréigthe ag Páirc Iósaif tugtha chun críche

Páirc an Charad Páirc – cuireadh iarratas Chéim 2 isteach i mí na Nollag 2023

Páirc Avila – Tógáil Trí Theach: Costálacha le haghaidh aighneacht na Roinne ar bun

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil: Athbhreithniú curtha i gcrích i mí na Samhna 2023

Éadálacha: 10 réadmhaoin

Liosta Tosaíochta Tithíochta don Lucht Siúil

Tithe faighte do 21 iarratasóir (16 theaghlach; beirt iarratasóirí shingile; trí lánúin)

Iníúchadh Cothabhála curtha i gcrích

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

RAS agus Clár
Léasaithe Sóisialta

Lean Scéim RAS ar aghaidh ag cur tithíocht ar ardchaighdeán ar fáil dá 2,232 tionónta ar fud 700 réadmhaoín. Coinníodh caighdeán na réadmhaoine seo trí chigireachtaí leanúnacha a rinneadh trí phróiseas cumaiscthe cuairteanna cianda agus ar an láthair. Rinneadh 153 Conradh Tiarnaí Talún a athnuachan in 2023 ar feadh sé bliana eile. Rinneadh 555 athbhreithniú cíosa.

Lean focaíochtaí Forlíonta Cíosa, do thionóntaí a bhfuil cónaí orthu i réadmhaoín atá maoinithe faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil agus arna mbainistiú ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, ag ardú in 2023. Ba é 1,464 an líon tionóntaí ag deireadh na bliana ar tugadh tacaíocht dóibh.

Tá cur chuige comhpháirteach glactha ag RAS leis an Rannóg Cíosanna chun cur chuige le plé le riaráistí cíosanna a fhorbairt agus déanfar athbhreithniú air sin sa chéad ráithe de 2024.

Leanadh ar aghaidh leis an Scéim Léasaithe Fhadtéarmaigh in 2023 agus seachadadh 277 teach sóisialta.

Iasachtaí Tithíochta
agus Tionóntaí ag
Ceannach

In 2023, fuarthas 157 iarratas ar Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil, agus fuair 103 de na hiarratais sin faomhadh iasachta. Cuireadh 46 Iasacht Tithíochta ón Údarás Áitiúil chun cinn i rith 2023.

I rith 2023, chuir 50 tionónta iarratas isteach maidir lena dtithe a cheannach faoin Scéim Ceannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí. Cheannaigh 11 tionónta a dtithe faoin Scéim sin.

Ba é €9.35m an luach iasachta iomlán a cuireadh chun cinn in 2023.

Deontais Tithíochta

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 1,419 nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta ar fáil do Dhaoine Breacaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2023. Luach thart ar €11.65 milliún ar an iomlán a bhí ann.

An Rannóg Tithíochta agus Pobail ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Tháinig méadú 25% ar athchóiríocht, lenar coiscedh easpa dídine in 2023. Tugadh athchóiríocht do 1,398 teaghlach a bhí i mbaol na heaspa dídine agus ní raibh orthu dul i gcóiríocht éigeandála.

Tháinig méadú 6% in 2023 ar an líon daoine a d'fhág cóiríocht éigeandála agus a fuair tionóntachtaí. D'fhág 1,021 teaghlach cóiríocht éigeandála agus fuair tionóntacht; ach mar gheall ar an ráta íseal daoine a fuair tionóntacht, i gcomparáid leis an ráta daoine nua a tháinig os comhair na seirbhíse, bhí méadú 15% ar an líon teaghlach i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana.

Tharla dhá chomhaireamh daoine a chodlaíonn amuigh i réigiún Bhaile Átha Cliath in 2023 (mí an Mhárta agus mí na Samhna). Léirigh comhaireamh mhí na Samhna go raibh 118 duine ag codladh amuigh, méadú ar an 83 duine a chonacthas i gcomhaireamh mhí an Mhárta 2023. B'Éireannaigh iad formhór na ndaoine a comhaireadh, fir, agus idir 26-45 bliain d'aois agus bhí áirithint oscailte ag 36% acu do chóiríocht éigeandála ar an oíche a bhain siad úsáid as.

Tá Caighdeán forbartha ag an bhFeidhmeannach do Dhaoine gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHE) do Sholáthraithe Cóiríochta Éigeandála Príobháidí thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá clár oiliúna agus sraith Príomhtháscairí Feidhmíochta curtha i bhfeidhm ar fud na Cóiríochta Éigeandála Príobháidí mar chuid de chur i bhfeidhm na gCaighdeán.

Chruthaigh DRHE cigireacht neamhspleách chun gach cóiríocht éigeandála a mheasúnú agus chun tuairisciú ar ais go neamhspleách. Ní luaitear sonraí pearsanta sna tuarascálacha agus foilsítear iad ar shuíomh gréasáin DRHE ar bhonn ráithiúil.

Atosaíodh na cigireachtaí faoin gCreat um Chaighdeán Náisiúnta Cáilíochta ar fud áiseanna na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha in 2023 freisin agus rinneadh 28 cigireacht iomlán.

Ionchuimsiú agus Lánpháirtíocht Shóisialta

- Scéimeanna deontais Pobail, Oideachais Aosaigh, Droichead Thomáis Uí Chléirigh agus tionscadail an tSamhraidh a riar agus a rialáil.
- Struchtúir Aoisbháúla a chur i bhfeidhm de réir an Mheabhráin Tuisceana lena n-áirítear Comhairlí Aoisbháúla a bhunú ar fud na limistéar riaracháin.
- Seachadadh chlár imeachtaí agus gníomhaíochtaí Chomhairle na nÓg le linn na bliana arna roghnú agus arna stiúradh ag comhaltaí
- Tionóladh Seachtain um Ionchuimsiú agus Lánpháirtíocht Shóisialta ón 6–12 Samhain, ina raibh raon leathan gníomhaíochtaí, ina measc Baile Átha Cliath a sheoladh mar Chathair Uathachas-Bháúil agus imeachtaí agus clár do phobail áitiúla.

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

An Coiste Forbartha
Pobail Áitiúil

- Cuireadh SICAP 2018 – 2023 i gcrích agus cuireadh an Próiseas Soláthair Phoiblí le haghaidh SICAP 2024 – 2028 dar luach €48,716,460 i gcrích.
- Bronnadh conarthaí i mí na Nollag ar chúig Fheidhmeoir Cláir Rathúla sna cúig Ghabhálas de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina bhfuil na dlúis is mó de mhíbhuntáiste geografach.
- Riaradh cistiú bliantúil dar luach thart ar €12,000,000 i sruthanna éagsúla cistiúcháin ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Clár um Pobail Shláintiúla Sláintecare

- Cuireadh measúnú píolótach i bhfeidhm i bhFionnghlas ar Riachtanais Sláinte i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)

- Cuireadh anailís shocheacnamaíoch, ráiteas socheacnamaíoch, dréacht-spriocanna ardleibhéil agus doiciméadacht maidir le comhairliúchán poiblí i gcrích mar chuid de Chéim a hAon, mar a leagtar amach sna treoirlínte reachtúla.
- Comhairliúchán poiblí an 13 Samhain 2023 go dtí an 15 Eanáir 2024.

Sábháilteacht
Struchtúr & Áiteanna

Eisíodh fógraí maidir le Foirgnimh Chontúirteacha

- DB1: 75
- DB2: 2
- DB3: 0

Glaonna amach Cigirí maidir le Foirgnimh Chontúirteacha

Gnáth-ghlaonna: 223

Tar éis gnáthuaireanta oibre: 82

Líon iomlán réadmhaoine CCBÁC ar freastalaíodh orthu (lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre) 12

Leas agus Rialú
Ainmhithe

Tá ceapachán Cigire Leasa Ainmhithe curtha i gcrích agus tá cúigear Maor Leasa Ainmhithe le hearcú.

Sainithníodh an dara saoráid Dídine do Mhadraí lena soláthrófar 20 spás breise, rud a fhágfaidh go mbeidh 45 spás ar an iomlán ar fáil.

Faoin Acht um Rialú Capall 1996, gabhadh 38 capall; aistríodh 33 capall chuig carthanais leasa ainmhithe agus tugadh cúig chapall ar ais dá n-úinéirí. Eisíodh 30 ceadúnas capaill.

Faoin Acht um Rialú Madraí 1986, glacadh 175 madra isteach sa dídean do mhadraí, aistríodh 93 chuig carthanais agus tugadh 38 ar ais dá n-úinéirí.

Tá an fhorbairt ar chlár oideachais dírithe ar Leas Ainmhithe beagnach i gcrích.

Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Cosaint Shibhialta

Ba bhliain an-ghnóthach í 2023 do Chosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 365 oibrí deonach gníomhach ann.

- Iarratais ar Chabhair: 396
- Iarratais ar Chabhair ó Ionaid Shuaimhnis: 58
- COVID-19: Iarratais Oibríochtaí (Ionad tástála othar, Coinní othar, Trealamh ospidéal, Seachadtaí Cógaís, Seirbhís Fuilaistriúcháin, Seachadadh Bia, Cóimeáil Trealamh Tástála PCR don FSS agus pacáistí TCP do DFB/FSS): 12
- Imeachtaí Pobail/Spóirt: Áras an Uachtaráin, Imeachtaí Stáit dé chuid Oifig na nOibreacha Poiblí, Staid Aviva, Staid Thamhlachta, Baile Bhairéad, imeachtaí éagsúla pobail. Iarratais: 224
- Cúnamh Ganntanas Uisce (Fearas Dóiteáin/Tancaer Uisce): Ospidéal Lúcaís, Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe (DSPCA), Óstán North Star, etc. Iarratais: 7
- Iarratais ar Chuardaigh do Dhuine ar Iarraidh: 18
- K9: Iarratais ar Chuardaigh do Dhaoine ar Iarraidh i gContaetha Eile: 16
- Báid Tarrthála: Cuardaigh do Dhaoine ar Iarraidh: 6

Caiteachas lomlán: €1,438,207

Feidhmiú na Seirbhíse Dóiteáin

Láimhseáil Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (DFB) 207,575 glao éigeandála ar 999/112. Rinneadh 80,357 slógadh ar sheirbhísí leighis éigeandála ar fud na gceithre Údarás Áitiúla agus 34,927 slógadh dóiteáin agus tarrthála.

Úsáideann DFB 12 stáisiún dóiteáin lánaimseartha agus 2 stáisiún dóiteáin coinnithe, Ionad Cumarsáide Réigiún an Oirthir (ERCC), saoráid Ionaid Oilúna atá creidiúnaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, Rannóg um Chosc/Forfheidhmiú Dóiteáin, Rannóg Riaracháin agus Rannóg Lóistíochta chun an tseirbhís seo a fheidhmiú go héifeachtúil.

Ionas a chinntiú gur féidir linn seirbhís ghairmiúil dhearbhaithe a sholáthar i gcás éigeandála, déanaimid cleachtaí ionsamhlúcháin i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Garda Cóta na hÉireann agus Óglaigh na hÉireann. D'fheabhsaigh DFB oiliúint ar líne do gach pearsanra, lena chinntiú go mbeidh pearsanra DFB inniúil agus muiníneach sa chaoi a dtéann siad i ngleic leis an raon leathan teagmhais a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn laethúil.

Chuir DFB fáilte roimh 84 earcach nua isteach sna céimeanna oibríochta. Tá na hearcaigh nua tar éis dul i mbun a bpost in éineacht le Comhraiceoirí Dóiteáin/Paraimhíochaineoirí a bhfuil taithí acu ar fud na sé cheantar.

PRÍOMHSHEIRBHÍS **ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023**

Cosc Dóiteáin

Próiseáladh 1,472 larratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán.

Eisíodh deich bhFógra um Shábháilteacht ó Dhóiteán in 2023 agus tugadh ceithre ionchúiseamh os comhair na gCúirteanna.

In 2023 rinne foireann laistigh den Rannóg um Chosc Dóiteáin agus Sábháilteacht ó Dhóiteán Pobail ionadaíocht ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ag cruinnithe Coistí Béalí Faoin Aer agus thug tuairim i ndáil le Sábháilteacht ó Dhóiteán ar os cionn 140 larratas ar Throscán Sráide. Leanfar den obair seo in 2024.

Chuireamar dlús lenár bhfeachtas feasachta um shábháilteacht ó dhóiteán in 2023. Cruthaíodh sé fhógra leis na príomhtheachtaireachtaí a theastaigh uainn a chur chun cinn istigh iontu agus taispeánadh an feachtas #RED4ready le linn na seachtaine sábháilteachta ó dhóiteán.

Seachadadh 2,970 aláram deataigh agus 50 aláram deataigh do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta orthu do ghrúpaí pobail agus do dhaoine a raibh aláram de dhíth orthu.

Bhí Rannóg um Chosc Dóiteáin & Sábháilteacht ó Dhóiteán Pobail an DFB páirteach go hiomlán i líon mór imeachtaí ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath agus chuir sí comhairle ar fáil dóibh.

I measc na dTionscadal Speisialta bhí an tionscadal MetroLink i gcomhar le Rannóg Oibríochtaí DFB agus i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann TII; tionscadal Oidhreacht agus Sábháilteacht ó Dhóiteán i bhFoirgnimh i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall; Próiseas Athbhreithnithe Iar-Thine; ag obair le DRHE ar chóiríocht do dhaoine gan dídean mar fhreagairt ar an ngéarchéim tithíochta agus mar fhreagairt ar ghéarchéim na hÚcráine.

An Roinn Comhshaoil agus Iompair

Seirbhísí Bóithre agus Trácht

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Cothabháil agus Feabhsú Bóithre

Chuir Seirbhísí Cothabhála Bóithre Clár Oibreacha Bliantúla dar luach thart ar €15 mhilliún ar fáil in 2023. Leis sin, rinneadh athdhromchlú agus/nó atógáil ar thart ar 20km de bhóithre agus rinneadh 30km de chosáin a dheisiú/athnuachan.

Réitíodh os cionn 5,300 fiosrú agus iarratas ar sheirbhís ó chustaiméirí freisin in 2023, agus deisíodh os cionn 5,500 fabht agus guais ar an ngréasán bóithre agus/nó baineadh an dochar astu. Chomh maith leis sin, deisíodh 420 fabht agus guaiseach criticiúil agus/nó rinneadh sábháilte iad laistigh de 24 uair an chloig ó taifeadadh iad.

Cuireadh an Clár Cothabhála Geimhridh i bhfeidhm go rathúil agus rinneadh monatóireacht laethúil ar na dálaí aimsire réamh-mheasta i rith mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí Aibreáin. Cuireadh grean le trí chéad ciliméadar den ghréasán bóithre ar 19 n-ócáid ar leith, nuair a bhí dálaí reo tuartha.

Soilsiú Poiblí

Lean an Rannóg um Shoilsiú Poiblí ar aghaidh le seirbhísí cothabhála agus dearaidh ardchaighdeán a sholáthar in 2023 i ndáil leis an 47,000 sócmhainn soilsithe poiblí de chuid na Comhairle. Lean an Rannóg ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm roinnt mhaith príomh-Thionscadail Caipitil sna réimsí Seachadadh Tithíochta, Laghdú Fuinnimh, tionscnaimh um Thaisteal Gníomhach, BusConnects agus Metro North.

Rinneadh 4,000 lóchrann a uasghrádú go dtí teicneolaíocht LED agus suiteáladh 100 colún soilsithe oidhreacht ardchaighdeán faoin Tionscadal um Uasghrádú an tSoilsithe Phoiblí, ar cuireadh tús leis in 2023. Tá tuartha go ndéanfar coigilteas fuinnimh thart ar 50% i gcomparáid leis an teicneolaíocht soilsithe a bhí ann cheana féin a bhaint amach faoin tionscadal seo.

Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre

- Faomhadh iarratas pleanála Chuid 8 do Cheantar Shráid an Diúic/Shráid Anna agus tá an Dearadh Mionsonraithe beagnach críochnaithe
- Cuireadh tús le Conradh Oibreacha Ríochta Poiblí Shráid na Life. Tá formhór na n-oibreacha ar Shráid na Life Uachtarach críochnaithe agus tús curtha le hoibreacha ar Shráid na Life Íochtarach.
- Cuireadh tús leis an obair ar thionscadal Chearnóg Bharra an Teampaill ar an láithreán i mí Aibreáin 2023 agus tugadh formhór na tógála chun críche ar an gCearnóg
- Cuireadh Oibreacha Bonneagair Saileoige i gcrích
- Lorgaíodh tairiscintí do Scéim Ríochta Poiblí Shráid na Bearú agus bronnadh conradh
- Rinneadh dul chun cinn ar ghnáth-oibreacha agus ar oibreacha éigeandála Cothabhála Droichead
 - Athchóiriú ar Dhroichead Kerns
 - Uchtbhallaí agus soilse ag Droichead na Dothra
 - Ball Ché Uiséir – Oibreacha Cobhsaíochta
 - Droichead Samuel Beckett
 - Athsholáthar alt borrrtha ar Dhroichead Bhóthar na Coille Móire – Seach-chonair Shéipéal Iosóid
 - Lámhráille ag Cé Wolfe Tone
 - Balla agus Piaráí ag Salmon Pool

PRÍOMHSHEIRBHÍS**ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023**

- Deisiúcháin sciúrtha ar na droichid thar an Dothra
- Deisiúcháin ballaí ag Sruth an Mhuilinn
- Conradh bronnta le haghaidh Scéim Bhóthar Sheáin Uí Mhóra go dtí Atkins
- Rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal ag Droichead Shráid Fhoirbis, rinneadh athbhreithniú ar oibreacha roimhe seo, rinneadh iarratas chuig an mBord Pleanála agus fuarthas cinntí uaidh
- Rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal ag Sráid Chathail Brugha agus tá comhairliúchán fós ar bun
- Tá an Réamh-dhearadh don tionscadal ag Páirc Herzog curtha i gcrích
- Oibreacha/Tionscadail a cuireadh chun cinn: Príomhshráid Bhéal Maighne agus Oibreacha Scéime Ascaill Bhéal Maighne, Réamh-dhearadh ar Dhroichead an Phointe do Choisithe agus ag Acomhal an Phointe, Tionscadal Diúscairtha Dramhaíola agus Balla Teorann Dharndál, Tairiscint Fhaiche an Choláiste agus Iarratais ar Ualach Eisceachtúil Neamhghnách.

Bainistíocht Tráchtá & Sábháilteacht ar Bhóithre

- Imeacht Pedalpalooza i bPáirc na Rinne agus paráid rothaíochta ó Shráid Chéipil.
- Dréachtphlean lompair Lár na Cathrach ullmhaithe agus foilsithe
- Céim 1 den uasghrádú Sráide eatramhach ar Shráid Chéipil curtha i gcrích
- 17 dtrasrian coisithe suiteáilte ar fud na Cathrach
- Athruithe ag Plás Foster agus Faiche an Choláiste chun tuilleadh spáis do choisithe a chruthú agus chun Conaire Bus 24*7 a dhéanamh de chonaire bus Fhaiche an Choláiste.
- Saineolas agus tacaíocht curtha ar fáil d'athdhearadh líonra Bus Connects agus conairí Bus Connects, chomh maith le Metro Link, DART+ agus scéim lompair Phoiblí Luas go dtí Fionnghlas.
- Aighneachtaí mionsonraithe maidir leis na tionscadail go léir um lompair Poiblí agus Taisteal Gníomhach curtha ar fáil

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach

Tá an Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach ag obair i gcónaí ar 210km de bhonneagar rothaíochta, siúil agus rothaithe ardchaighdeán a sheachadadh laistigh de Líonra Taistil Ghníomhaigh foriomlán Bhaile Átha Cliath. Déanfar an 210km a sheachadadh trí shraith d'os cionn 80 tionscadal bonneagair.

Bhí naoi dtionscadal ann in 2023 lenar bhain gníomhaíocht tógála agus bhí 14.36km i gceist leo. Áiríodh ar na tionscadail sin Cluain Tarbh go dtí Lár na Cathrach, Céim 3 de Ghlasbhealach na Canálach Ríoga, Glasbhealach na Dothra – Páirc Hoirbeaird, Scéim Feabhsúcháin na Canálach Móire Theas, Conair an Chósta Thoir Thuaidh – Céim 1, Príomhshráid Bhéal Maighne, Bóthar na Siúire go dtí Sráid Thomáis, Baile Dúill go dtí Fionnradharc (Bóthar na Gráinsí) agus Bealach Rothaíochta Eatramhach na Life (Cé Éidin).

Cuireadh dhá chuid de thionscadail i crích in 2023, Bóthar na Gráinsí ar an tionscadal idir Baile Dúill agus Fionnradharc, agus Cé Éidin, mar chuid de Bhealach Rothaíochta Eatramhach na Life.

Tá breis agus 25 tionscadal breise ar chéimeanna éagsúla deartha faoi láthair agus tá sé beartaithe go dtosófar ar an gcéim foirgníochta i dtuilleadh tionscadal in 2024.

Seirbhísí Uisce

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Uisce Éireann

Leanann Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú faoin gComhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann agus chomhlíon siad na ceanglais go léir faoin bPlean Seirbhíse Bliantúil. Ag leanúint ar aghaidh ó Chreat an Rialtais do Sheirbhísí Uisce a Sholáthar Amach Anseo, tarraingíodh suas Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe idir earnáil na nÚdarás Áitiúil agus Uisce Éireann chun teacht in áit an Chomhaontaithe Seirbhíse, rud a lig d'Uisce Éireann ceannas iomlán a ghlacadh ar bhainistiú agus feidhmiú na seirbhísí uisce. An 13 Meán Fómhair 2023 ab ea an dáta éifeachtach do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fós ag obair i gcomhar le hUisce Éireann chun an Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe agus Comhaontú um Sheirbhísí Tacaíochta idir an dá eagraíocht a chur i bhfeidhm.

Oibríochtaí agus Cothabháil Uisce Dromchla

In 2023, d'fhorbair an fhoireann oibríochtaí uisce dromchla plean cothabhála geimhridh comhtháite i gcomhar le seirbhísí bainistíochta dramhaíola le feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí oibríochtúla agus lena chinntiú go mbeidh an líonra uisce dromchla ag obair ar an úsáid acmhainneachta is fearr agus is féidir i rith imeachtaí báistí. Go sonrach, ghlan an fhoireann 123,402 silteán san iomlán, méadú 4.5% ar 2022.

Cothabháil Draenála

Chuir an fhoireann cothabhála draenála, i gcomhar lenár bhfoireann CCTV, clár cigireachta agus cothabhála i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na sócmhainní uisce dromchla go léir á gcothabháil chuig na caighdeáin is airde agus is féidir, agus go ndéantar deisiúcháin ar shéaraigh uisce dromchla, chomh maith le naisc agus athsholáthar lintilí ar bhonn tosaíochta, chun an baol tuilte agus linnte i rith imeachtaí báistí a íoslaghdú

Thug an Chomhairle Cathrach freagra ar go leor eachtraí báistí/tuilte troma chomh maith le líon beag taoidí arda agus thug sí freagraí éigeandála ar eachtraí tuilte de réir mar a tháinig siad chun cinn.

Oifig na dTionscadal Cosanta Tuilte

Tugadh Scéim Tuile na Dothra (Céim 2), droichead iarnróid chuig Rae na mBéabhar, chun críche agus tá an droichead agus an glasbhealach rothaíochta ar oscailt anois.

Rinneadh dul chun cinn ar Scéim Tuile na Dothra (Céim 3) ó Chluain Sceach go dtí Droichead Orwell agus tar éis rannpháirtíocht shuntasach leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara tá an rogha is fearr á chur trí phróiseas cinnteoireachta an tionscadail agus tá coinne leis go dtosófar ar an bpróiseas pleanála reachtúla in 2024.

Tugadh suirbhé chun críche ar an gCé agus ar na ballaí farraige chun áiteanna lochtacha a shainaithint agus lena chinntiú go bhfuil siad ag tabhairt cosaint iomchuí ar thuilte. Tá oibreacha tugtha chun críche ag Cé Mhic Liam, lena n-áirítear cosaint chatóideach agus cosaint phéinte ar bhallaí agus oibreacha leasúcháin ag an mballa farraige atá ann cheana féin i gCluain Tarbh.

Thug an Bord Pleanála cead pleanála do Chéim 2 den Scéim Maolaithe Tuilte ag Abhainn an Bhaid i mí Mheán Fómhair 2023. Thosaigh an Fhoireann Tionscadail ar an dearadh mionsonraithe agus ullmhaíodh doiciméid tairisceana chun conraitheoir a cheapadh agus do na hoibreacha atá le déanamh in 2024.

Shainaithin foireann Thionscadal um Maolú Tuilte na Camóige an liosta roghanna don tionscadal agus tá na hoibreacha imscrúdaithe suímh a bhfuil gá leo chun ligean don fhoireann tús a chur le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhar faoi na réamhroghanna in 2024 déanta acu.

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

D'fhorbair agus d'eisigh Oifig na dTionscadal Cosanta Tuilte doiciméid tairisceana chun foireann deartha ildisciplíneach a bhunú le haghaidh gach Scéime um Maolú Tuilte i Réigiún Bhaile Átha Cliath sna ceithre bliana amach romhainn. Cuirfear an Creat Tuilte don cheithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath i gcrích agus ceapfar foireann chomhairliúcháin do Scéim Maolaithe Tuilte Dhumhach Thrá in R1 2024. Faoin gcéad chonradh ar glao ón gCreat, ceapfar foireann chomhairliúcháin ilpháirtí chun scéim maolaithe tuilte cósta Chluain Tarbh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tuartar go mbeidh an próiseas tairisceana sin tugtha chun críche in R2 2024.

Thug an Bord Pleanála cead do Scéim Maolaithe Tuilte Poddle i mí an Mheithimh agus i gcomhar le Comhairle Cathrach Átha Cliath Theas ceapadh conraitheoir le haghaidh na n-oibreacha. Tá foirgníocht le tosú ag Páirc Ghleann na bhFiach, Céide San Mártan agus Ardán Chnocán Argos in 2025.

Tá an Fhoireann Tionscadail um Chosaint ar Thuilte ag leanúint de Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte fós a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha, chomh maith le hathruithe ar pholasaithe tuilte agus ar pholasaithe nua maidir le conairí abhann maidir le gach forbairt nua atá beartaithe sa Chathair, lena n-áirítear gach forbairt nua atá beartaithe le haghaidh riosca tuilte.

Táthar ag leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar na tionscadail phiolótacha SuDS ag Cearnóg Diamond, Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada agus Cnoc an Arbhair.

**Pleanáil Draenála,
Beartas agus Rialú
Forbartha**

Leanadh ar aghaidh ag cuir ionchuir draenála ar iarratais phleanála ar fáil, lena n-áirítear Forbairtí Mórscála Cónaithe, agus thug sé comhairle ar PCÁнна, CFSanna agus scéimeanna caipitil. Cuireadh ionchur draenála ar fáil ar mhórtionscadail bhonneagair nua mar Metro, Bus Connects agus scéimeanna rothaíochta éagsúla. Cabhraíodh le hUisce Éireann le hiarratais nua pleanála/iarratais ar nasc. Rinneadh maoirseacht ar oibreacha forbróra agus naisc le córas séarachais uisce dromchla a cheadúnú.

Tá an Grúpa Oibre ildisciplíneach SuDS ag leanúint de dhea-chleachtas a chur chun cinn sa réimse seo. Is mian leis cur i bhfeidhm iomlán SuDS i dtionscadail na Comhairle Cathrach a spreagadh agus bacainní braite maidir leis sin a dhéanamh a shárú. D'eisigh an grúpa Treoir maidir le SuDS ar Leibhéal Réadmhaoine, agus rinne í a fhógairt go poiblí, chun cabhrú leis an bpobal SuDS a chur i bhfeidhm ina n-áras cónaithe féin.

Tá ceanglas maidir le Measúnuithe Tionchair Íoslaigh san áireamh sa Phlean Forbartha reatha. Bunaíodh painéal sainchomhairleoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar na measúnuithe sin nuair is gá.

Tá cead pleanála ón mBord Pleanála faighte ag tionscadal na Canálach Ríoga chun Síneadh a chur le Sceithbhealach Uisce Dromchla agus tá dearadh mionsonraithe á dhéanamh air agus conraitheoir á lorg.

Seirbhísí Uiscear lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Tionscadal Teasa Cheantar Bhaile Átha Cliath

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Cuireadh an Réamhchás Gnó don Tionscadal ar aghaidh chuig an Roinn Fuinnimh, Aeráide agus Cumarsáide le go gceadófaí an straitéis fhoriomlán seachadta don tionscadal agus tacaíocht maoinithe ghaolmhar. Chuir an fhoireann Tionscadail an rannpháirtíocht mhargaidh deiridh i gcrích agus rannpháirtíocht shuntasach le Encyclis, Comhlacht Phort Bhaile Átha Cliath, Eirgrid and Rannóga éagsúla sa Chomhairle Cathrach lena chinntiú gur féidir an straitéis seachadta don tionscadal a bhaint amach.

Tá na doiciméid tairisceana chun tús a chur leis an bpróiseas tairisceana dár gcomhpháirtithe seachadta forbartha.

Seirbhísí Comhshaoil

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Oibriú Áiseanna Aisghabhála & Athchúrsála

Seoladh Ionad Fóntas Poiblí nua – Ionad Athchúrsála Bhaile Munna – in aice le hIosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach. Cuireadh 21,000 tonna d'ábhair ag trí Ionad Fóntas Poiblí, Ionaid Fág Anseo agus Ionaid Fág Anseo ar an tsráid. Uaireanta oscailte sínte d'áiseanna thar thréimhse na Nollag agus athchúrsáil crann Nollag saor in aisce ar fáil ag 11 láthair. Bailíodh 190T de chrainn agus seoladh iad lena bpróiseáil ina múirín agus millíní adhmaid. Leanadh ar aghaidh le beochan na mbanc buidéal in áiteanna an-fheiceálacha agus le hathphéinteáil na mbanc buidéal ar an tsráid. Leanadh de bhailiúcháin leithscartha duilleog ó scuabadh sráide agus seoladh iad le haghaidh múiríniú, agus cuireadh málaí inmhúirínithe ar fáil do ghrúpaí cónaitheoirí. Tá 268 scoil ag glacadh páirt i gClár na Scoileanna Glasa.

Bainistíocht Bruscair

Óstáladh Dámhachtainí Comharsanachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023. Fuarthas 309 iontráil ar na dámhachtainí. Chuir 15 ghrúpa isteach ar chomórtas na mBailte Slachtmhara agus bhuaigh Grúpa Bailte Slachtmhara Ráth Eanaigh an bonn airgid sa chatagóir don Limistéar Uirbeach is Fearr, agus Duais an Údaráis Áitiúil do Phailneoirí faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Cuireadh trealamh ar fáil agus bailíodh agus diúscaíodh málaí ó 4,529 glantachán pobail le linn na bliana. D'eagraigh Glantachán Pobail Bhaile Átha Cliath leis na ceithre Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, Clean Coats agus Uiscebhealaí Éireann. Ghlac os cionn 60 grúpa as limistéar na Comhairle Cathrach páirt. Bhainistigh an Córas Náisiúnta Monatóireachta ar Thruailliú Bruscair faoina ndearnadh 560 Suirbhé ar Thruailliú ó Bhruscar agus 45 Suirbhé Cainníochtaithe Bruscair. Ball de Ná Fág Lorg Éireann. D'eagraigh suirbhé B & A faoi Shalú ag Madraí agus rinne Dianfheachtas Comhlíontachta mar chuid den fheachtas faoi shalú ag madraí. Feachtas feasachta frithdhumpála ag bainc buidéal agus bainc éadaí sa chathair, lena áiríodh naoi dtionscadal arna maoiniú faoin bhfeachtas Frithdhumplála i ngach limistéar. 1,197 fineáil as truailiú ó bhruscar eisithe in 2023 agus 397 fineáil faoi na Fodhlíthe Dramhaíola eisithe in 2023.

Glanadh Sráideanna

Cuireadh dhá iosta dramhaíola faoi choimirce Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach in 2023 agus dúnadh iad. Lean an comhaireamh boscaí bruscair poiblí den fhás bliain ar bhliain agus bhí os cionn 3,400 bosca bruscair i bhfeidhm. Tá sceideal ar líne do ghlanadh sráideanna beo agus táthar ag leanúint den obair chun seachadadh seirbhísí a fheabhsú agus a oiriúnú.

Cuireadh an t-aistriú iomlán chuig Mol an tSaoránaigh i gcrích, rud a thacaíonn le rochtain éasca agus struchtúir tuairiscithe níos fearr. Fuarthas 12,351 iarratas ar dhumpáil neamhdhleathach in 2023. Ceannaíodh méid suntasach trealamh nua don scuabadh sráide in 2023 agus tá sé beartaithe níos mó a cheannach in 2024. D'éirigh go maith leis an bhfeachtas bailithe duilleog san fhómhar agus Crann Nollag le leithscaradh.

Comhordaíodh clár freagartha Oíche Shamhna agus atreoraíodh dramhaíl ó shuíomhanna tine cnámh féideartha.

Tugadh sócmhainní breise do ní cosán in 2023 chun freastal ar an éileamh ar an tseirbhís sin agus chun raon feidhme an sceidil a leathnú amach. Slógadh criúnna agus glanadh lár na cathrach go práinneach i ndiaidh chíféibeacha i mí na Samhna.

Tá sé beartaithe acmhainní a mhéadú tuilleadh in 2024.

Seirbhísí Comhshaoil ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Rinneadh 527 iniúchadh maidir leis na scéimeanna tionscnaimh um fhreagracht táirgeoirí éagsúla le haghaidh Boinn Dramhaíola, Dramhaíl Leictreach, Pacáistiú agus Feithiclí Deireadh Ré agus Seiceálacha ar Cheadanna Bailiú Dramhaíola Ginearálta. Rinneadh athbhreithniú ar 405 Plean Dramhaíola Tógála agus Scartála agus freagraíodh dóibh chun cleachtas cuí ó thaobh Forfheidhmiú Dramhaíola agus Forfheidhmiú Pleanála de a chinntiú.

- Líon na bhFógraí Muirir Seasta a eisíodh: 17
- Líon na nGearán a fuarthas agus a imscrúdaíodh: 169
- Líon na ngearán a dúnadh in 2023: 136
- Líon na ngearán gan réiteach in 2023: 33
- Líon na gcomhad cúirte forfheidhmithe a cuireadh faoi bhráid an Ghníomhaire Dlí: 4

D'oibrigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an nGarda Síochána, údarais áitiúla réigiúnacha eile, na Coimisinéirí Ioncaim agus NTFSO ar roinnt gníomhaíochtaí ilghníomhaireachta, ina measc cigireachtaí comhpháirteacha agus seicphointí comhpháirteacha ar thaobh an bhóthair.

In 2023, fuair Rialacháin Dramhaíola agus Forfheidhmiú grád feidhmíochta foriomlán láidir ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil dár dtuairisceáin RMCEI 2022. Tá tuairisceáin faoi thorthaí RMCEI 2023 curtha ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola

Leanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de bheith i gceannas ar sheirbhís chomhroinnte Dramhaíola an Oirthir-Láir Tíre. An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA) le hiarrachtaí na n-údarás áitiúil um fhorfheidhmiú dramhaíola a chomhordú. In 2023, rinneadh feabhsúchán ar WERLA chun forfheidhmiú ceadanna bailithe dramhaíola tí a chur san áireamh, chomh maith le suíomhanna/oibritheoirí ar ábhar imní iad nó ar díol suntais náisiúnta iad. Baineadh gach sprioc a bhí pleanáilte le haghaidh 2023 amach. Rinne an Oifig Réigiúnach, i gcomhar le Réigiún Dramhaíola an Deiscirt, Chonnacht agus Uladh agus faoi choimirce Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA), Dréachtphlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola le haghaidh Gheilleagar Ciorclach 2024-2030 a scríobh. Tá an plean deiridh le foilsiú in R1 2024.

Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn

Rinne an Oifig um Chosaint Dobharlach na nithe a leanas in 2023:

- 17 gceadúnas doirte Alt 16 a bhainistiú thar ceann Uisce Éireann i ndáil le doirteadh a úsáideann bonneagar Uisce Éireann.
- 3 cheadúnas doirte Alt 16 Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhainistiú i ndáil le doirteadh chuig bonneagar na Comhairle Cathrach.
- 6 cheadúnas doirte Alt 4 a bhainistiú agus a eisiúint i ndáil le doirteadh díreach chuig an timpeallacht glactha (dobharlach, screamhuisce et al)
- Tógadh os cionn 200 sampla d'eisilteach trádála ar fud láithreáin cheadúnaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Fuarthas 284 gearán san iomlán, admhaíodh iad, imscrúdaíodh iad agus tugadh freagra orthu laistigh de thrí lá oibre.

PRÍOMHSHEIRBHÍS **ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023**

Thar ceann na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sampláil oibríochtúil agus faireachais ar 5 abhainn tosaíochta: An Tulcha, an Dothra, an Life, Abhainn Sheantraibh agus an Chamóg. Tógadh os cionn 550 sampla imscrúdaitheach in 2023 chun cabhrú le brúnna suntasacha a aithint i ndobharcheantair abhann.

Rinneadh os cionn 7,000 cigireacht ar naisc chontráilte tí agus tráchtála in 2023. Tógadh 20 sampla sceidealaithe d'uisce snámha ag sé shuíomh uisce snámha. Tógadh 111 sampla eile lasmuigh den séasúr. Ardaíodh 19 gcosc rabhadh roimh ré nó toirmeasc maidir le huisce snámha tar éis meath a bheith deimhnithe nó amhrasta ar cháilíocht an uisce snámha. Lean Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de bheith ina cathaoirleach ar an Tascfhórsa Uisce Snámha.

Cuireadh tús leis an obair ar Thionscadal Glasbhealaigh agus Athchóirithe Abhainn Sheantraibh chun Máistirphlean a chur ar fáil maidir le hathchóiriú na habhann faoi dheireadh 2024.

Tionóladh ceithre imeacht comhairliúcháin phoiblí chun tionscadal Rainscapes, in aice le dobharcheantar Abhainn Sheantraibh, a thabhairt chun críche. Foilsíodh leathanach gréasáin faoin tionscadal chun dul chun cinn an tionscadail i dtreo na céime foirgníochta in 2024 a fhógairt.

Cuireadh Léarscáileanna Torainn ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin spriodhdáta reachtúil agus faomhadh iad. Foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí an Mhárta 2023. Cuireadh tús le Céim 2 den phróiseas i mí Aibreáin 2023. Beidh Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn i gceist leis sin chun bearta a chinneadh chun cabhrú le nochtadh torainn a mhaolú i limistéir tosaíochta.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, tugadh tuarascáil ar an dul chun cinn don Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le bearta rialaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um cháilíocht an aeir i bPlean Bainistíochta Bhaile Átha Cliath um Cháilíocht an Aeir. Dúirt an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur bearta láidre iad.

I mí na Bealtaine 2023, thug an tAonad AQMANC an Noise App 2.0 isteach, aip a thugann deis do ghearánaigh taifeadtaí torainn a chur ar aghaidh chuig an Aonad lena n-athbhreithniú.

Seoladh an Tionscadal Airview, ar comhshaothar é idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Google, i mí Feabhra 2023.

Fuair an tAonad Monatóireachta ar Aercháilíocht agus Rialaithe Torainn 443 gearán faoi thorainn agus 96 gearán faoi thruailliú aeir in 2023. Imscrúdaiodh na gearáin go léir.

In 2023, forbraíodh Bunachar Sonraí um Aighneachtaí Pleanála chun atreoruithe iarratas agus comhlíontachta chuig an Aonad AQMANC a thaifeadadh. Cuireadh nótaí tráchta le 538 aighneacht pleanála in 2023.

Seirbhísí Comhshaoil ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Gníomhú Aeráide Chathair Bhaile Átha Cliath

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Thugamar ár gcomhpháirtíocht um Chomhar Idirnáisiúnta Uirbeach agus Réigiúnach le Rialtas Meitreapholaiteach Shúl chun críche in 2023 le dhá chuairt staidéir. Faoin gcomhpháirtíocht, síníodh Litir Intinne i mí Feabhra chun leanúint den taithí ar chúrsaí iompair a roinnt le chéile agus síníodh Meabhrán Tuisceana idir na cathracha i mí an Mhárta. Foilsíodh foilseachán deiridh i mí Mheán Fómhair inar tugadh mionsonraí faoin gcomhpháirtíocht.

I mí na Bealtaine 2023, d'óstáil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, in éineacht leis an Ionad Athfhionnachtana Náisiúnta (an tIonad Náisiúnta don Gheilleagar Ciorclach), agus Réigiún Dramhaíola an Oirthir Lár Tíre, Circular Economy Hotspot 2023, a mhair ceithre lá. Ba dheis a bhí ansin cuideachtaí beaga agus meánmhéide in Éirinn a chur ar taispeáint, ar cuideachtaí iad atá gníomhach sa gheilleagar sóisialta agus ciorclach agus a bhfuil iarrachtaí á ndéanamh acu an comhshaoil a chosaint fad a bhíonn siad i mbun nuálaíochta.

I mí an Mheithimh 2023, thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tacaíocht don Chomhdháil Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Tionóladh an tríú babhta de Eat the Streets at Dún Richmond i mí Mheán Fómhair 2023. Tionóladh an comhairliúchán poiblí faoi Phlean Gníomhaithe Údarás Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath ar son na hAeráide 2024-2029 – Baile Átha Cliath atá Neodrach ó thaobh na hAeráide de 2030 ón 15 Meán Fómhair go dtí an 2 Samhain.

Bhronn an Global Forum on Human Settlements Gradam na Cathrach Glaise Domhanda 2023 ar Chathair Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag i rith an 18ú Seisiún Bliantúil den Fhóram in Dubai, ócáid a bhain le COP28. Rinne giúiré teicniúil athbhreithniú ar iarratas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an ngradam agus rinneadh meastóireacht air bunaithe ar 85 táscaire i bpríomhréimsí lenar cinneadh feidhmíocht Chathair Bhaile Átha Cliath i réimsí mar Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe, Gníomhú ar son na hAeráide, Iompar agus Réitigh Dhúlraibhuanaithe.

I mí na Samhna, tugadh measúnú féidearthachta faoin gCiste um Oileán Comhroinnte chun críche, measúnú féidearthachta chun go mbeifear in ann tionscadail chaipitil a fhorbairt i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste a thacaíonn le leathnú an gheilleagair chiorclaigh ar fud an oileáin as a dtiocfaidh Geilleagar Ciorclach Nasctha.

Fuarthas cistiú €250,000 ó Éire Ildánach tríd an gCiste Cruthaitheach um Ghníomhú ar Son na hAeráide chun an chéad Chlár Ealaíontóirí Cónaithe Bithéagsúlachta de chuid CCBÁC a sholáthar as seo go dtí deireadh 2025. D'éirigh le dhá iarratas – REGEN agus MINORITY REPORT, a thacaíonn le cur i bhfeidhm Chriosanna Dícharbónaithe na Rinne/ an Phoill Bhig.

I ndiaidh na comhpháirtíochta rathúla a bhí againn le Rialtas Meitreapholaiteach Shúl, tugadh cuireadh dúinn iarratas a dhéanamh ar IURC Mheiriceá Thuaidh agus rinneamar comhpháirtíocht le San Francisco.

PRÍOMHSHEIRBHÍS**Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO)****ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023**

Tugadh cúnamh agus tacaíocht do gach ceann de na ceithre fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide in Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath chun Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide a cheapadh, i ndáil le hailíniú leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023. Sheol an tAire Eamon Ryan TD na Pleananna nua i mí an Mhárta 2023. Bhí CARO Bhaile Átha Cliath ina chathaoirleach ar chruinnithe míosúla le Foirne Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide, Codema agus Baile Átha Cliath Cliste, agus i gcomhar leis na trí oifig CARO eile, reáchtáil sé ceardlanna agus laethanta oiliúna ar théamaí sa phlean um ghníomhú ar son na haeráide.

Eagraíodh dhá chuairt ar shuíomhanna a dhéanann gníomh ar son na haeráide d'fhoirne um ghníomhú ar son na haeráide; ceann i mí Feabhra chun féachaint ar an obair atá á déanamh ag Bord na Móna ag Feirm Ghaoithe Mount Lucas chun talamh portaigh a athshlánú agus ceann i mí Aibreáin chuig Feirm Ghréine Neoen ag Hilltown, Contae na Mí.

Mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta 2023 (19–28 Bealtaine), thug CARO Bhaile Átha Cliath cúnamh agus cistiú do Chrús um Athrú Aeráide ag Cuan Bhaile Átha Cliath, agus d'fhreastail air. Lean an fhoireann ar aghaidh leis an gclár Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide a rolladh amach i gcomhar le Grúpa Náisiúnta Oiliúna na nÚdarás Áitiúil (LASNTG). Lean an fhoireann ar aghaidh le hOiliúint Soláthair Phoiblí Ghlais a fhorbairt agus a rolladh amach d'earnáil na n-údarás áitiúil chomh maith. Lean an fhoireann ar aghaidh leis an tionscadal Línite na Farraise de chuid an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Éire Ildánach a threorú i gcomhar le trí údarás áitiúla, ealaíontóirí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, Native Events agus páirtithe leasmhara eile. Seoladh an tsuiteáil deiridh an 21 Feabhra 2023 ag an Túr Martello, Páirc na Carraige Duibhe, Co. Bhaile Átha Cliath.

Chómhainigh CARO taighde ar Dhíonta Glasa i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Rinne an oifig ionadaíocht ar earnáil na n-údarás áitiúil ag fóraim ábhartha faoi Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar ghrúpaí oibre um oiriúnú earnála, e.g. an Plean Oiriúnaithe Earnála don Athrú Aeráide don Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta agus ar ghrúpaí taighde, e.g. an Grúpa Náisiúnta um Chomhordú Taighde Comhshaoil.

D'eisigh CARO Bhaile Átha Cliath nuachtlitir leictreonach ráithiúil CARO. Lean an oifig lena tacaíocht do thionscnaimh rannpháirtíochta saoránach a rolladh amach ag leibhéil Náisiúnta agus Áitiúla, mar shampla Clár na gClubanna Glasa CLG agus ceardlanna Aoisbhá Éireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. Mhainigh CARO Bhaile Átha Cliath duaiseanna do na tionscadail ar éirigh leo ag Tionscadail Scoileanna Globe faoi Réitigh Dhúlra bhunaithe ag searmanas bronnata duaiseanna an 12 Bealtaine.

Bhí CARO Baile Átha Cliath ina chomhurraitheoir ar an gComhdháil ECCA (Comhdháil Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide) ag Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath ón 19–21 Meitheamh agus d'fhreastail uirthi. Bhí seastán aige chun cuspóirí náisiúnta/earnála agus tionscadail leanúnacha a léiriú, mar shampla Línite na Farraise.

D'oibrigh CARO Bhaile Átha Cliath i gcomhar le hAoisbhá Éireann chun seacht gceardlann faoi Ghníomhú ar son na hAeráide a sholáthar in 2023. D'fhreastail thart ar 200 duine orthu.

An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Pleanáil Chun Cinn

Tá ceithre athrú déanta ag an gComhairle Cathrach ar Phlean Forbartha na Cathrach ó glacadh é, is iad sin Athrú Uimh. 1 maidir le suíomh ag Radharc an Taiscumair, Athrú Uimh. 2 maidir le tailte in aice le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Athrú Uimh. 3 ag Botany Weaving Mill Ltd. agus Athrú Uimh. 4 maidir le Máistirphlean Bhaile Shéamais 2023, a ceadáíodh le déanaí, a chuimsiú.

Ghlac na comhaltaí le Máistirphlean mionsonraithe le gur féidir athfhorbairt a dhéanamh amach anseo ar na tailte tionsclaíocha ag Bhaile Shéamais, Fionnghlas i mí Iúil 2023, i ndiaidh comhairliúchán poiblí fairsing agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Cuirtear bonnagar uirbeach ar fáil leis an bPlean chun seachadadh suas le 2,600 áras cónaithe a éascú, chomh maith le húsáidí pobail agus fostaíochta agus páirceanna, sna blianta amach romhainn.

Pleananna Ceantair Áitiúil/Criosanna Forbartha Straitéisí/ Pleananna Eile

Leanadh leis an dul chun cinn ar Chéim 2, 'Pleananna a Dhéanamh' den Tionscadal City Edge in 2023. Cuireadh tús le cúl-staidéir a bheidh mar bhonn eolais d'athrú amach anseo ar Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath a dhéanfaidh beachtú ar an gcéad chéim reachtúil den tionscadal trí threoraíocht mhionsonraithe.

Leanadh le cur i bhfeidhm Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Munna. I measc na mbuaicphointí bhí oscailt losta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach, cur i gcrích an athailínithe ar Ascaill Shaileoige agus uasghráduithe ar an draenáil agus ar an spás oscailte ag Gairdíní Saileoige. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt suíomhanna faoi shamhail na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP); cuireadh tús le foirgníocht nó forbraíodh dearáí mionsonraithe. Chuir Comharchumann Tithíochta O'Cualann tús le roinnt tionscadail tithíochta inacmhainne agus rinne CCBÁC dul chun cinn ar phleananna do shuíomhanna tithíochta inacmhainne.

Gort na Silíní

Leanadh leis an obair ar PCÁ Pháirc an Iarthair/Ghort na Silíní, rinneadh dul chun cinn ar thógáil tithíochta inacmhainne agus ar dheardh PPP.

Tá tús curtha le céimeanna ullmhúcháin PCÁ Bhaile Uí Bhogáin. Rinneadh comhairliúchán poiblí faoin bPáipéar Buncheistean na hionchur ó chónaitheoirí, gnólachtaí agus úinéirí talún. Sonraíodh Tuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach ar aighneachtaí ag cruinniú na Comhairle Cathrach i mí Dheireadh Fómhair. Leanfar le dréachtú an PCÁ ina lorgaítear athghiniúint ilúsáide an cheantair in 2024.

I gCrios Forbartha Straitéisí na Lotaí Thuaidh agus Dhuga na Canálach Móire (SDZ), ceadáíodh leasuithe ar airdí foirgneamh, rud a thug soiléire maidir le forbairt fhéideartha nua. Bhí 972 aonad á dtógáil i gCrios Forbartha Straitéisí an Phoill Bhig Thiar.

PRÍOMHSHEIRBHÍS**ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023****Bainistíocht Forbartha**

Leantar d'úsáid a bhaint as an bpróiseas Bainistíochta Forbartha chun a chinntiú go bhfuil forbairtí molta ag teacht leis an bPlean Forbartha Cathrach chun a chinntiú gur áit shábháilte tharraingteach í Cathair Bhaile Átha Cliath le maireachtáil agus oibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le taitneamh a bhaint aisti.

I rith 2023:

- Fuarthas 3,230 iarratas pleanála
- Fuarthas 249 aighneacht faoi Alt 5
- Tionóladh 171 comhairliúchán réamhiarratais agus trí chomhairliúchán réamh-LAW
- Eisíodh 2,152 cinneadh pleanála
- Eisíodh 1,863 Cinneadh maidir le deontas i 87% de na cásanna agus ba dhiúltuithe iad 13% de na cinntí (289 diúltú)
- Tionóladh 21 cruinniú réamhiarratais (Céim 1)
- Rinneadh measúnú ar 22 iarratas pleanála LRD (Céim 3), nó tá measúnú á dhéanamh orthu, ag 12 chruinniú Tuairime (Céim 2)

Forfheidhmiú

Le linn 2023, lean an Rannóg Forfheidhmithe Pleanála ar aghaidh lena feidhmeanna reachtúla.

Forfheidhmiú ginearálta in 2023:

- 1,200 comhad oscailte
- 2,074 cigireacht déanta
- 1,184 litir rabhaidh eisithe
- 172 fógra forfheidhmithe eisithe
- 45 imeacht dlí tionscanta
- 980 cás réitithe

Forfheidhmiú ar Thithe ar Cíos Gearrthéarmach 2023:

- 302 comhad oscailte
- 574 cigireacht déanta
- 370 litir rabhaidh eisithe
- 35 fógra forfheidhmithe eisithe
- 13 imeacht dlí tionscanta
- 259 cás réitithe

Rialú Tógála

- Fuarthas 1,076 fógra bailí maidir le tús a chur le hobair tógála
- Rinneadh cigireachtaí ar 5,297 aonad teaghaise nua
- Próiseáladh 318 iarratas ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ar Dheimhniú Athbhreithnithe Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Déantar líon ard cigireachtaí suímh ar shuíomhanna gníomhacha tógála chun tacú le comhlíonadh na gcaighdeán tógála. Is í an phríomhthosaíocht maidir le hiniúchadh suímh ná forbairt chónaithe ilaonad nua-thógtha ar fad agus rinneadh cigireacht ar gar do 100% den chatagóir forbartha seo.

- Rinneadh 1,478 iniúchadh ar shuíomhanna tógála gníomhacha, agus dhírigh 469 ar shábháilteacht dóiteáin i bhfoirgnimh nua

Tá forfheidhmiú na gcaighdeán tógála gníomhach agus éifeachtach ag gach cineál agus tionscadal tógála.

An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Suíomhanna Tionsclaíocha agus Áiseanna Tráchtála

Bainistiú Réadmhaoine & Diúscairtí Réadmhaoine

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Bhainistigh an tEastát Cathrach de 520 Léas Tráchtála a ghin €9.4 milliún d'ioncam agus 48 suíomh tionsclaíoch leis na léasanna sin a ghin €365k d'ioncam.

Cead Alt 183 tugtha do na diúscairtí seo a leanas:

- Suíomhanna tithíochta x 3
- Suíomhanna tráchtála x 3
- Malartú tailte x 2
- Léasanna le haghaidh úsáid tráchtála x 3
- Léasanna le haghaidh úsáid pobail x 2
- Léas garraíodóireachta x 1
- Ceadúnais (os cionn 12 mhí) le haghaidh úsáid pobail x 2
- Ceapaigh a aistriú chuig úinéirí réadmhaoine aonair x 21
- Ceadúnas le haghaidh trealaimh teileachumarsáide x 1
- Ceadáíodh ceadú bainistíochta trí Ordú Bainisteoirí ar cheadúnais 12 mhí (nó níos lú) x 21

Tá thart ar 2,600 léas agus ceadúnas san Eastát Cathrach. Déanann an rannóg um Bainistiú Réadmhaoine bainistiú ar 2,406 cuntas gníomhach agus gineann sí íocaíochtaí a fhaightear os cionn €10.5 milliún. I measc na gcuntas sin tá 300 grúpa pobail ar chíosanna laghdaithe €200 in aghaidh na bliana Tá os cionn 1,195 cuntas bunchíos baile ann freisin.

Alt 183 ceadaithe don mhéid a leanas:

- 19 léas athnuaite
- 71 ceadúnas athnuaite
- 6 Diúscairt Feo Shimplí
- Athbhreithniú Cíos x 7
- Teagmháil leanúnach le drochfhéichiúnaithe chun riaráistí a laghdú trí chomhaontuithe tráthchoda
- Tá clár na n-oibreacha deisiúcháin riachtanacha ar siúl i lonaid Chomharsanachta Bhaile Munna agus leanann sé ar aghaidh sula n-aistrítear na comhlímistéir chuig a gCuideachtaí Bainistíochta Úinéirí de réir an Achta um Fhorbairtí Ilaonad 2011
- Leanúint de dhiúscairt Bunchíosanna Baile a chur chun cinn
- Leanadh ar aghaidh le hoibreacha leasúcháin dóiteáin i bhfoirgnimh faoi úinéireacht agus léasaithe ag CCBÁC
- Monatóireacht agus cothabháil leanúnach ar shuíomhanna faoi úinéireacht CCBÁC

An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF)

Glaó 1 URDF

Tá dhá thionscadal fágtha faoin sruth maoinithe seo

Tionscadal Forbartha agus Athchóirithe Scoile Shráid Rutland

Bunaíodh Creat-chomhaontú Ilpháirtí do Chonraitheoirí Oibreacha os cionn 5m i ndáil le tionscadail neamhchónaitheacha le conradh tosaigh do thionscadal Scoil Shráid Rutland. Cuireadh an próiseas measúnaithe i gcrích agus eisíodh doiciméid tairisceana i mí na Nollag 2022. Rinneadh sraith oibreacha cothabhála suímh agus foirgneamh sular eisíodh an tairiscint tógála iomlán. Tá an conraitheoir ar an suíomh ó R3 2023.

Tionscadal Athchóirithe Abhainn Sheantraibh

Is tionscadal ildisciplíneach, tras-ghníomhaireachta é Tionscadal Glasbhealaigh agus Athchóirithe Abhainn Sheantraibh chun Máistirphlean a tháirgeadh agus is é is aidhm leis an plean is éifeachtaí a leagan amach chun an abhainn a athchóiriú go mbeidh sí i staid

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

níos nádúrtha. Tá an Conradh go maith chun cinn agus beagnach curtha i gcrích.

Glaio 2 URDF

‘Borradh dlúth’ ab ea téama lárnach Ghlaio 2 URDF agus é mar aidhm leis cion níos mó d’fhorbairt chónaitheach agus tráchtála a éascú, le tacaíocht ó bhonneagar, seirbhísí agus áiseanna, laistigh de na ceantair fhoirgnithe atá ann cheana féin i lonnaíochtaí uirbeacha móra.

Cuireadh Réamhchásanna Gnó do Limistéir Choincheapa Thuaisceart Lár na Cathrach agus Dheisceart Lár na Cathrach faoi bhráid RTRÁO roimh dheireadh 2022 agus ceadaíodh iad in R1 2023. Ceanglaíodh ar Cheathrú Chultúrtha Chearnóg Parnell a Réamhchás Gnó féin a chur ar aghaidh agus rinneadh sin in R3 2023. Tá cistiú €177m ann le haghaidh na dtionscadal beartaithe faoin nGlaio seo, roinnte ar 24 tionscadal ar leithligh, a gcuirfidh gach ceann díobh cás gnó ar aghaidh ina leith sula gceadófar tairiscintí le haghaidh thógáil agus cheadú gheata 3.

Glaio 3 URDF

Is tionscnamh lárnach de chuid an Rialtais é an sruth maoinithe seo chun stoc tógála nach mbaintear dóthain úsáide as a ghníomhachtú. Dhearbhaigh RTRÁO clár ceadaithe de 16 shuíomh in R4 2023. Cé go bhféadfadh tuilleadh staidéar féidearthachta a bheith de dhíth le haghaidh cuid díobh, tá sé beartaithe, i gcomhréir leis na critéir arna leagan amach don Ghlaio maoinithe seo, go mbeifear in ann na réadmhaoine seo a chur chun cinn sa mhargadh oscailte nuair a bheidh siad faighte ag CCBÁC.

**Seandálaíocht,
Caomhnú agus
Oidhreacht****Seandálaíocht**

- Soláthraíodh 100% de na tuarascálacha Bainistíochta Forbartha in am, líon iomlán de 402 tuarascáil in 2023.
- Cur chun cinn, comhordú, measúnú, maoirseacht ar thionscadail deontais phobail, cur i bhfeidhm thionscadail na Comhairle agus aisíocaíocht gach tionscadail deontais CMF a bronnadh in 2023. Bronnadh €402,260.15 i maoiniú deontais ar shé thionscadal seandálaíochta faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2023 agus aisíocadh é ag úsáid airgid bhreise agus ag cruthú fostaíochta.
- Ionchur an ghrúpa oibre agus stiúrtha seandálaíochta gairmiúla sa Tionscadal maidir le feidhm nua a bhaint as Eaglais San Werburgh, sa Phlean Bainistíochta Caomhnaithe do reilig San Werburgh agus i Máistirphlean SDRA do Shráid Werburgh
- Ionchur an ghrúpa oibre agus stiúrtha seandálaíochta gairmiúla i gcur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Caomhnaithe do reilig Chainnigh i bhFionnghlas.
- Rinneadh Céim 2 den tionscadal taighde um Sheandálaíocht Chomhshaoil a fhorbairt agus a sheachadadh i gcomhar le páirtithe leasmhara saineolacha (Seandálaithe Comhshaoil Éireann/UCD)
- Rinneadh seandálaíocht Lochlannach agus bunús uirbeach Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn go hidirnáisiúnta trí rannpháirtíocht le líonra rannpháirtíochta acadúla agus poiblí, agus le dhá fhoilseachán speisialtóra in 2023 (Medieval Dublin agus Town and Country)
- Rinneadh an tionscadal Plean Oidhreachta um Sheandálaíocht Phobail Pháirc San Anna a fhorbairt, a stiúradh agus a chur i bhfeidhm le tacaíocht ón Oifig Oidhreachta
- Rinneadh Oidhreacht Thionsclaíoch Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara
- Rinneadh monatóireacht chomhshaoil ar Bhalla na Cathrach ag an gCé Adhmaid
- Rinneadh cathaoirleacht agus comhordú ar Líonra Seandálaithe na nÚdarás Áitiúil (LAAN) atá ceadaithe ag LGMA

An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Caomhnú

Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (BHIS) 2023

In 2023, bhí an méid a leanas san áireamh san obair:

- Cúnamh deontais €492,800 curtha ar fáil
- Cuireadh 51 tionscadal caomhnaithe i gcrích agus tugadh tacaíocht dóibh
- Cruthaíodh 2,616 lá fostaíochta do chleachtóirí agus gairmithe atá oilte sa chaomhnú
- €1,227,200 de cistí príobháideacha caite i ngeilleagar na tógála caomhnaithe
- €1,720,000 ab ea an caiteachas iomlán ar dheisiúcháin ar fhoirgnimh stairiúla

Ciste na nDéanmhas Stairiúil 2023

Thug Ciste na nDéanmhas Stairiúil tacaíocht d'ocht dtionscadal shuntasacha ar fud na Cathrach in 2023.

Bhí an méid a leanas san áireamh san obair:

- Cúnamh deontais €373,375 curtha ar fáil
- Cruthaíodh 835 lá fostaíochta do chleachtóirí agus gairmithe atá oilte sa chaomhnú
- €196,325 de cistí príobháideacha caite i ngeilleagar na tógála caomhnaithe
- €569,700 ab ea an caiteachas iomlán ar dheisiúcháin ar fhoirgnimh stairiúla

Foirgnimh i mBaol 2023:

- 113 Comhad um Chontúirt beo ag deireadh na bliana
- Dúnadh 25 Comhad um Chontúirt
- Osclaíodh 25 Comhad um Chontúirt
- Eisíodh ocht bhFógra um Chontúirt faoi Alt 59
- 37 Comhad um Chontúirt ina bhfuil pléifí leanúnacha ar bun idir an t-úinéir agus an Chomhairle Cathrach
- 39 Comhad um Chontúirt ag a raibh Deonú Ceada Pleanála beo
- Rinneadh cinneadh maidir le seacht nIarratas Pleanála i ndáil le foirgnimh atá ar Chlár BAR
 - Cead Tugtha: 5
 - Cinneadh Roinnte: 1
 - Faisnéis Bhreise iarrtha: 1
 - Cead Diúltaithe: 0
- Rinneadh cinneadh maidir le sé Iarratas faoi Alt 5 i ndáil le foirgnimh atá ar Chlár BAR in 2023
 - An líon a bhfuil cinneadh ar feitheamh /Faisnéis Bhreise fós le soláthar: 0
 - An líon ar deonaíodh Deimhniú Díolúine ina leith: 4
 - An líon ar diúltaíodh Deimhniú Díolúine ina leith: 0
 - An líon a ndearnadh Cinneadh Roinnte ina leith: 2

Oidhreacht

- Tugadh an dréacht deiridh de Phlean Straitéiseach Oidhreachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023-2028 chun críche i ndiaidh chomhairliúcháin poiblí (Aibreán 2023)
- Foilsíodh dhá leabhar a choimisiúnaigh an Oifig Oidhreachta in 2023 chomh maith le hacmhainn ar líne saor in aisce d'úinéirí tí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh
- Eagraíodh raon siompóisiamáí, cúrsaí, léachtaí agus cainteanna poiblí
- Rinneadh bainistíocht tionscadail ar Chlár Seandálaíochta Pobail Pháirc San Anna – Bliain 3

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

- Tugadh comhairle agus tacaíocht do Chumann Cónaitheoirí Marino chun iniúchadh oidhreacht a dhéanamh ar Cheantar Marino agus Fhionnradhairc mar ullmhúchán don chomóradh céad bliain.
- Tugadh tacaíocht do Chiste na Séadchomharthaí Pobail, lenar áiríodh Ráiteas faoin Modh Caomhnaithe chun suirbhé, bailmheasúnú, doiciméad faoi raon feidhme agus measúnú tionchair a dhéanamh le haghaidh Bhallaí na Cathrach ar Shráid na gCócairí
- Rinne suirbhé fótagraiméadrach ar dhealbhóireacht phoiblí stairiúil ar Shráid Uí Chonaill agus ar Faiche an Choláiste mar ullmhúchán do Phlean Bainistíochta Caomhnaithe in 2024.

Bainistiú Gníomhach Talún

An Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe

Tá feidhm ag an gCáin ar Thalamh Chriosaithe Cónaithe (CTCC), a tugadh isteach faoin Acht Airgeadais 2021, maidir le talamh atá criosaithe mar oiriúnach le haghaidh forbairt chónaithe agus atá seirbhísithe. Is cáin bhlíantúil é CTCC a ríomhtar ag ráta 3% de luach margaidh na talún laistigh dá raon feidhme. Tiocfaidh an beart cánach seo in áit an tobhaigh láithreán folamh sna blianta amach romhainn agus beidh sé á riar ag na Coimisinéirí Ioncaim. I gCáinainéis 2023, d'fhógair an tAire Airgeadais go gcuirfí an chéad dáta fiachais do CTCC ar athló ón 1 Feabhra 2024 go dtí an 1 Feabhra 2025.

Tá an chéad phróiseas mapála bliantúil do CTCC curtha i gcrích agus foilsíodh an dréacht-léarscáil i mí na Samhna 2022, an léarscáil fhorlíontach i mí na Bealtaine 2023 agus an léarscáil deiridh an 1 Nollaig 2023. Eisíodh 177 cinneadh mar fhreagairt ar aighneachtaí CTCC. Rinneadh 67 achomharc chuig an mBord Pleanála agus dheimhnigh an Bord 65 de chinntí na Comhairle. Ullmhaíodh tuarascálacha monatóireachta ar 140 suíomh agus rinneadh athbhreithniú ar os cionn 100 suíomh eile lena gcur san áireamh go hionchasach sa phróiseas mapála CTCC. Léirítear sa léarscáil deiridh, a foilsíodh i mí na Nollag 2023, an talamh atá laistigh de raon feidhme na cánach agus a bhí ar an dréacht-léarscáil agus ar an léarscáil fhorlíontach (faoi réir ag toradh na n-aighneachtaí/cinntí/athruithe ar chriosú/cinntí agus achomharc a rinneadh i ndáil leis an dá léarscáil). Déanfar athbhreithniú agus leasú ar an léarscáil deiridh gach bliain.

Tobhaigh na Láithreán Folamh

Eisíodh 30 éileamh ar íocaíocht Thobhach na Láithreán Folamh in 2023, agus bhain 12 acu sin le láithreáin faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach. Íocadh €263,550 san iomlán i dTobhaigh na Láithreán Folamh in 2023 (baineann €263,550 le héilimh a eisíodh in 2023). Bhí 41 láithreán ar Chlár na Láithreán Folamh i mí na Nollag 2023.

Tionscnamh na Cathrach Beo (TCB)

Thug an Roinn Airgeadais an scéim Dreasachta Cánach TCB isteach in 2015 agus rinneadh athbhreithniú uirthi in 2017 chun iarratais ar fhaoiseamh cíosa cónaitheach a chur san áireamh. Tá mar aidhm ag an scéim cúnamh agus spreagadh a thabhairt do dhaoine le cónaí i gceantair stairiúla i lárchathair Bhaile Átha Cliath. Leis an scéim seo, ceadaítear d'úinéirí agus d'infheisteoirí réadmhaoine i Limistéar Athbheochana Speisialta faoiseamh cánach a éileamh ar airgead a chaitear ar réadmhaoín chónaitheach a athchóiriú agus/nó a athoiriúnú. Sainaithnítear réadmhaoín atá laistigh den Limistéar Athbheochana Speisialta ar léarscáil idirghníomhach ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Taifeadadh 219 iarratas ar TCB ó bunaíodh an scéim agus tá oibreacha athchóirithe curtha i gcrích ag 127 iarratasóir go dtí seo.

Láithreáin Thréigthe

Déanann an Chomhairle iarracht réamhghníomhach, trí na forálacha reachtachta san Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 a chur i bhfeidhm go héifeachtach, chun deireadh a chur le

An Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

tréigean sa Chathair agus chun láithreáin thréigthe a chur in úsáid arís.

In 2023:

- Rinneadh cigireacht ar 517 láithreán
- 191 Alt 10 (Litreacha Rabhaidh)
- 43 Fógra Alt 8 (2) (go bhfuil ar intinn iontráil a dhéanamh ar an gClár)
- 39 Fógra Alt 8 (7) (iontráil ar an gClár)
- 2 láithreán bainte de Chlár na Láithreán Tréigthe
- 109 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe amhail an 31/12/2023

Tá cur i bhfeidhm straitéis fála leanúnaí ó 2017 ina phríomhpháirt de Thionscnamh na Comhairle Cathrach um Bainistiú Gníomhach Talún, ar aidhm leis deireadh a chur le tailte agus foirgnimh nach mbaintear dóthain úsáide astu, atá folamh agus atá tréigthe sa chathair. Tá 44 láithreán tréigthe faighte ó 2017 go 2023 (38 go héigeantach, 6 le comhaontú).

Clár Gníomhachtaithe

Sheol an Rialtas Clár Gníomhachtaithe i mí Aibreáin 2023 chun réadmhaoín fholamh agus thréigthe a ghníomhachtú. Faoin gclár, ceanglaítear ar Údaráis Áitiúla cur chuige réamhghníomhach, pleanáilte agus córasach a ghlacadh maidir le réadmhaoín fholamh agus thréigthe a shainaithint agus a ghníomhachtú. Leag an Roinn spriocanna amach le haghaidh na nÚdarás Áitiúil go léir. Bheifí ag iarraidh más féidir é na láithreáin uile a chuirtear isteach sa Chlár Gníomhachtaithe a chur i mbun oibre arís. Beidh Láithreáin Thréigthe ag obair i ndlúthchomhar le Tithe Folmha chun na spriocanna atá leagtha síos don Chomhairle a chomhlíonadh (An líon maoine folmha agus tréigthe a rachaidh isteach sa chlár = 150, an líon láithreán a gheofar = 4).

Cuireadh 168 láithreán isteach i gClár Gníomhachtaithe an Rialtais, líon is mó ná an sprioc chomhiomlán le haghaidh láithreáin thréigthe agus fholmha. Sainithníodh 33 láithreán i gcomhair éadála. Fuarthas seilbh go héigeantach ar dhá láithreán in 2023 agus choinnigh an Chomhairle iad faoi rialú na Seirbhísí Tithíochta & Pobail le húsáid le haghaidh tithíocht shóisialta. Tosaíodh ag obair ar dhá láithreán eile a fháil ar bhonn éigeantach in 2023 agus beidh siad dílsithe sa Chomhairle in 2024. Tá coinne leis go bhfaighfear láithreán eile trí chomhaontú agus go dtabharfar an comhaontú sin chun críche in 2024. Lorgaíodh cead ón mBord Pleanála chun trí láithreán eile a fháil. Tá an chuid eile de na láithreáin ag céimeanna éagsúla sa phróiseas tógála, agus leanfar de sin in 2024.

Fáil Maoine ar bhonn Straitéiseach.

Cuid ríthábhachtach eile de Thionscnamh Bainistíochta Talún Gníomhaí na Comhairle is ea deiseanna fála straitéisí a aithint.

Fáil Maoine trí Chomhaontú

Sráid San Tomás, 80, D8

Láithreán mór le rá é seo. Tá Oifig Luachálaí na Cathrach ag dul sa tóir ar leasanna gan íoc in 4 Sráid San Agaistín chun an acmhainneacht forbartha a uasmhéadú. Chuir Ailtirí na Cathrach Staidéar Acmhainneachta i gcrích maidir leis an láithreán, atá á bhreithniú.

Tógálacha Éigeantacha

An tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (Athfhorbairt Amharclann na Mainistreach/ Cultúr / Conláiste), 2021 ar Shráid na Mainistreach Íochtarach – Sráid Mhaoilbhride – Cé Éidin – Seancheantar Shráid na Mainistreach

Deimhníodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh tar éis éisteacht ó bhéal de chuid an Bhoird Pleanála i mí Eanáir 2023 agus chuaigh sé i mbun oibre i mí an Mhárta 2023.

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

An tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (Forbairt Chónaithe/Tráchtála), 2022 ar Cheantar 11-14 Sráid an Mhalartáin Íochtarach & 11 Sráid an Mhalartáin Thiar

Fuarthas agóid amháin. Dúirt an Bord Pleanála leis an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2023 nach bhfuil gá le héisteacht ó bhéal chun an agóid a láimhseáil agus d'iarr go gcuirfeadh an Chomhairle aighneacht i scríbhinn isteach. Taisceadh an aighneacht leis an mBord i mí na Samhna 2023.

An tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (Forbairt Chónaithe/Tráchtála) 2019 ar Cheantar Rae Uí Mharcaigh / Shráid Parnell / Shráid Chéipil

Tá an láithreán slán, glanta agus ag feitheamh athfhorbairt faoi rialú na Seirbhísí Tithíochta agus Pobail. Tá coinne leis go mbeidh Cuid 8 taiscthe ag Ailtire na Cathrach go luath in 2025.

Tá roinnt orduithe ceannaigh éigeantaigh eile á n-ullmhú, ina measc ceann chun athfhorbairt Chumann Peile Lúthchleas Phádraig Naofa a éascú, más gá. Tá sé beartaithe ag an gclub a pháirceanna a athfhorbairt agus a athghiniúint ag Páirc Richmond, tráth a ndéanfar staid nua-aimseartha. Beidh maoiniú breise ag teastáil leis na tograí sin, chun réadmhaoine breise atá suite leis an staid a fháil. Tacaíonn an Chomhairle leis an tionscadal agus tá sí meáite na réadmhaoine breise a mhaoiniú agus a fháil chun an athfhorbairt a éascú.

An Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta agus Faireachas Margaidh (NBC&MSO)

Cuireann an Oifig seo maoirsiú, tacaíocht agus treoir ar fáil chun Rialú Foirgníochta agus Faireachas Margaidh a fhorbairt, a chaighdeánú agus a chur i bhfeidhm mar sheirbhís éifeachtach comhroinnte sa 31 Údarás um Rialú Foirgníochta agus Faireachas Margaidh. Próiseáladh iad seo a leanas tríd an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta in 2023:

- 13,846 Fógra Tosaithe
- 4,436 fiosrúchán ó chustaiméirí
- 8,324 iarratas
- 6,220 Deimhniú um Chomhlíonadh

Bhain 35 mac léinn céim amach ar Theastas NBCO/IT SETU i mBainistíocht Rialú Foirgníochta, agus chuir 21 mac léinn tús le cúrsa 2023/24. Cuireadh tús leis an gcúrsa Máistreacht san Eolaíocht i gComhlíonadh Rialála Foirgníochta (SETU Port Láirge, NBC&MSO), agus bhí ochtar mac léinn ar an rolla le haghaidh bhliain acadúil 2023-2024. Chuir NBC&MSO an Straitéis Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh ar Tháirgí Foirgníochta 2023 i bhfeidhm agus ar fáil. Díríodh sa Straitéis ar ghníomhaíochtaí réamhghníomhacha cigireachta ar tháirgí foirgníochta. Áiríodh leis sin cigireachtaí beartaithe ar tugadh fógra maidir leo agus cinn nár tugadh fógra maidir leo, agus cigireachtaí frithghníomhacha arna spreagadh ag eolas ó shaoránaigh (e.g. an pobal, comhlachtaí poiblí, conraitheoirí, dearthóirí, custaim, na póilíní, nó údarais eile a dhéanann faireachas margaidh etc.). Sheachaid NBC&MSO na himeachtaí forbartha gairmiúla leanúnaí seo a leanas ar a raibh rochtain ag os cionn 4,000 duine in 2023, agus tá siad ar fáil ar Chainéal You Tube:

- ACS i Rialú Foirgníochta
- Rialacháin Tógála Cuid M
- Cigireachtaí um Rialú Foirgníochta
- Fógraí Tosaithe
- Cigireachtaí um Fhaireachas Margaidh
- Modhanna Foirgníochta Nua-Aimseartha
- Seimineár Gréasáin ar Thathagú

An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Oibríochtaí Áiseanna Fóillíochta

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Choimisiúnaigh agus d'fhorbair an Chomhairle Cathrach an chéad Phlean Spóirt don Chathair. Beidh an plan dírithe ar phríomhchuspóir de Chathair Bhaile Átha Cliath: Níos Gníomhaí, Níos Minice, agus tá fíis leagtha amach ann go mbeidh Baile Átha Cliath ar cheann de na cathracha is gníomhaí ar domhan.

Cuirfear an plan deiridh i láthair go foirmiúil ag cruinniú iomlán den Chomhairle agus seolfar é i mí Aibreáin 2024 agus beidh sé mar chreat chun gníomhaíocht fhisiciúil a sheachadadh ar fud na Comhairle Cathrach go dtí 2029.

Cuireadh cláir ar fáil leis na háiseanna i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara éagsúla, ina measc ranganna snámha d'idir óg agus aosta agus gach cineál cumais, ranganna peile, damhsa, ranganna in ealaín chomhraic, cispheil, dornálaíocht, boccia, seisiúin sa giom, ranganna aclaíochta éagsúla, ealaín agus ceardaíocht, comórtais scoileanna agus cláir aclaíochta.

Tugadh tacaíocht do Chomhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath chun a chláir a sheachadadh ar fud na cathrach, cláir cosúil le 5 Dhúshlán Beo agus Operation Transformation.

Cuireadh dromchla nua ar dhá Pháirc Uile-Aimsire i gCluain Tarbh agus cuireadh athchóirithe móra i gcrích ag Linn Snámha Seán Mac Dermott agus ag Lárionad Spóirt St. Catherine.

Féidhmiú na Seirbhíse Leabharlainne & Cartlainne

Thug os cionn 2 mhilliún duine cuairt ar ár leabharlann in 2023, chláraigh os cionn 40,000 ball nua léi, d'fhreastail os cionn 100,000 duine ar 63,000 imeacht agus fuair bail na leabharlann 2 mhilliún ábhar clóite agus ríomh-Acmhainn ar iasacht. Thug Deasc chabhrach an Chórais Náisiúnta Bainistíochta Leabharlainne freagra ar 5,500 fiosrúchán, a dhá oiread an líon ar tugadh freagra orthu in 2022.

Rinneadh athchóiriú as an nua ar iar-oifig sórtála de chuid An Post chun an leabharlann nua a chruthú i sráidbhaile Fhionnghlaise a osclaíodh i mí na Nollag 2023. Rinneadh athdhearadh ar Sheomra Bhaile Átha Cliath i Leabharlann agus i gCartlann Chathair Bhaile Átha Cliath agus cruthaíodh 'Seomra Suite sa Chathair' ina raibh spásanna le dul i mbun staidéir, deis a thabhairt do dhaoine a scíth a ligean, léitheoireacht a dhéanamh agus freastal ar imeachtaí.

Chruthaíomar turais 3T ar chúig cinn dár gcuid leabharlanna chun cabhrú le daoine a gcuid a phleanáil agus an raon seirbhísí céadfaí atá ar fáil a thaispeáint. Leathnaíomar an soláthar seirbhísí céadfaí atá againn do dhaoine le riachtanais bhreise agus rinneadh é sin le cabhair ó bhréagáin céadfaí a cuireadh ar fáil ag na brainsí go léir. Suiteáladh Seomra na gCéadfaí ag Leabharlann Bhaile Fhormaid agus sa Leabharlann Láir agus cuireadh Tovertafel (Boird Draíochta) ar fáil ag ár mbrainsí sa Chabhrach agus i bhFionnghlas.

D'fhreastail foireann na Leabharlainne sa tSeirbhís Pobail ar 144 imeacht for-rochtana nó d'eagraigh siad na himeachtaí sin agus bhí siad i dteagmháil le breis agus 14,000 duine in 2023. Cuireadh Bailiúcháin For-Rochtana ag 52 lárionad ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste agus ar phobail imeallaithe.

Fuair brainsí uile Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath an t-ainmniúchán mar áiteanna atá 'Aoisbháúil' agus cuireadh teicneolaíocht chuiditheach do dhaoine scothaosta (Táibléid Acorn, C-Phinn) ar fáil i ngach brainse.

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Tugadh seirbhís iasachta deich lá isteach chun rochtain a thabhairt do dhaoine ar theidil a bhfuil tóir orthu gan orthu a bheith ag feitheamh.

Nascadh cláir leabharlainne le téamaí náisiúnta agus cathrach, ina measc An Ceart chun Léitheoireachta agus Éire Shláintiúil. Lenár gclár litearthachta do leanaí bhí os cionn 20,000 leanbh rannpháirteach sna cláir seo a leanas: Am Scéalaíochta, Réaltaí an tSamhraidh, agus Féile Leabhar do Leanaí. Tugadh ceardlanna innealtóireachta chomh fada le scoileanna le haghaidh Sheachtain na nInnealtóirí agus forbraíodh clár chun imeachtaí Andy Warhol a eagrú sna Leabharlanna. Tugadh an 4ú Mol Cruthaitheach isteach sa Lárleabharlann in 2023. In éineacht lenár mbailiúcháin de leabhair Ghaeilge, chuireamar roinnt clár ar fáil i nGaeilge ar feadh na bliana, mar shampla clár le haghaidh Sheachtain na Gaeilge, tob-Ghaeltacht agus grúpaí Comhrá Gaeilge agus cainteanna i nGaeilge.

I measc na mBuaicphointí Staire bhí foilsíú Imleabhair 5 agus 6 de History on Your Doorstep agus léacht Amal John T. Gilbert i mí na Bealtaine. Bhí Féile Staire Bhaile Átha Cliath ar an bhFéile is mó go dtí seo, agus d'fhreastail os cionn 200 duine ar an bhféile féin agus ar imeachtaí na féile ar líne. D'fhreastail níos mó ná 5,000 duine ar an bhFéile in 2023.

Thacaigh Cathair Litríochta UNESCO le réimse leathan tionscadal liteartha, cónaitheachtaí agus eagraíochtaí i rith na bliana. I measc bhuaicphointí na bliana fógraíodh Gradam Liteartha Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine agus an fhéile bhliantúil Baile Átha Cliath: Cathair Amháin, Leabhar Amháin i mí Aibreáin.

**Oibríochtaí
Limistéar Fóillíochta
Lasmuigh – Seirbhísí
Páirceanna,
Bithéagsúlachta
agus Tírdhreacha**

Bronnadh naoi mBrat Ghlasa ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta ar bhainistiú páirceanna agus rannpháirtíocht an phobail. Choinnigh trá Chnocán Doirinne a stádas 'Brait Ghoirm'.

Osclaíodh páirceanna nua ag Siúlán San Séamas, Rialto, Gairdíní James Joyce, Sráid James Joyce, rinneadh athfhorbairt ar Oirthuaisceart Lár na Cathrach agus Páirc an Diamaint ar Shráid Sheáin Mhic Dhiarmada agus ar Shráid Gardiner agus d'oscail an tArdmhéara go hoifigiúil iad.

Coinníodh na seomraí tae agus na leithris phoiblí i naoi gcinn de na páirceanna poiblí agus cuireadh isteach an Caifé Mugshot i bPáirc Shráid Bhun Droichid. D'óstáil páirceanna raon margaí, imeachtaí agus gníomhaíochtaí ina measc Fhéile Rós bhliantúil Chathair Bhaile Átha Cliath i bPáirc San Anna i mí Iúil.

Tionscadail de chuid Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (2021-2025) Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2023:

- Cuireadh an chéad chéim de thionscadal daonra Madra Uisce Chathair Bhaile Átha Cliath i gcrích in 2023. Cuireadh sonraíocht ar bun chun poill shaorga do mhadraí uisce a thógáil ar féidir iad a úsáid go náisiúnta in R1 2023 agus foilseofar í i samhradh 2024.
- Sionnach sa Chathair: In 2023, gabhadh ocht sionnach ó cúig pháirc de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Feistíodh coiléir raidió orthu agus bhíothas in ann leis sin gluaiseachtaí na sionnach a rianú. Cuirfear an tionscadal i gcrích in 2024.
- Leanadh de thionscadal Éin Abhann Chathair Bhaile Átha Cliath le Cairde Éanlaith Éireann. Cuireadh an ghné Eolaíocht Saoránach den tionscadal ar bun in 2023, agus

An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

- cuireadh ceardlanna ar siúl ag Páirc San Anna agus ag Páirc Hoirbeaird.
- Tionscadal Éin Chreiche Chathair Bhaile Átha Cliath: cuireadh ceardlanna poiblí ar siúl ag Páirc San Anna agus Páirc Hoirbeaird agus spreagadh saoránaigh le pictiúir a sheoladh isteach trí thairseach an tionscadail.
- Leanadh den tionscadal Gabhlán Gaoithe sa Chathair áit ar suiteáladh boscaí gabhlán gaoithe in éineacht le grúpaí pobail agus le scoileanna.
- Leanadh den fhaire ar éin cheoil i bpáirceanna i lár na cathrach le Grúpa Ceoláin Lár Tíre na hÉireann.
- Suirbhéanna ar an Sciathán Leathair agus ar an gCorr Réisc. Rinneadh suirbhéanna móra ar an sciathán leathair agus ar an gcorr réisc le haghaidh Pháirc na dTor agus Pháirc San Anna in 2023.
- Tugadh measúnú ar na cúiseanna atá leis an bhfás ar an alga donn i gCuan Bhaile Átha Cliath i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe in 2023.
- Bunaíodh Grúpa Gníomhaíochta Eolaíochta agus Teicniúil le haghaidh Oileán an Bhulla agus bhuail siad le chéile i mí an Mheithimh.
- Cuireadh Plean Bainistíochta um Rochtain Cuairteoirí Oileán an Bhulla i bhfeidhm ar Oileán an Bhulla.
- I measc na for-rochtana bithéagsúlachta bhí sráidbhaile ag Féile Rós San Anna, agus sampláil linne, fáinniú éan agus siúlóidí sciathán leathair.

Straitéis Crann Chathair Bhaile Átha Cliath/Clár Cúraim do Chrainn:

Tá os cionn 15,000 crann taifeadta anois ar chóras Bainistíochta Crann CCBÁC Arbortrack. De réir an tsuirbhé tá os cionn 142 speiceas éagsúil crann ag fás i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Forbairt Pobail, Spóirt agus Áineasa

Rinneadh príomhthionóntaí (san áit ina bhfuil siad lonnaithe) a fhreastalaíonn ar an bpobal trí chéile idir dhaoine faoi mhíchumas, leanaí, daoine óga, daoine scothaosta, mionlaigh eitneacha, etc., i ngach ceantar a éascú chun ár Lárionaid a rochtain agus tugadh tacaíocht dóibh déanamh amhlaidh.

Sholáthraíomar seirbhísí éagsúla freisin do pháirtithe leasmhara ó earnálacha reachtúla agus neamhreachtúla mar shampla an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Garda Síochána, Bord Oiliúna Oideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, agus Bord Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath. Chuir an rannóg cóiríocht éigeandála ar fáil freisin do mhuintir na hÚcráine a tháinig go hÉirinn.

Chomh maith le rochtain a thabhairt ar phríomhthionóntaí chuir foireann an ionaid pobail, spóirt agus áineasa cláir laethúla ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla ag gach leibhéal.

Cuireadh deiseanna ar fáil do gach ball den phobal a bheith rannpháirteach trí imeachtaí speisialta inár n-ionaid go léir agus dírfódh go speisialta ar Lá Fhéile Pádraig, an Cháisc agus ar mhórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt ar nós Chorn Sacair an Domhain do na Mná.

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Dánlann Hugh Lane

Taispeántas Andy Warhol Three Times Out 8 Deireadh Fómhair 2023 – 28 Eanáir 2024

Thóg sé cúig bliana planáil don taispeántas seo a bhfuil ag éirí thar cionn leis, agus mar thoradh air:

- thug 135,000 duine cuairt ar an taispeántas
- bhí 6,395 áirithint ag an ócáid Saor in Aisce ar an gCéadaoin
- eagraíodh níos mó ná 450 turas treoraithe den taispeántas
- thug 9,857 dalta scoile cuairt air
- d'fhreastail 13,000 duine ar cheardlanna, ar chúrsaí léirthisceana don ealaín agus ar chlár speisialta a bhaineann le AWTTTO
- An geilleagar istoíche – 2,135 cuairteoir tar éis 6pm
- 13 imeacht tar éis uaireanta oibre sa dánlann
- 482 saothar ealaíne a fuarthas ar iasacht ó 24 iasachtaí san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada
- Luach €300 milliún
- Ioncam €1,052,897 go dtí seo
- Ioncam €945,643 ó thicéid, ó dhíolacháin ar líne
- €8,505 tabhartas ar líne
- €54,061 ó dhíolacháin catalóige (ag leanúint go fóill)
- €44,689 ó dhíolacháin earraí (ag leanúint go fóill)
- Luadh muid 385 uair sna meáin, ar an teilifís, raidió, i gcló agus ar líne lena n-áirítear RTÉ Nationwide, RTÉ Radio 1, Arena, The Irish Times, Irish Independent, agus The Art Newspaper
- 64,419,320 taispeáint sna meáin saothraithe = le luach measta €3.3 milliún

Halla na Cathrach

Tháinig méadú rialta ar líon na ndaoine a thug cuairt ar Halla na Cathrach ar feadh na bliana, go dtí 20,963 in 2023.

Bhí Halla na Cathrach fós ar an Lárionad Searmanais Pósta ba ghnóthaí i gCúige Laighean áit ar pósadh 202 lánúin, agus freastalaíodh ar a dteaghlaigh agus ar a gcuid aíonna in 2023. Bhí Halla na Cathrach i mBaile Átha Cliath ar an rogha ionaid freisin le haghaidh roinnt lánúineacha a tháinig ó thar lear le pósadh in 2023, agus thaistil lánúineacha, a dteaghlaigh agus cairde ann ó gach cearn den Eoraip, Ceanada, SAM agus an Astráil.

Óstáladh breis agus 33 Imeacht i Halla na Cathrach freisin in 2023. Bhí Halla na Cathrach lán go doras don Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair 2023 agus bhí turais phearsanta agus píosaí ceoil ann idir na himeachtaí ar feadh na hoíche.

Cuireadh an fhorbairt ar Urlár Íochtair na Talún de Halla na Cathrach i gcrích in 2023, agus soláthraíodh dhá sheomra páirtí do chomhaltaí tofa, dhá mhol cruinnithe agus limistéar beag i gcomhair comhdhálacha. Tá plan mór cothabhála i bhfeidhm don fhoirgneamh, agus áiseanna á gcoinneáil go dtí na caighdeáin is airde do chliant, don phobal, do chomhairleoirí agus don fhoireann.

An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Oifig Ealaíon

- 200 iarratas ar Dheontais Ealaíon agus os cionn 100 bronnta ar fud na Cathrach i bPobail agus in Eagraíochtaí Ealaíon.
- Bhí na sluaite i láthair ar an Oíche Chultúir, ag Musictown, an Fhéile Litríochta Idirnáisiúnta, Féile Athbhliana Lunar Bhaile Átha Cliath, imeachtaí ar ar fhreastail níos mó ná 250,000 ar an iomlán.
- Bhí sé thaispeántas nua ar siúl i nGailearaí LAB chomh maith le clár scoláireachta comhpháirteach.
- Bhain 25,000 duine úsáid as foirgneamh LAB, mar a rinne Dance House freisin.
- Bhuaill os cionn 100 Ealaíontóir agus Eagraíocht Ealaíon leis an Oifig Ealaíon chun oibriú ar fhorbairtí.
- Clár iomlán Ealaíne Poiblí, Clár de chuid Éire Ildánach agus forbairt ar thionscadail Chaipitil ag Cé na gCeannaithe, Plás Ard Aidhin agus Eaglais Shráid San Werburgh.

Imeachtaí agus Scannánaíocht

- D'éirigh go han-mhaith le himeachtaí i Lár na Cathrach agus baineadh amach an méid seo a leanas:
- Féile dhá lá a bheidh i bhFéile Luke Kelly in 2024, a raibh an chéad fhéile dá chuid ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2023.
 - Thug os cionn 55,000 duine cuairt ar Funtropolis de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gCearnóg Mhuirfean agus i bPáirc Chearnóg Mhuinseo.
 - Is i gCearnóg Mhargadh na Feirme a bhí an gabhar á róstadh d'fhoireann peile bhuacach Bhaile Átha Cliath a thug craobh Uile-Éireann CLG leo agus is ar Shráid Uí Chonaill a bhí ceiliúradh Fhoireann Sacair Ban FAI nuair a tháinig siad abhaile agus os cionn 8,000 lucht tacaíochta ann le fáilte a chur rompu.
 - Thug 39,000 cuairteoir as Meiriceá aghaidh ar an ardchathair le haghaidh Chluiche Pheil Mheiriceánach na gColáistí, ócáid a thug ioncam €180 milliún do Chathair Bhaile Átha Cliath. Thug os cionn 10,000 lucht leanúna cuairt ar an ócáid dranntiomána ar Shráid Notre Dame.
 - Bhí Fleadh Mhargadh na Feirme de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar siúl an deireadh seachtaine céanna agus bhí os cionn 33 taibhléiriú agus ceardlann ar siúl, agus d'fhreastail 13,200 lucht leanúna air.
 - Tháinig méadú 38% ar an líon a d'fhreastail ar Fhéile Bram Stoker Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus 68,000 duine i láthair, líon nach bhfacthas riamh cheana. Vótáladh an Fhéile ar cheann de na cúig cheann scríbe taistil is fearr i gcomhair Oíche Shamhna ar fud na cruinne, de réir Lonely Planet. Buaicphointe na hócáide ar ndóigh ná Paráid Macnas a bheith ar ais ar ar fhreastail 28,000 duine
 - Bhí 16 ealaíontóir idirnáisiúnta i láthair ag Soilse Geimhridh Bhaile Átha Cliath de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Chruthaigh siad saothar ealaíne digiteach saincheaptha ar Fhoirgnimh Ardoifig an Phoist agus Theach an Chustaim. Thug os cionn 50,000 duine cuairt ar Winter Wonderland i bPáirc Chearnóg Mhuirfean; bhí an ócáid athchóirithe as an nua. Tháinig méadú 145% go dtí 8.3 milliún ar líon na n-uaireanta a taispeánadh ábhar meán sóisialta don imeacht. Bhí 2.6 milliún duine fásta ag éisteacht ar an raidió gach seachtain ar an meán, agus tháinig méadú 73% go dtí 334,000 ar líon na ndaoine a chuaigh isteach ar a suíomh gréasáin (www.dublinwinterlights.ie) thar thréimhse ceithre seachtaine.
 - Leis an gCiste Pobail Imeachtaí bhíothas in ann aonad céadfaí soghluaiste a cheannach le haghaidh imeachtaí faoin aer agus €25,000 chun imeachtaí pobail a mhaoiniú.
 - Phróiseáil Oifig Scannán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 267 iarratas léiriúcháin, a ghin ioncam os cionn €238,000 don Chomhairle Cathrach i dtáillí ceadag agus costais suíomhanna.

PRÍOMHSHEIRBHÍS**ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023****Comhlacht Cultúir
Chomhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath**

Chomhoibrigh an Comhlacht Cultúir le daoine, le pobail, le heagraíochtaí cultúir, le gnóthaí agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an rannpháirtíocht chultúrtha a mhéadú agus eispéiris chultúrtha a leabú i saol mhuintir Bhaile Átha Cliath, rud lenar nascadh daoine agus pobail trí chultúr agus comhrá. I measc bhuaicphointí 2023 bhí siad seo a leanas:

- Bhíomar i mbun 720 ceardlann cruthaitheach le 216 ealaíontóir agus déantóir ealaíne inár gClár Cónaitheachta Cruthaithí agus inár gclár Comharsanachta Náisiúnta.
- Rinneamar tionscadail chultúrtha le 10,834 duine a chónaíonn i mBaile Átha Cliath nó atá ag obair ann.
- Choimisiúnaíomar 98 cainteoir nó rannchuiditheoir dár n-imeachtaí ina mbíonn daoine i láthair go pearsanta.
- Reáchtáladar 504 imeacht cultúrtha ar an láthair, agus bhí 29,860 duine sa lucht féachana.
- D'fhreastail 38,546 duine ar thurais threoraithe ar Mhúsaem 14 Sráid Henrietta.
- Chuireamar cúrsaí cultúir os comhair daoine ag 167 imeacht ar ar fhreastail 2,277 lucht féachana cultúrtha nua lenár gclár Club Cultúir.
- Bheartaíomar agus sheachadamar an Chomhdháil Chultúir – Cathracha Aontaithe-Rialtas Áitiúil i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2023.
- Chuamar i gcomhpháirt le Baile Átha Cliath Cliste agus CRES chun an tAonad Turasóireachta a chur ar fáil.
- D'oibríomar i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Bhaile Átha Cliath ar an gCónaitheacht Chruthaitheach in Ealaín agus Spórt.
- D'oibríomar le Dánlann Hugh Lane ar chlár chun lucht féachana a fhorbairt agus ar chlár rannpháirtíochta agus ar thionscadail rannpháirtíochta sa chultúr
- D'oibríomar le Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath ar an gclár rannpháirtíochta, agus rinneamar comhordú agus sceidealú ar an gclár Staraithe Cónaithe

Béilí Scoile

Riarann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Scéim Béilí Scoile Uirbeach, an Scéim Cócaráilte (Anraith Fuar) agus an Scéim Béilí Teo.

In 2023, d'fhógair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Tairiscint chun Creat-chomhaontú Páirtí Aonair a Bhunú ar sholáthar agus ar sheachadadh ceapairí, torthaí agus bainne sa Scéim Béilí Scoile Uirbeach 2023-2024. Ba iad Glanmore Foods Teo. an tairgeoir rathúil. In 2023, lorgaíodh luachan ó thrí ghnólacht trí litir ó mhí Lúnasa 2023 chun Anraith Cócaráilte (Fuar) a Sholáthar agus a Sheachadadh ar na trí bhunscoil i Scéim Anraith CCBÁC don tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2023 – Aibreán 2024. Ba é Soup Cafe an gnólacht rathúil. Faoi Scéim na mBéilí Teo, íocadh fóirdheontas in aghaidh an dalta i dtreo an chostais a bhaineann le béilí teo a chur ar fáil in ocht mBunscoil, áit a bhfuair thart ar 500 dalta béile te ar laethanta scoile in 2023.

Bhí 182 Bunscoil sna trí Scéim in 2023, ag freastal ar thart ar 27,000 dalta gach lá.

An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Branda Áite Bhaile
Átha Cliath & dublin.
ie

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Creat um Sheirbhísí Iriseoireachta, Cóipscribhneoireachta agus um Fhorbairt Inneachair: D'fhág an próiseas tairisceana go bhfuair cúig chuideachta an creat.

Comhairleoireacht maidir le branda áite: Chuir Eutopia straitéis i gcrích maidir le branda áite. Tugadh isteach an tiománaí branda Always, agus rinne sé tomhas ar thionchar, agus scrúdú ar roghanna chun go nglacfaí le branda áite agus go gcuirfí acmhainní ar fáil dó ar bhonn réigiúnach níos leithne.

Feachtais Phromóisin: Feachtas Cultúir Always a ceapadh chun go dtabharfadh níos mó daoine cuairt ar an gcathair le haghaidh Nithe is Díol Spéise, Féilte agus Siamsaíocht Bheo, a bhí ar siúl ar feadh mhí an Mheithimh agus mhí Iúil 2023 ar fhógraíocht faoin aer, agus ar mheáin shóisialta íoctha agus orgánacha agus ar Dublin.ie.

Fás ar Mheáin Shóisialta: Tháinig glanmhéadú 2,700 (+7%) ar leantóirí ar ár n-ardáin shóisialta. Chonacthas an méadú ba mhó ar TikTok, agus ansin ar Instagram.

Tacaíocht d'imeachtaí: Thacaigh an Fhoireann Branda Áite le lear mór imeachtaí agus bhí siad rannpháirteach iontu, ina measc: Brigit 2023, Féile Naomh Pádraig, Féile Bróid Bhaile Átha Cliath, Peil Mheiriceánach Aer Lingus, Comhdháil UCLG, Cruinniú Mullaigh de Sheachtain Claochlaithe CCBÁC, Gradaim an Líonra Eorpaigh um Thurasóireacht Chultúrtha (ECTN), Cruinniú Mullaigh maidir leis an nGeilleagar Oíche agus Dámhachtainí AI

Comharthaíocht imeachtaí: Dearadh agus táirgeadh comharthaí nua feiceálacha brandaí, a bhí ar taispeáint ag imeachtaí mór le rá.

Earraí brandáilte: Earraí nua déanta as ábhair athchúrsáilte ar nós buidéil uisce agus cupáin inslithe. Earraí saincheaptha freisin le haghaidh Chomhdháil UCLG agus Oifig AE.

Dublin.ie: Bíonn neart tráchta i gcónaí ar Dublin.ie agus na Liostálacha Cad atá ar Siúl ag fógairt níos mó ná 100 imeacht coimeádaithe ag aon am amháin.

Forbairt & Cur chun cinn Eacnamaíoch

Sheachaid an Oifig Fiontar Áitiúil ár gcomhaontú seirbhíse le Fiontraíocht Éireann agus leis an bPlean Forbartha Fiontar Áitiúil agus chuaigh siad céim níos faide go deimhin le 6,600 idirghníomhaíocht shainiúil le FBManna. Sheachaid seirbhísí Oiliúna, Meantóireachta, Comhairliúcháin (éifeachtúlacht ghlas/fuinnimh, Claon, Digiteach & Easpórtáil) le himeachtaí Fiontar, arna dtaispeáint le linn na Seachtaine Fiontar Áitiúil (30 imeacht & níos mó ná 1,500 rannpháirtí) i mí an Mhárta 2023.

In 2023, chuir Oifig Fiontar Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath oiliúint ar fáil do 4,500 rannpháirtí, chuir siad 1,300 uair an chloig meantóireachta ar fáil, méadú níos mó ná 30% bliain i ndiaidh bliana, agus d'infheistigh siad os cionn €1.9 milliún i dtacaíochtaí deontais airgeadais ar fud na naoi dtacaíocht deontais de chuid na hOifige Fiontar Áitiúil a ceadaíodh do 256 cliant i bpobal gnó chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireadh seirbhísí chun cinn go leanúnach trí chumarsáid éifeachtach (16,000 leantóir), ríomhiriseáin mhíosúla agus suirbhéanna saincheaptha. Forbraíodh agus coinníodh caidreamh ar bun le breis agus 50 eagraíocht leasmhar in Éicea-Chóras Fiontar.

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Sheachaid an fhoireann Forbartha Eacnamaíoch raon leathan gníomhaíochtaí agus clár in 2023 ina measc:

- Straitéis Nuashonraithe don Oifig um Fhorbairt Eacnamaíoch “Forbairt Eacnamaíoch a Stiúradh 2022-2024”
- Foilsíodh Straitéis na hOifige um Fhorbairt Eacnamaíoch – Plean Gníomhaíochta Bliantúil 2023 (32 Gníomhaíocht Curtha i gCrích, cúig Ghníomhaíocht ag leanúint ar aghaidh, etc.)
- Bhíothas i mbun aighneachta le haghaidh aicmí fDi 2024
- Cuireadh an tairiscint i gcrích le haghaidh soláthróir seirbhíse Your Dublin Your Voice agus rinneadh ceithre shuirbhé
- Pleanáladh agus óstáladh imeacht bliantúil Shraith Cruinniú Mullaigh Chathair Bhaile Átha Cliath 2023: Cruinniú Mullaigh maidir leis an nGeilleagar Oíche
- Tacaíodh le raon imeachtaí chun an t-éiceachóras fiontair a chur chun cinn ar fud Bhaile Átha Cliath, ina measc One-Zero, Grodchúrsa TechFoundHer, APNI Lion’s Den, Circular Economy Hotspot 2023, Imeacht Bliantúil – Monatóireacht Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath, The Place Race, Dublin Maker, Gradaim AI, SoCircular – Nuálaíocht agus Comhoibriú, Craobhchomórtais ENFUSE, Eat the Streets, Cruinniú Mullaigh NTE, Gradaim Náisiúnta Nua-Thionscanta, Gnó Níos Fearr a Fhorbairt
- Óstáladh Craobhchomórtais ENFUSE i mí na Bealtaine 2023. (Foireann OT Bhaile Átha Cliath an chéad áit Caifé Póta, an dara háit UCD XO Tile, an 3ú háit TU Dublin Crann).
- Óstáladh Dámhachtainí Fiontar Sóisialta Chathair Bhaile Átha Cliath, agus infheistíodh maoiniú €100,000 i bhfiontair shóisialta áitiúla
- Oibríodh leis an gComhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide chun staidéar féidearthachta a choimisiúnú ar an acmhainn maidir le Geilleagar Ciorclach Nasctha a bhunú idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath

Caidreamh
Idirnáisiúnta

Stiúir Ardmhéara Bhaile Átha Cliath toscaireachtaí den Chomhairle Cathrach a thaistil go San Jose, Leipzig, Páras, an Bhruiséil, Nua Eabhrac agus Súl in 2023 chun Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn agus oibriú le Rialtais na Cathrach.

Chuir Ardmhéara Bhaile Átha Cliath fáilte roimh thoscaireachtaí a tháinig isteach chugainn as Cathracha Idirnáisiúnta lena n-áirítear Dublin Ohio, Súl, Cleveland Ohio, Savannah Georgia, Leipzig agus Ramallah, agus an Phalaistín agus chas siad le comhaltaí tofa agus le foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Leanadh den teagmháil dhearfach le Fóraim Líonraí Eurocities ar feadh 2023, agus d’fhreastail oifigigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar imeachtaí duine le duine, lena n-áirítear Fóram Digiteach (Ríge), an Fóram Forbartha Eacnamaíoch (Heilsincí) agus Ardán Comhair (Marseille) agus roinnt seimineáir gréasáin agus comhdhálacha ar líne ar feadh na bliana. D’fhreastail Ardmhéara Bhaile Átha Cliath ar Chomhdháil Bhliantúil Eurocities sa Bhruiséil i mí an Mheithimh 2023 agus ghlac sé páirt i roinnt díospóireachtaí painéil.

Tar éis don Choiste Prótacal é a fhaomhadh, rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath athnuachan ar an meabhrán tuisceana ceithre bliana le Cathair Dublin, Ohio, SAM an 15 Márta 2023.

Shínigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Comhaontuithe Cairdis ceithre bliana le Cathair Shúl, Poblacht na Cóiré an 16 Márta 2023, agus le Cathair Ramallah, an Phalaistín an 2 Nollaig 2023, tar éis don Choiste Prótacal agus don Chomhairle lomlán é a fhaomhadh.

An Rannóg um Sheirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Oifig Tacaíochta na gClár Eorpach (EPSO)

Thug EPSO faoi Thuras Allamuigh AE leis an Ardmhéara, le comhaltaí den Ghrúpa Beartais Chorporáidigh (CPG) agus leis na seacht gCoiste um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) chuig an mBruiséil agus Lováin, agus bhuaill siad leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa agus le feisirí Pharlaimint na hEorpa.

Thug EPSO an chéad Chomhdháil ar Lá AE Chathair Bhaile Átha Cliath 2023 an 9 Bealtaine agus Seachtain AE, le maoiniú tríd an Roinn Gnóthaí Eachtracha. D'oibrigh an oifig leis an Ardmhéara, leis an gCoimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Uachtaráin Cholaíste na Tríonóide, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Príomhfheidhmeannaigh Fhiontraíocht Éireann, agus Gluaiseacht Eorpach na hÉireann, Stiúrthóir EMRA chun an chomhdháil agus sraith imeachtaí a sheachadadh le haghaidh Sheachtain AE.

Thug EPSO ardán do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus a rannpháirtíocht ar leibhéal an Aontais, ag Seachtain Réigiúin agus Cathracha an AE 2023 sa Bhruiséil. Óstálann an Coimisiún Eorpach agus Coiste na Réigiún Seachtain Réigiúin an AE agus le breis agus 7,000 rannpháirtí, tá sé ar cheann de na himeachtaí bliantúla is mó san Eoraip atá tiomnaithe do Bheartas Comhtháthaithe.

Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 40 iarratas ar thionscadail de chuid na hEorpa isteach faoi thréimhse cláir reatha an AE 2021-2027. Iarratais faoi Chláir an AE lena n-áirítear InterReg Iarthuaisceart na hEorpa, COSME, Aistriú Cóir, Fís Eorpach, Erasmus+, InterReg na hEorpa, CEF Telecom agus an Tionscnamh Uirbeach Eorpach (EUI). Clúdaíonn an 40 tionscadal réimse téamaí agus ábhar ar fud Chláir Oibre an AE maidir le Glas, Digiteach agus Cuimsiú. Astu sin, tá cúig cinn ag leanúint tríd an bpróiseas meastóireachta agus d'éirigh le 13 cinn acu. Ag soláthar ráta comhshó rathúil 33% (32.5%) in 2023.

Thacaigh EPSO freisin le comhghleacaithe chun tionscadail reatha de chuid an AE a sheachadadh lena n-áirítear comhpháirtithe as an Eoraip, an Áise agus as Meiriceá. I mí na Samhna, tacaíodh leis an mbronnadh rathúil ar Bhaile Átha Cliath mar Phríomhchathair Thurasóireacht Chliste an AE le haghaidh 2024.

Turasóireacht

Sholáthair agus sheol foireann an aonaid Turasóireachta aip Rianta Digiteacha Bhaile Átha Cliath agus 'Doors into Docklands', i gcomhar le Fáilte Éireann, agus bhain siad Gradam Líonra Turasóireachta Cultúrtha na hEorpa amach i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le Dearbhú Ghlaschú ar Ghníomhú ar son na hAeráide sa Turasóireacht i mí Mheán Fómhair.

Forbraíodh, dearadh agus foilsíodh Straitéis Turasóireachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023 – 2028. Seoladh an Straitéis le linn Chomhdháil Chultúir Cathracha Aontaithe-Rialtas Áitiúil i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2023.

Fógraíodh gurbh é Baile Átha Cliath Buaiteoir Phríomhchathair na hEorpa den Turasóireacht Chliste 2024 agus cheap an Coimisiún Eorpach é le bheith mar Phríomhchathair an AE don Turasóireacht Chliste 2024.

An Roinn um Chórais Faisnéise agus Airgeadais

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Rátaí a Riaradh

Sheol Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sonraisc le haghaidh 20,083 ráta in 2023, a ghin ioncam bliantúil €382.3 milliún. Bhí bailiú na rátaí láidir in 2023. Bhain an Chomhairle Cathrach ráta bailithe 93% amach, sin méadú 1% ar 2022.

Mótarcháin

Rinne an pobal thart ar 11,500 coinne chun freastal ar an Oifig Mótarchánach in 2023.

Próiseáladh thart ar 102,500 iarratas sa phost san Oifig Mótarchánach in 2023 agus freastalaíodh orthu taobh istigh de 5-7 lá.

Fuarthas thart ar 70,000 glaoch agus thart ar 10,500 ríomhphost.

An Roinn um Chórais Faisnéise

- Sheachaid an roinn um Chórais Faisnéis na seirbhísí TFC uile chuig na comhaontuithe seirbhíse ar tugadh cuntas orthu ag cumhdach réimsí mar bainistiú saincheistean, iarrataí, fadhbanna agus infhaighteacht i gcomhréir leis an modheolaíocht ITIL idirnáisiúnta.
- Cuireadh tionscadail i bhfeidhm ag úsáid na modheolaíochta PMBOK maidir le tionscadail. Tá os cionn scór tionscadal ag dul ar aghaidh ag aon am amháin.
- Cuireadh plean slándála TFC 2019 go 2023 i bhfeidhm le caighdeáin shlándála níos mó, rinneadh nuashonrú ar an bpróiseas agus ar na bogearraí nó cuireadh i bhfeidhm iad.
- Cuireadh tús leis an ascnamh go Office 365.

An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Seirbhísí do Chustaiméirí

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

- Cuireadh dhá Chlár den Siopadóir Mistéireach i gcrích
- Freagraíodh 155,000 glaoch gutháin, freagraíodh 36.3% taobh istigh de 30 soicind nó níos lú
- Seoladh 37,000 ríomhphost ón gcuntas ríomhphoist ginearálta
- Próiseáladh 23,000 cead páirceála
- 37,000 íocaíocht in Oifig an Airgid
- Cuireadh fáilte roimh 17,000 cuairteoir ag deasc fáilte na Cé Adhmaid
- Cuireadh isteach moil féinfhreastail le húsáid ag custaiméirí
- Tugadh isteach cochaill chruinnithe nua san Aitriam mar spásanna cruinnithe breise.
- Cruthaíodh cuntas “X” i gcomhair Seirbhísí do Chustaiméirí mar bhealach breise cumarsáide
- Sannadh ball foirne ar a bhfuil an príomhchúram as fiosruithe “As Gaeilge” a láimhseáil

An tAonad Cumarsáide

Rinne an Oifig Cumarsáide taighde in 2023 maidir le Straitéis nua Cumarsáide a dhréachtú do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus tosaíodh ar an obair sin. Chuir an Oifig tús leis an obair freisin ar thionscadal nua brandála corparáidí chun teimpléid agus treoirlínte deartha uilíocha a chruthú ar féidir iad a úsáid le haghaidh gach tionscadail bonneagair agus caipitil ar fud na cathrach.

Thug os cionn 1.6 milliún duine cuairt ar dublincity.ie agus d'fhéach thart ar 4.5 milliún duine ar leathanaigh an tsuímh ar feadh na bliana. Cuireadh 86 comhairliúchán ar líne ar bun ar an iomlán agus fuarthas beagnach 18,000 freagra. Tháinig fás arís ar na bealaí meán sóisialta corparáidí ar feadh na bliana.

Tugadh faoi athbhreithniú straitéiseach ar dublincity.ie agus cuireadh tús le hobair ar athdhearadh an tsuímh gréasáin, agus mar chuid de sin tá córas nua dearaidh dhigitigh ann, a sholáthróidh stór eolais a thabharfaidh deis do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath éiceachóras digiteach nasctha a fhorbairt.

Freagraíodh níos mó ná 1,400 fiosrú sna meáin, agus eisíodh níos mó ná 250 preasráiteas agus cuireadh meán ar topaicí éagsúla.

Cuireadh 164 fógra sna nuachtáin le linn na bliana, inar cumhdaíodh fógraí reachtúla, agus eolas faoi fheachtais agus imeachtaí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tugadh faoi roinnt feachtas ar éirigh go maith leo, ina measc ‘Voter.ie’, ar comhoibriú a bhí ann leis na trí údarás áitiúla eile i mBaile Átha Cliath. Ina theannta sin, rinne an oifig fógraíocht ar os cionn 70 tionscnamh, tionscadal agus imeacht faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar ár suíomhanna fógraíochta lasmuigh.

Eisíodh 20 eagrán d’Fheasachán na Comhairle, agus bhí an oifig freagrach as an rannán ‘Nuacht Chorporáideach’ ar CitiDesk.

Bunathrú Seirbhíse agus Digiteach

- Aistríodh na seirbhísí uile ón sean-ardán CRM chuig an ardán Mol an tSaoránaigh
- Tógadh roinnt seirbhísí nua ar an ardán ina measc Rogha Ligin, Taibhiú sráide agus ceadúnú corrrthrádála, Deontais um Fheabhsúcháin Áitiúla agus Deontais Phobail, saoráid do thionóntaí chun ráiteas cíosa a íoslódáil, an cumas léarscáil toghcháin a ordú ar líne agus tuarascáil bhreise chun seirbhísí breise a chur ar fáil do shaoránaigh ar mian leo teagmháil a dhéanamh linn ar líne.
- Leathnaíomar seirbhís rabhaidh CCBÁC chun nuashonruithe ar an tionscadal Taistil Ghníomhaigh a áireamh agus rabhaidh iníochtachta a fhógairt do shaoránaigh a roghnaíonn clár le haghaidh na seirbhíse

PRÍOMHSHEIRBHÍS**ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023**

- Leathnaíomar an líon seirbhísí ar ár n-ardán inlín Citidesk agus rinneamar digitiú ar líon suntasach próiseas inmheánach. Mar shampla, i gcomhar leis an Rannóg Acmhainní Daonna, d'fhorbraíomar láithreán ionductaithe d'fhostaithe agus d'fhorbraíomar freisin feidhmchlár Citidesk Go chun deis a thabhairt don fhoireann Citidesk a rochtain ar a bhfón.
- Chuireamar córas digiteach i gcomhair orduithe CE i bhfeidhm don Chomhairle Cathrach
- Sheachadamar an chéad scéim dámhachtainí foirne
- Rinneamar tairiscintí ar ardán nua Comhairliúcháin agus chuireamar treoirlínte le chéile chun ár sásraí comhairliúcháin a fheabhsú
- Thugamar isteach uirlis Chorpáraideach chun inrochtaineacht a fheabhsú le linn dúinn doiciméid PDF a chruthú
- Chuireamar córas áirithinte ionad ar líne i bhfeidhm le haghaidh ionaid CCBÁC
- Chuireamar réiteach ar bun ar bhonn píolótach chun ár lucht saothair lasmuigh a chumasú ar bhonn digiteach

An tAonad Forbartha Gaeilge

In 2023, bhunaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tionscadal píolótach suaitheanta darb ainm Gaeilge365 – An tAonad Nuálaíochta Gaeilge. Is é aidhm an tionscadail seo ná go nglacfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ról ceannaireachta in earnáil na n-údarás áitiúil agus dea-chleachtas a chruthú maidir le conas is féidir le húdarás áitiúil na cuspóirí reachtacha agus beartais i leith na Gaeilge a chomhlíonadh trí thacú le níos mó daoine an Ghaeilge a labhairt ar bhonn laethúil.

- Tá sé mar aidhm ag Gaeilge365 cur le líon na ndeiseanna chun Gaeilge a labhairt a chruthaíonn agus a dtacaíonn an Chomhairle leo 10x faoi 2027.
- Cuimsíonn an tionscnamh seo meon nuathionscanta agus tá an creideamh mar bhonn agus mar thaca aige gur féidir linn an bhearna idir an líon mór daoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt níos rialta ach nach bhfuil na deiseanna acu a sháru trí dheiseanna a neartú.

Tá an tionscnamh ag teacht go hiomlán le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta 20 Bliain don Ghaeilge agus féachann sé le cur leis an méid daoine a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais.

An tAonad Sonraí agus Anailísíochta

I measc Dheaiseanna Mhol an tSaoránaigh a forbraíodh, bhí siad seo a leanas: Feithiclí Tréigthe, Dramhaíl Théagartha, Bailiúchán Glantacháin Pobail, Dumpáil Neamhdhleathach, Cion Bruscair, Cothabháil ar Bhoscaí Bruscair Poiblí, Tuairisciú ar Graifítí, Comhartha Salú Madraí a Iarraidh, Glanadh Sráideanna, Glan do Shráid, Páirceanna, Truailliú Aeir, Fadhb Shilteáin, Gearán faoi Thruailliú ó Thorann agus Truailliú Uisce.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara SDP:
Sonraí Oscailte

- Chruthaíomar nósanna imeachta chun Sonraí Oscailte a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta

- Foilsíodh 14 thacar sonraí nua in Dublinked

Imeacht maidir le hAistir Sonraí:

- Freastal iomlán i gCé an Adhmaid
- Rinneadh ionadaíocht ar 28 Roinn/Gníomhaireacht Rialtais, Rialtas Áitiúil agus institiúid oideachais

Cruthaíodh Grúpa Seaimpíní Sonraí: 40 Comhalta ón gcomhairle ar fad.

An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Cathracha Cliste

- Seoladh aip Rianta Taiscéalaíochta Bhaile Átha Cliath agus turas siúlóide 'Doors into Docklands' i mí Eanáir leis an Ardmhéara. Íoslódáladh an aip os cionn 6,000 uair, agus chaith úsáideoirí os cionn 2,500 uair an chloig á scrúdú.
 - Bronnadh an dara háit ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag Gradaim Turasóireachta Cultúrtha na hEorpa le haghaidh aip Rianta Taiscéalaíochta Bhaile Átha Cliath.
- Seoladh torthaí ón tionscnamh Amharc ón Aer le Google i mí Feabhra, inar tomhaiseadh cáilíocht aeir shráideanna Chathair Bhaile Átha Cliath thar thréimhse 16 mhí.
 - Gabhadh os cionn 50 milliún pointe sonraí le céad charr amharc sráide leictirí Google. Cuireadh na sonraí ar fáil go poiblí trí Thairseach Sonraí Oscailte Bhaile Átha Cliath Cliste, a d'fhógair an tAire Stáit Caiteachais Phoiblí, Ossian Smyth ag Teach an Ardmhéara.
 - D'eagraigh CCBÁC agus Google Haic Sonraí de Cháilíocht Aeir ar feadh trí lá i dteilgcheárta Google agus bhí os cionn 100 rannpháirtí ann. D'fhorbair 16 fhoireann forbróirí, eolaithe sonraí, agus saineolaithe comhshaoil léargais agus réitigh ag úsáid sonraí Amhairc Aeir Thionscadal Google.
 - Bhain an tionscadal Amharc ón Aer gradam amach don Chomhshaoil Inbhuanaithe & don Bhithéagsúlacht in Ardchaighdeán Feabhais Chambers Ireland sna Dámhachtainí Rialtais Áitiúil 2023 chomh maith le Nuálaíocht Sonraí na Bliana sna Dámhachtainí Nuálaíochta san Earnáil Phoiblí.
- Óstáladh Imeacht de Sheóthaispeántas Drón i Lárionad Fiontraíochta Guinness i mí Aibreáin chun an cumas atá ag dróin a léiriú d'Fhoireann CCBÁC (Mar chuid d'obair leanúnach chun cur chuige corparáideach maidir le dróin a fhorbairt). Rinneadh ionadaíocht ar os cionn 14 rannóg ó CCBÁC agus d'fhreastail os cionn 100 duine agus 16 lucht taispeántais ar an ócáid ag taispeáint na nuálaíochtaí is deireanaí i seirbhísí dróin.
- Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste óstáil i gcomhpháirt ar chruinniú de Chomhairle CIOanna Cathracha Domhanda (CGCC) le Bloomberg Associates, áit ar tugadh ceannairí nuálaíochta digití le chéile ó chathracha idirnáisiúnta i mí na Bealtaine. Ina measc sin bhí ionadaithe ón mBratasláiv, an Háig, Heilsincí, Karlsruhe, Londain, Nua Eabhrac, Páras, Rotterdam, Vín agus Zurich.
- Roghnaíodh tionscadal seachadtaí míle deiridh agus digiteach ar cholbha an chosáin mar thionscadal píolótach i mí an Mheithimh faoin gClár Náisiúnta Fionnachtaí, tionscnamh de chuid na Roinne Iompair. Mar chuid den tionscadal sin, rinneadh mapáil go digiteach ar cheantar na nDugaí sa chathair mar chruthúnas coincheapa.
- Bhí Baile Átha Cliath ar cheann de cheithre chathair a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh sa Chomhghuaillíocht Cathracha um Thionscadal Rialachais de Chearta Digiteacha ar feadh 2023. Leis sin rinneadh comhdhearadh agus seachadadh ar cheardlanna Cearta Digiteacha d'fhoireann CCBÁC, do phobail agus do dhaoine óga i gcomhpháirtíocht le UN-Habitat mar chuid den tionscadal. D'fhoilsigh UN-Habitat a dtuarascáil oifigiúil inar cumhdaíodh obair phíolótach Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2023: 'Human rights in the digital era: Learnings on local governance from pilots in Europe'.
- Rinneadh comhóstáil ar chuibhreannas an AE ar nuálaíocht i seachadadh míle deiridh mar chuid de thionscadal a mhaoinigh an tAontas Eorpach ar ar tugadh 'Senator' le An Post agus COBÁC i mí Mheán Fómhair, agus ocht gcomhpháirtí eile ar fud na hEorpa.

PRÍOMHSHEIRBHÍS

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Tá samhail nua loighistice uirbí á cruthú leis an Tionscadal Senator chun inbhuaíne na gcathracha a fheabhsú. Tríd an obair sin, tá tionscnaimh nuálacha á seachadadh ag CCBÁC cosúil le Banna Lódála Cliste agus treoirtionscadail Micri-Ionaid Chomhdhlúthaithe.

- Seoladh Comhlachas Teileachumarsáide Cathrach nua EMEA, ar a bhfuil comhchathaoirleacht ag CCBÁC i gcomhpháirtíocht leis an Cities Today Institute i Londain i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá os cionn 20 comhpháirtí Tionscail agus Cathracha na hEorpa ag obair le chéile chun torthaí nascachta digiteacha a fheabhsú i réimsí mar shamhlacha rialachais, comhroinnt sócmhainní, an deighilt dhigiteach, agus rannpháirtíocht le saoránaigh agus le pobail.
- Taispeánadh an tAonad Teileachumarsáide i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda mar chás-staidéar dea-chleachtais le haghaidh samhail-bheartais ar 'Úsáid Sócmhainní san Earnáil Phoiblí' le haghaidh Rialtais Cathrach chun tacú le seachadadh freagrach bonneagair dhigitigh i gcathracha.
- Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoi scáth Bhaile Átha Cliath Cliste, taispeántas ar siúl ag Comhdháil Dhomhanda Aonach Cathracha Cliste in Barcelona 2023, ag léiriú obair nuálach Bhaile Átha Cliath do lucht féachana domhanda.
 - Rinne an fhoireann cur i láthair ar nuálaíocht uirbeach leis an gComhairle Eorpach Nuálaíochta agus cearta digiteacha (leis an gComhghuaillíocht Cathracha do Chearta Digiteacha), chomh maith le bheith rannpháirteach i roinnt eochairimeachtaí.
 - Bhí Smart D8 (ár gceantar sláinte agus folláine) sa chraobhchomórtas i mbliana (gearrliostaithe as os cionn 400 iarratas) don Dámhachtain Nuálaíochta ag Dámhachtainí bliantúla Chathair Chliste a bhí ar siúl ag imeacht de chuid na comhdhála domhanda in Barcelona.
 - D'éirigh linn maoiniú a fháil i gClár InterReg Iarthuaisceart na hEorpa don tionscadal Twin4Resilience chun iniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar nascachtaí digiteacha áitiúla agus an chaoi ar féidir leo an chinnteoireacht agus rannpháirtíocht saoránach a fheabhsú le haghaidh forbairt uirbeach. Is fiú €8 milliún ar an iomlán an tionscadal sin. Chuir CCBÁC €600,000 i leataobh a mbeidh 60% de á maoiniú ag an AE ar feadh an 42 mí a mhairfidh an tionscadal.
- Chuir clár Acadamh an Gharthodhchaí (ANF) i gcomhpháirtíocht leis an lárionad CONNECT atá bunaithe i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath 59 ceardlann den chathair chliste ar fáil do 740 scoláire in 23 scoil chomhpháirteacha le linn 2023.
 - Dírionn an clár seo ar rochtain ar STEM a leathnú, agus an tiomantas ann 50% den sprioc rannpháirtíochta a sheachadadh do rannpháirtithe ban agus do 50 rannpháirtí DEIS.
 - Bronnadh an áit airgid ar an gclár ANF sa chatagóir 'Dírithe ar an Duine' ag Duais Chathair Chliste Shúl sa Chóiré Theas.
- Bhí foireann Cheantar na nDugaí Cliste i mbun 14 chamchuairt nuálaíochta den cheantar agus thart ar 340 rannpháirtí, ina measc foireann na comhairle, toscaireachtaí cathrach a bhí ar cuairt, institiúidí acadúla agus saoránaigh idirnáisiúnta, agus iad ag tarraingt aird ar thionscadail agus teicneolaíochtaí nuálaíochta i gCeantar na nDugaí.
- Bronnadh Onóir Bhunaitheoirí clúiteach na gcóras Bently ar OCBÁC Chliste ag a dámhachtainí Bliain i mBonneagar, a bhí ar siúl i Singeapór i mí na Samhna, as a tionscadal taighde comhoibríoch den chathair chliste ina ndéantar iniúchadh ar chumhacht na hintleachta saorga agus na teicneolaíochta nasctha digití tumtha ag úsáid champa Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Acmhainní agus Earcaíocht a chur ar fáil

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

D'oibrigh an Roinn Acmhainní Daonna leis an lucht bainistíochta ar fud na heagraíochta chun a gcuid riachtanais acmhainní a chur ar fáil sa chomhthéacs pleananna seirbhíse a chur ar fáil. Fógraíodh 102 comórtas ar fad le linn na bliana ar fud réimse leathan grád san eagraíocht (féach an tuarascáil thíos).

Bhí roinnt feachtas ar bun ag an gComhairle Cathrach freisin tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. I measc na ról a fógraíodh bhí Ailtire Sinsearach Feidhmiúcháin, Oifigeach Pleanála Chathair Bhaile Átha Cliath, Leas-Phleanálaí na Cathrach, Pleanálaí Sinsearach, Cuntasóir Gairmiúil, Ceann na Cuntasaíochta Airgeadais, Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Aturnae Sinsearach Feidhmiúcháin agus Gníomhaire Cúnta Dlí.

D'fhan líon na ndaoine a d'fhostaigh an Chomhairle Cathrach seasta; bhí an líon daoine a bhí fostaithe sa Chomhairle an 31 Nollaig 2023 ag 6,085 (coibhéis lánaimseartha de 5,711) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, 2022 ina raibh 5,897 (coibhéis lánaimseartha de 5,579) a léiríonn méadú níos mó ná 2%.

An Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Leanadh ar aghaidh le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm le linn 2023 le teagmháil leanúnach leis an Rannóg Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta chun a bplean gníomhaíochta a fhorbairt.

Choimisiúnaigh an Chomhairle dearthóir seirbhíse chun oibriú le foireann trasrannóige agus le hionadaithe Eagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas chun comhdhearadh a dhéanamh ar phróiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíochta, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Mar chuid den phróiseas sin bhí agallaimh agus ceardlanna comhpháirteacha ar siúl le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas, le foireann na Comhairle agus le hionadaithe tofa, agus tástáladh an próiseas a comhaontaíodh dá bharr ar roinnt treoirhionscadal.

Cuireadh an chéim sin den phróiseas i gcrích in 2023 agus tá dearthóir seirbhíse ar fáil ag an gComhairle anois chun plan a dhearadh chun an próiseas comhdheartha a chomhtháthú inár bpróisis reachtúla agus i bpróisis chomhairliúcháin eile agus chun an próiseas DPO a chur i bhfeidhm i ngach rannóg den Chomhairle. I measc an chur i bhfeidhm a dhéanfar cuirfear oiliúint ar an bhfoireann, ina leagfar béim ar ábharthacht an phróisis sin do Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Rinne an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) forbairt agus seoladh ar shraith sé ríomh-mhodúl 'Cuimsiú san Ionad Oibre'. I measc na modúl sin tá modúl tús-eolais agus modúil shonracha ar Chuimsiú Ciníoch, LADT+, Míchumais, Aoise agus Insce. Cuireadh iad go léir ar fáil do na fostaithe ar fad, ina measc ár lucht oibre lasmuigh agus cuireadh ar fáil i bhformáid leabhráin iad.

Cuireadh an Tuarascáil um Bhearna Pá idir na fir agus na mná i gcrích agus foilsíodh í i gcomhar leis an Rannóg Airgeadais agus leis an Aonad Sonraí & Anailísíochta.

PRÍOMHSHEIRBHÍS**ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023****Caidrimh Fostaithe**

Leanadh den teagmháil rialta le hionadaithe fostaithe, Ceardchumainn agus comhlachtaí seachtracha ábhartha trí chomhpháirtíocht, rannpháirtíocht áitiúil agus meicníochtaí caidrimh thionsclaíoch bunaithe chun saincheisteanna aonair agus uilíocha a bhainistiú agus dul i ngleic leo nuair a thagann siad aníos.

Tugann an t-aonad tacaíocht leanúnach do gach bainisteoir agus rannóg i gcur i bhfeidhm agus i mbainistíocht bheartais acmhainní daonna agus nósanna imeachta um chaidreamh tionsclaíoch Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Is gníomhaíocht tosaíochta don aonad é tinreamh a bhainistiú ina gcuimsítear bainistiú a dhéanamh ar bheartais maidir le saoire tinnis agus tinneas criticiúil. Déanann an t-aonad maoirsiú ar bhainistiú seirbhísí sláinte ceirde chun a chinntiú go mbeidh fostaithe atá ag fulaingt ó thinneas in ann filleadh ar an áit oibre ar bhealach a bheidh bainistithe go cuí. Déanann an t-aonad bainistiú ar dhul chun cinn tograí athraithe san eagraíocht faoi na Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí agus an chaibidlíocht agus cur i bhfeidhm ar thograí athraithe a aontaítear go háitiúil chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú.

I measc réimsí rannpháirtíochta tábhachtaí in 2023 aistríodh fostaithe agus oibríochtaí chuig losta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach agus leanadh den teagmháil le páirtithe leasmhara chun Seirbhísí Uisce a aistriú chuig Uisce Éireann faoin gcreat comhaontaithe.

**Sábháilteacht,
Sláinte agus Folláine
san Ionad Oibre**

Ba é príomhaidhm straitéiseach an Aonaid Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine in 2023 leanúint den phróiseas a bhain le nósanna imeachta bainistíochta sábháilteachta a bhogadh ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chuig ceann a chomhlíonann na critéir a dtugtar tuairisc orthu in ISO 45001.

Tá gach rannóg/roinn ag féintuairisciú go bhfuil siad comhlíontach ag úsáid seicliosta a chomhlíonann clásail ISO 45001 den chuid is mó. Tuairiscítear an comhlíonadh sin don HSWU faoi dhó sa bhliain in athbhreithniú Lár Bliana agus Deireadh Bliana. Chuir rannóga/ranna a bPlean Sláinte agus Sábháilteachta trí bliana isteach freisin, inar thug siad tuairisc ar a gcuid aidhmeanna, cuspóirí agus spriocanna agus an chaoi a gcuirfidh siad feabhas leanúnach ar a gcórais bainistíochta sábháilteachta áitiúla féin. Is féidir comparáid a dhéanamh anois ar conas atá rannóga ag feidhmiú toisc go bhfuil siad ar fad á dtomhas in aghaidh na gcrítear céanna. Táthar ag súil an t-aistriú chuig córais bainistíochta sábháilteachta bunaithe ar ISO 45001 a chur i gcrích, lena n-áirítear na Nósanna Imeachta agus na Beartais Chomparáideacha a thabhairt cothrom le dáta, faoi dheireadh 2024.

Sláinte & Folláine

Seoladh Straitéis Folláine Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go hoifigiúil ag deireadh 2023. Leagtar amach sa Straitéis fíis agus aidhmeanna na Comhairle le haghaidh folláine fostaithe, ár bpríomhréimsí fócais agus conas a thomhaisfimid rathúlacht.

Rudaí a baineadh amach in 2023:

- Tionóladh dara lá Folláine san Áit Oibre CCBÁC.
- Bhí triail den Chlár Obair Dhearfach den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar siúl in losta Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola.
- Tugadh roinnt cainteanna maidir le Sláinte na bhFear don fhoireann a oibríonn lasmuigh agus laistigh.
- Bhí comhoibriú ar bun leis an gComhpháirtíocht Spóirt agus Folláine ar ghníomhaíochtaí fisiceacha éagsúla don fhoireann, ina measc Clár Ioga, Ranganna Aclaíochta agus an Clár um Athrú don Saol.
- Bhí roinnt Seisiúin Eolais ar siúl ar Cholúin Folláine éagsúla, ar nós Folláine Fhisiciúil, Airgeadais, Mhothúcháin agus Chothaitheach.

An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Trasfhoirmithe agus Acmhainní Daonna ar lean

PRÍOMHSHEIRBHÍS

Sláinte agus Sábháilteacht Oibríochtúil

ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023

Glactar leis gur chuid de bhainistíocht sábháilteachta na rannóg agus na rannóg uile anois iad athbhreithnithe Lár Bliana agus Deireadh Bliana a dhéanamh. Mar gheall air sin, rinneadh feabhsúcháin intomhaiste ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta thar roinnt méadrachtaí riachtanacha. Tá Ráitis Choimhdeacha agus Sábháilteachta Áitiúla sínithe agus i bhfeidhm anois i ngach roinn. Na cruinnithe sábháilteachta bainistíochta, nach raibh ar siúl ó aimsir Covid, tá siad ar ais arís anois. Mar an gcéanna, tá na coistí sábháilteachta, den chuid is mó, ag feidhmiú mar a bhí roimh Covid.

Tá na straitéisí um Theagmhas Tromchúiseach rollaithe amach anois ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tugann na hoifigigh sábháilteachta ar an gcóras glaonna seirbhís tacaíochta éifeachtach do bhainisteoirí oibríucháin.

Tugadh Lámhleabhar Foirgníochta CCBÁC cothrom le dáta agus tá oiliúint á cur ar fáil i ngach rannóg.

Cuireann na hOifigigh Sábháilteachta tuarascálacha ar theagmhais isteach go leictreonach anois, rud a thugann deis do HSWU Corparáideach sonraí a tharraingt go díreach ó SharePoint. Cuirfidh sé sin dlús faoi fhoilsiú na Staitisticí ar Thimpistí 2023.

Foghlaim, Feidhmíocht agus Forbairt

Lean an tAonad Foghlama agus Forbartha ag bainistiú agus ag seachadadh raon méadaithe deiseanna foghlama agus forbartha ó dheiseanna a thabhairt do dhaoine filleadh ar an bhfoghlaim go dtí cáilíochtaí i gcéim mháistreachta a bhaint amach thar raon formáidí agus seachadta foghlama, tríd an gclár scoláireachta corparáidí ina measc.

I measc na bpríomhéachtaí in 2023 bhí siad seo a leanas:

- Leathnaíodh amach deiseanna i gcomhair scileanna chun Glacadh Miontuairiscí, Scileanna don Té atá ag dul faoi Agallamh, agus oiliúint in MS Teams a chuimsiú.
- Ríomhfhoghlaim – raon cúrsaí leathnaithe agus Jam Card tugtha isteach, oiliúint i gComhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus oiliúint i Soláthair chun Íocaíochta.
- Seoladh an clár forbartha bainistíochta Mná i gCeannas.
- Cuireadh sraith clár forbartha saincheaptha i gcrích le haghaidh Cothabháil Tithíochta.
- Seachadadh clár forbartha bainistíochta saincheaptha le haghaidh na rannóige CRES.
- Treochlár 'Ag Obair go Maith Le Chéile' (Teacht Aniar / Bainistíocht Athruithe / Folláin / Tuiscint idirphearsanta / Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú) curtha ar fáil d'fhostaithe oibríucháin thar gach grád sa rannán Cothabháil Tithíochta.
- Seoladh an clár píolótach 'Béarla Gairmiúil don Áit Oibre' i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Rolladh amach oiliúna i nGníomhú ar son na hAeráide – Tógáil Acmhainne don fhoireann oibríucháin in NCOD trí LASNTG.
- Éascaíodh roinnt Intéirneach Idirnáisiúnta, lena n-áirítear an clár Berlin Knowledge Transfer.

Córas Párolla agus Acmhainní Daonna Comhtháite – People XD

Chuaigh Céim 1 den Tionscadal Lárnach AD, íocaíocht d'fhostaithe ar thuarastal agus do phinsiní, beo i mí an Mhárta 2023.

Tá cleachtadh scópála ar bun faoi láthair maidir le Céim 2 den tionscadal.

Nochtadh Cosanta

Fuair an Chomhairle Cathrach 1 nochtadh cosanta amháin in 2023, agus tá sé á scrúdú i láthair na huaire.

Tuairisc ar chomórtais earcaíochta

Fógraíodh 102 comórtas ar an iomlán le linn na bliana thar an speictream leathan grád san eagraíocht.

Uimhir	Teideal an Phoist	Líon na nIarratas	Roinn	Líon ar an bPainéal
1	Cuntasóir 2023	15	Airgeadas	4
2	Oifigeach Riaracháin – Soláthar	85	Airgeadas	7
3	Oifigeach Riaracháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2023	509	Acmhainní Daonna	38
4	Oifigeach Riaracháin, Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach, Sealadach	15	Comhshaol agus Iompar	2
5	Maor Ainmhithe	2	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	0
6	Maor Ainmhithe – Leas & Rialú Ainmhithe	157	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	8
7	Oifigeach Tithíochta Ceantair	30	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	3
8	Innealtóir Cúnta – Leictreach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	22	Comhshaol agus Iompar	10
9	Innealtóir Cúnta – Earcaíocht Rollach	55	Comhshaol agus Iompar	10
10	Oifigeach Cúnta um Chórais Faisnéise Tráchtála (ITS)	51	Comhshaol agus Iompar	3
11	Oifigeach Cúnta Oibríochtaí HLG	6	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	2
12	Oifigeach Cúnta Páirceanna agus Tírdhreacha	71	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	10
13	Pleanálaí Cúnta	22	Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine	7
14	Oifigeach Cúnta Foirne – An tAonad Forbartha Gaeilge	0	Seirbhísí Corparáideacha	0
15	Oifigeach Cúnta Córas 2023	82	Córais Faisnéise	20
16	Freastalaí	282	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	27
17	Garda Tarrthála (Sealadach) Trá Chnocán Dóirinne, Séasúr an tSamhraidh 2023	17	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	4
18	Cigire Foirgníochta/Cléireach Oibreacha	47	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	12
19	Comhairleoir Gnó	40	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	8
20	Siúinéir	126	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	38
21	Garraíodóir Saoiste, Seirbhísí Páirceanna, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha	24	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	14
22	Príomhtheicneoir	27	Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine	9
23	Oifigeach Cléireachais – (Gaeilge)	1	Seirbhísí Corparáideacha	0
24	Comhordaitheoir Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide – Gairmí Sinsearach (Seal)	10	Comhshaol agus Iompar	2
25	Oifigeach Rannpháirtíochta Pobal Ildánach (Sealadach 5 bliana)	71	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	4
26	Eagarthóir Inneachair Dhigitigh	139	Seirbhísí Corparáideacha	5

27	Oifigeach Ceantair	29	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	11
28	Bainisteoir Dualgaís, Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta 2023	30	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	8
29	Maoirseoir ar Dualgas	29	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	20
30	Leictreoir	102	Comhshaol agus Iompar	5
31	Rialaitheoir Seirbhísí Éigeandála 2023	950	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	52
32	Oifigeach Sláinte Comhshaoil	31	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	6
33	Oifigeach Idirchaidrimh Comhshaoil	27	Oifigí Ceantair	4
34	Innealtóir Feidhmiúcháin – Leictreach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	13	Comhshaol agus Iompar	1
35	Innealtóir Feidhmiúcháin – Earcaíocht Rollach	47	Comhshaol agus Iompar	13
36	Innealtóir Feidhmiúcháin – Struchtúrach	11	Comhshaol agus Iompar	4
37	Oifigeach Feidhmiúcháin Tithíochta	25	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	7
38	Pleanálaí Feidhmiúcháin	17	Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine	7
39	Gairmithe Feidhmiúcháin, An Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta	13	An Rannóg Pleanála	5
40	Teicneoir Feidhmiúcháin	13	Comhshaol agus Iompar	4
41	Luachálaí Feidhmiúcháin	7	Pleanáil + Forbairt Réadmhaoine	1
42	Coimeádaí Taispeántas	35	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	3
43	Comhraiceoir Dóiteáin	4,791	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	216
44	Oibrí Ginearálta	917	Seirbhísí Corparáideacha	Ar bun fós
45	Dearthóir Grafaice – An Oifig Cumarsáide	237	Seirbhísí Corparáideacha	4
46	Príomhfheastalaí	4	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	1
47	Príomhphóirtéir – An Oifig Mótarchánach	3	Airgeadas	1
48	Príomhphóirtéir, Seirbhísí Corparáideacha	8	Seirbhísí Corparáideacha	3
49	Oifigeach Tacaíochta Tithíochta	272	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	27
50	Cigire – Stór Oibre um Chothabháil an Chabhlaigh Chorporáidigh – Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach	8	Comhshaol agus Iompar	2
51	Cigire – Comharthaíocht Chorporáideach, Ceardlanna Péinteála & Siúinéireachta – Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach	5	Comhshaol agus Iompar	3
52	Cigire – Ceardlann Miotail – Iosta Oibríochtaí Thuaisceart na Cathrach	8	Comhshaol agus Iompar	5
53	Cigire Seirbhísí Uisce (Feisteoir)	5	Comhshaol agus Iompar	1
54	Intéirneach – SFlanna	2	Seirbhísí Corparáideacha	2
55	Freastalaí Áineasa (Teagascóir Aclaíochta/Garda Tarrhála) – Seirbhísí Spóirt agus Fóillíochta	102	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	32
56	Freastalaí Leabharlainne	461	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	39
57	Comhairleoir Geilleagair Oíche (Sealadach)	16	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	0
58	Comhairleoir Geilleagair Oíche – Sealadach (2 bhliain)	9	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	2
59	Oifigeach Oibríochtaí – Seachtrach	47	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	2
60	Péintéir	183	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	33
61	Caomhnóir Páipéir – Dánlann Hugh Lane	28	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	2
62	Cúntóir Pearsanta – Leibhéal Oifigigh Foirne	20	Acmhainní Daonna	9

63	Pluiméir	84	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	23
64	Oifigeach Fearainn Phoiblí	33	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	5
65	Freastalaí Faoisimh (Teagascóir Aclaíochta agus/nó Garda Tarrthála (Sealadach)), Sealadach	61	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	9
66	Oifigeach Taighde – Feidhmeannas Gan Dídean Réigiún Bhaile Átha Cliath	45	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	4
67	Cuntasóir Sinsearach 2023	14	Airgeadas	5
68	Oifigeach Sinsearach Sláinte Comhshaoil	13	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	5
69	Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin (Sealadach 3 bliana) Tionscadal PPP	25	Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála	5
70	Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, Sealadach	48	Acmhainní Daonna	4
71	Teicneoir Sinsearach Feidhmiúcháin	23	Comhshaol & Iompar	14
72	Leabharlannaí Sinsearach	31	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	5
73	Oifigeach Sinsearach Córas 2023	40	Córais Faisnéise	2
74	Oifigeach Sinsearach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola – WERLA Sealadach	15	Comhshaol agus Iompar	2
75	Baile Átha Cliath Cliste – Ceannaire Cumarsáide & Inneachair (Sealadach 3 Bliana)	38	Seirbhísí Corparáideacha	4
76	Ceannasaí Sonraí Oscailte Bhaile Átha Cliath Cliste (Sealadach)	22	Seirbhísí Corparáideacha	4
77	Oifigeach Margaíochta na Meán Sóisialta agus Ar Líne (Buan)	55	Seirbhísí Corparáideacha	3
78	Oifigeach um Ionchuimsiú agus Lánpháirtíocht sa Spórt (Sealadach 3 bliana)	63	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	5
79	Oifigeach Spóirt	152	Seirbhísí Cultúir, Áineasa agus Eacnamaíochta	6
80	Oifigeach Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara agus Margaíochta Ar Líne (Buan)	20	Seirbhísí Corparáideacha	2
81	Oifigeach Stáisiún – ERCC	5	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	5
82	Oifigeach Stáisiún – Oibríochtaí	30	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	12
83	Coimeádaí Stóir Grád 1 (2023)	29	Airgeadas	12
84	Fo-Oifigeach – ERCC	31	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	16
85	Fo-Oifigeach sa tSeirbhís Dóiteáin Coinnithe	4	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath	3
86	Stiúrthóir – Cothabháil Bóithre	5	Comhshaol agus Iompar	3
87	Oifigeach Córas 2023	70	Córais Faisnéise	8
88	Teicneoir Grád 1	45	Comhshaol & Iompar	7
89	Teicneoir Grád 2	25	Comhshaol agus Iompar	7
90	Printíseacht Ceirde – Bríceadóir	86	Acmhainní Daonna	4
91	Printíseacht Ceirde – Siúinéireacht	241	Acmhainní Daonna	Ar bun fós
92	Printíseacht Ceirde – Leictreach	383	Acmhainní Daonna	Ar bun fós
93	Printíseacht Ceirde – Meicneoir Feithiclí Troma	57	Acmhainní Daonna	4
94	Printíseacht Ceirde – Oibriú Miotail	36	Acmhainní Daonna	5
95	Printíseacht Ceirde – Péintéir	96	Acmhainní Daonna	8
96	Printíseacht Ceirde – Pluiméireacht	215	Acmhainní Daonna	Ar bun fós
97	Printíseacht Ceirde – Saor Cloiche	42	Acmhainní Daonna	4
98	Oibritheoir sa Seomra Rialaithe Tráchta 2023	175	Comhshaol agus Iompar	7
99	Oifigeach Tráchta – Obair Shibhialta 2023	8	Comhshaol agus Iompar	1
100	Oifigeach Tráchta (Its)	50	Comhshaol agus Iompar	5
101	Físghrafadóir – Oifig Cumarsáide	95	Seirbhísí Corparáideacha	5
102	Oifigeach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola, WERLA	79	Comhshaol agus Iompar	5

An Roinn Dlí

PRÍOMHSHEIRBHÍS	ÉACHTAÍ/BUAICPHOINTÍ DO 2023
An Roinn Dlí	• Sheol an Fhoireann Árachais leathanach nua eolais inmheánach ar Citidesk i mí Dheireadh Fómhair 2023 mar acmhainn le haghaidh na bhfiosruithe ar fad a bhaineann le hárachas. Eagraíodh ceardlann árachais freisin don fhoireann inmheánach ábhartha le linn 2023. • Le linn 2023, cháiligh aturnae amháin faoi oiliúint mar aturnae i mí na Nollag agus lean beirt aturnaetha eile faoi oiliúint dá n-oiliúint ghairmiúil. • Is é an Gníomhaire Dlí Uachtarán Chomhlachas Barra Aturnaetha an Rialtais Áitiúil (LASBA) le haghaidh 2023 agus bhí sé i mbun comhdháil gheimhridh ar éirigh go maith léi do na haturnaetha rialtais áitiúil ar fad i mí na Nollag. Bhí an ócáid ar siúl in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh. • Eagraíodh cuir i láthair don fhoireann pleanála maidir leis an dréacht-Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2023. • D’eagraigh an tAturnae Sinsearach atá i gceannas ar réadmhaoin ceardlanna ar Tíolacadh agus Réadmhaoin. • Na réimsí nua dlí a breithníodh i gcomhair na Bainistíochta Sinsearaí – Intleacht Shaorga, Gníomh um Ghigighiotán an AE

Ráitis Airgeadais

Bhlíantúla

Réamhrá

Tá áthas orm Ráitis Airgeadais Bhliantúla Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur i láthair don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023. Tugtar figiúirí comparáideacha don bhliain 2022.

Is í Cathair Bhaile Átha Cliath an mol geilleagrach de cheantar Bhaile Átha Cliath, atá mar mhol geilleagrach den Stát. Tá geilleagar éagsúil ag Cathair Bhaile Átha Cliath, foinse fostaíochta agus ioncaim do cheantar i bhfad lasmuigh den Chathair féin. Is ionad é Baile Átha Cliath do ghníomhaíochtaí miondíola, airgeadais, ardoideachais, leighis, cultúrtha agus siamsaíochta.

Tá athruithe tagtha ar an ngnáthshaol laethúil ag gnólachtaí agus ag pobail araon trí thionchar na paindéime, ionradh na Rúise ar an Úcráin agus méaduithe géara ar chostais mhaireachtála. Anois i mí an Mhárta 2024, táimid dóchasach go dtiocfaidh feabhas ar choinníollacha eacnamaíocha, de réir mar a chobhsaíonn boilsciú.

Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in 2023

Bhí easnamh foriomlán €5.1m ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don bhliain, easnamh a thug cúlchiste dúnta de €36.8m nuair a baineadh é ónár gcúlchiste ginearálta oscailte de €41.9m. Bhí iarmhéid sochair €13.8m mar staid bhainc na Comhairle ag deireadh 2023, agus d'fheidhmigh an Chomhairle i gcreidmheas ar feadh 365 lá in 2023. Ag deireadh na bliana, bhí €347.6m infheistithe ag an gComhairle in institiúidí airgeadais thar ár gceann agus ar chomhthaisce.

Áiríodh in iarmhéid bainc/infheistíochta na Comhairle Cathrach lúide €1.1m a bhain le Fuascailtí Iasachta agus le hAthiasachtú, €2.9m a fuarthas ó Uisce Éireann maidir le feidhmiú an Chomhaontaithe ar Leibhéal Seirbhíse, agus €22.8m de thaiscí in-aisíochta. Tá níos mó sonraí ar fáil i Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí.

Tháinig méadú ar luach na bhféichiúnaithe trádála ag deireadh 2023 go €475.8m comhlán ó €345.0m in 2022, agus méadú go €301.0m glan de sholáthar drochfhiacha ó €183.6m in 2022. Tharla sé seo mar gheall ar mhéadú €115.7m ar fhéichiúnaithe Rialtais. Bhí méadú €13.3m freisin ar sholáthar drochfhiacha (féach nóta 5).

Athraíonn agus meaitseálann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath caiteachas oibríochtúil ó lá go lá agus a chlár infheistíochta caipitil fadtéarmach atá ar fáil le maoiniú agus acmhainní. An rud atá lárnach faoi gach ceann de sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ná an cuspóir gnólachtaí agus teaghlaigh a chothabháil agus a thacú, níos mó ná riamh tríd an bpaindéim.

Bearta um Bainistíocht Airgeadais 2023

Le linn 2023, ar na príomhghnéithe a raibh tionchar acu ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bhí an t-ardú géar ar bhoilsciú, méaduithe stairiúla i bpraghsanna fuinnimh, tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin, tionchar na coimhlinte in Gaza agus iarmhairtí leanúnacha na paindéime.

Ráitis Chuntasaíochta, Nótaí agus Aguisíní

Tá sé mar aidhm ag an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil staid airgeadais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur i láthair go cothrom faoi mar a bhí ag deireadh na bliana 2023. Baintear an méid sin amach trí Ráitis, Nótaí agus Aguisíní, mar a theastaíonn ón gcreat cuntasaíochta rialála a leag an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá amach. Tá cuspóir gach ceann de na doiciméid seo leagtha amach sa ghluais.

Athruithe ar Bheartais Chuntasaíochta

Ní raibh aon athruithe ar bheartais chuntasaíochta éifeachtach do Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022.

Athruithe ar Bheartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na hathruithe ar bheartais chuntasaíochta atá éifeachtach do Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023:

- Níor cheart ach sócmhainní os cionn €20,000 a chaipitliú.
- Ba cheart cuntas a thabhairt ar ioncam díbhinne ar bhonn airgid thirim.

Caiteachas Ioncaim

Le linn 2023, b'ionann caiteachas ioncaim (i.e. oibríochtaí ó lá go lá) agus €1,265.1m le hioncam de €1,260.0m, ag tabhairt farasbarr caiteachais thar ioncam de €5.1m (féach Tábla 1). Léiríonn sin laghdú €5.1m ar Chúlchistí Ginearálta

TÁBLA 1: CAITEACHAS IONCAIM 2023

	€M
Caiteachas Ioncaim ar Sheirbhís na Comhairle Cathrach	1,265.1
Ioncam Cánach (Deontais Rialtais, Muirir Seirbhísí & Rátaí)	1,260.0
Farasbarr Caiteachais thar Ioncam	5.1

Féach nóta 16

Aistrithe go Cúlchiste

Mar a éilíonn creat rialála na cuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachtá, tá an caiteachas a thaispeántar i Ráiteas 2023 ar Ioncam Cuimsitheach glan ó aistriú chuig cúlchistí (i.e. eisiatar aistriú chuig cúlchistí). Tugann Nóta 14 “Aistrithe ón / chuig an gCúlchiste” níos mó sonraí ar na haistrithe seo. Tá an difear ó ollchaiteachas go glanchaiteachas mar a léirítear san AFS leagtha amach i dTábla 2.

TÁBLA 2: ANAILÍS AR CHAITEACHAS 2023

	€M
Caiteachas	1,198.2
Aistrithe go Cuntas Caipitil	45.4
Aistrithe go Cúl-iasachtaí	21.5
Caiteachas Deiridh	1,265.1

Féach Nóta 14

Cuirtear ioncam in iúl freisin i nglanaistrithe AFS ó chúlchistí, mar a léirítear i dTábla 3.

TÁBLA 3: ANAILÍS AR IONCAM 2023	
	€M
Ioncam	848.8
Ioncam Rátaí	382.3
Cáin Mhaoine Áitiúil	26.2
Ioncaim roimh Aistrithe	1,257.3
Móide Aistrithe ó Chúlchistí	2.7
Ioncam Deiridh	1,260.0

Féach nóta 15

Caiteachas Caipitiúil

Sa bhliain 2023, b'ionann caiteachas ar thionscadail chaipitiúla agus infheistíocht glan ar aistrithe inmheánacha agus €628.9m. Is cuid de Chlár Caipitil ar fiú €2,860.6 milliún é le haghaidh 2023 go 2025 é an caiteachas sin. Cistíodh an caiteachas seo de €628.9m trí € 609.3m d'ioncam glan ó aistrithe agus trí €42.7m de ghlan-aistrithe, agus tháinig méadú €23.1m ar an iarmhéid creidmheasa deiridh dá bharr (€319.3 - €296.2). (Féach Tábla 4).

TÁBLA 4: CUNTAS CAIPITIL 2023	
	€M
Iarmhéid Oscailte (Creidmheas)	296.2
Caiteachas ar an 31 Nollaig 2023	628.9
Ioncam	609.3
Glan-aistrithe (€45.4 - €2.7)	42.7
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig 2023 (Creidmheas)	319.3

Féach Aguisín 5

Beartais Chuntasaíochta

Tá na Beartais Chuntasaíochta a úsáidtear in ullmhú an AFS leagtha amach sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta. Comhlíonann Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath go hiomlán an creat cuntasaíochta rialála arna chinneadh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Iniúchadh Reachtúil

Téann Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath faoi Iniúchadh Bliantúil, a cheanglaítear le reacht, a dhéanann an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil (LGAS). Thosaigh an tIniúchadh don bhliain airgeadais 2023 i mí na Nollag 2023. Soláthraíonn an tIniúchadh seo athbhreithniú neamhspleách chun léiriú cothrom a chinntiú ar staid airgeadais Chomhairle Cathair Bhaile Átha Cliath. Tá Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath faoi réir iniúchta freisin maidir le maoiniú AE, maoiniú NRA, comhlíonadh cánach agus iniúchtaí a bhfuil cuspóir Luach ar Airgead acu tríd an LGAS.

Ranníocaíochtaí Forbartha

Le halt 48 den Acht um Pleanáil & Forbairt, 2000, arna leasú, cuirtear ar chumas Údarás Pleanála, agus cead pleanála á dheonú aige faoi Alt 34 den Acht, coinníollacha a cheangal lena gceanglaítear ranníocaíocht a íoc i leith bonneagair phoiblí agus saoráidí atá chun leasa fhorbairt réimse riaracháin an Údaráis Phleanála. Baineann sé seo le bonneagar agus saoráidí poiblí a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil nó thar a cheann (nó beag beann ar fhoinsí eile maoinithe don bhonneagar agus do na saoráidí).

In alt 48(2) sonraítear go mbeidh an bunús chun an ranníocaíocht a chinneadh leagtha amach i Scéim Ranníocaíochta Forbartha. Tháinig an chéad Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoin Acht 2000 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Ghlac an Chomhairle Cathrach le Scéim Ranníocaíochta Forbartha reatha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2020-2023 i mí an Mhárta 2020 tar éis an athbhreithnithe ar scéim 2016- 2020. Cuimsítear sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain airgeadais 2023 luachanna d'fhéichiúnaithe ranníocaíochtaí forbartha mar atá leagtha amach i dTábla 5.

TÁBLA 5: FÉICHIÚNAITHE RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA 2023

	€M
Ranníocaíochtaí Forbartha ag Deireadh na Bliana	70.8

Féach Nóta 5

Rátaí

Gearrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath rátaí ar áititheoirí agus úinéirí (i gcásanna áirithe) réadmhaoine tráchtála i gCathair Bhaile Átha Cliath. B'ionann ioncam rátaí in 2023 agus €382.3m, agus is ionann é agus 30% de chistiú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do sheirbhísí laethúla.

Tá na rátaí bunaithe ar luachálacha inráitille ar réadmhaoine mar atá leagtha amach ag an gCoimisinéir Luachála, agus tá an Ráta Bliantúil ar Luacháil (an t-íolraitheoir) a shocraíonn an fheidhm fhorchoimeádta de Chomhaltaí Tofa de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (féach Tábla 6).

Tá rátaí tráchtála mar bhonn agus taca leis na seirbhísí go léir a sholáthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath srian i bhfeidhm i socrú táillí rátaí tráchtála chun tacú le hiomaíochas sa gheilleagar, go náisiúnta agus go háitiúil, agus chun ráta tráchtála a choinneáil laistigh den Chathair. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur foinse maoinithe shuntasach iad rátaí tráchtála do sheirbhísí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus dá bhrí sin tá an fheidhmíocht maidir le bailiú rátaí ríthábhachtach. Tháinig laghdú €2.2m go €28.5m ar riaráistí ag deireadh 2023. Mhéadaigh bailiúchán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de mhuirear na bliana reatha in 2023 go 93%.

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gach rud a láimhseáil go cothrom lena chinntiú go n-íocann gnólachtaí rátaí agus ag tacú leis na gnólachtaí seo más rud é go bhfuil brúnna airgeadais i gceist. Feidhmíonn an Chomhairle a beartas rátaí ar bhonn comhsheasmhach, le solúbthacht agus réasúntacht, ag iarraidh a chinntiú, nuair a bhíonn deacrachtaí airgeadais ann, gur féidir socrúithe a chur i bhfeidhm a cheadaíonn rátaí a íoc ar bhonn a éascaíonn do ghnólachtaí leanúint ar aghaidh ag trádáil.


I dTábla 8 thuas, leagtar amach sonraí maidir le híocóirí rátaí tráchtála i gCathair Bhaile Átha Cliath in 2023 de réir banda. Bhí muirear rátaí €10,000 nó níos lú ag 75% d'íocóirí rátaí tráchtála in 2023, bhí muirear rátaí €5,000 nó níos lú ag 55% in 2023 agus bhí muirear rátaí faoi €3,000 ag beagnach 37% in 2023. I gcodarsnacht leis sin, d'íoc 2.5% d'íocóirí rátaí tráchtála nó 519 cuntas os cionn 50% de dhochar iomlán na rátaí.

TÁBLA 6: IONCAM RÁTAÍ 2020 – 2023

	2020	2021	2022	2023
Luacháil Tráchtála Inráitithe na Cathrach	1.335b	1.354b	1.367b	1.4b
ARV (íolraitheoir)	0.268	0.268	0.268	0.273
Ioncam Rátaí	357.7m	362.9m	366.4m	382.3m

TÁBLA 7: Riaráistí RÁTAÍ 2020 – 2023

2020 €M	2021 €M	2022 €M	2023 €M
34.1	38.1	30.7	28.5



TÁBLA 8 – BANDAÍ ÍOCÓIRÍ UM RÁTAÍ TRÁCHTÁLA 2023

Táille 2023	Líon na gCuntas	Iomlán Carnach	% in aghaidh an bhanda	Iomlán Carnach	Dochar iomlán in aghaidh an bhanda	% an Dochair	Iomlán Carnach
€1 - €999	1793	1793	8.93%	2.93%	€ 1,086,327.91	0.28%	0.28%
€1,000 - €3,000	5511	7304	27.44%	36.37%	€ 10,779,172.92	2.82%	3.10%
€3,000 - €5,000	3597	10901	17.91%	54.28%	€ 14,055,529.31	3.68%	6.78%
€5,000 - €10,000	4004	14905	19.94%	74.22%	€ 28,138,345.02	7.36%	14.14%
€10,000 - €25,000	2920	17825	14.54%	88.76%	€ 45,118,758.63	11.80%	25.94%
€25,000 - €50,000	1146	18971	5.71%	94.46%	€ 40,271,175.76	10.53%	36.48%
€50,000 - €75,000	405	19376	2.02%	96.48%	€ 24,436,263.78	6.39%	42.87%
€75,000 - €100,000	188	19564	0.94%	97.42%	€ 16,072,747.67	4.20%	47.07%
€100,000 - €500,000	440	20004	2.19%	99.61%	€ 86,856,660.53	22.72%	69.79%
€500,000 -	79	20083	0.39%	100.00%	€ 115,482,165.71	30.21%	100.00%
Total	20083		100.00%		€ 382,297,147.24	100.00%	

Bainistíocht Airgeadais

Córas um Rialú Inmheánach

Aithníonn Feidhmeannas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fhreagracht as córais rialaithe inmheánaigh i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil córais rialaithe éifeachtach. Féadann na córais seo dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am tráthúil. Cuireann córais rialaithe inmheánacha éifeachtacha ar chumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a cuid freagrachtaí as sláine agus cruinneas a cuid taifead cuntasáíochta a chomhlíonadh.

Tá céimeanna glactha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí na Bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir
- Cultúr láidir cuntasachta a neartú ar gach leibhéal den eagraíocht
- Obair na hIniúcháireachta Inmheánaí
- Obair na Príomh-Oifige Soláthair
- Obair an Aonaid Bainistíochta Riosca
- Obair an Oifigigh Eitice
- Obair an Choiste Iniúcháireachta
- Obair na hOifige Tacaíochta um Thionscadail Chorpáraideacha
- An Cód Caiteachais Phoiblí
- Iniúchadh Seachtrach agus grinnscrúdú trí go leor bealaí lena n-áirítear NOAC.

Tá tuairisciú bainistíochta airgeadais i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath láidir agus críochnúil. Cinntíonn córas docht monatóireachta airgeadais míosúil go sainaithnítear aon athraitheas buiséid suntasach agus go ndéantar bearta iomchuí chun aon drochthionchar airgeadais a íoslaghdú. Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmhigin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le Buiséad Bliantúil a ndéanann na Comhaltaí Tofa athbhreithniú agus comhaontú air
- Athbhreithnithe airgeadais rialta; tuarascálacha airgeadais seachtainiúla, míosúla agus ráithiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí ar mheastóireacht ar chaiteachas agus ar anailís ioncaim agus athraitheacha
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil sainmhínithe go soiléir
- Disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta
- Dian-bheartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun airgead a ghlacadh, a thaifeadadh agus a rialú. Déantar na nósanna imeachta seo a athbhreithniú agus a iniúchadh go rialta.

Iniúchadh Inmheánach

Is é príomhról na hIniúcháireachta Inmheánaí dearbhú a thabhairt don Bhainistíocht Shinsearach agus don Choiste Iniúcháireachta go bhfuil na rioscaí éagsúla atá os comhair na Comhairle aitheanta agus rialuithe inmheánacha iomchuí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Is príomhpháirt é an tIniúchadh Inmheánach sa phróiseas Rialachais Chorpáraidigh agus cuireann sé go mór le bainistíocht éifeachtach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is prionsabail thábhachtacha iad coincheapa na cuntasachta agus

na trédhearcachta maidir le rialachas freagrach, rud a thugann le tuiscint go bhfuil grinnscrúdú agus riachtanas tuairisciú ar fheidhmíocht. Éascaíonn Iniúchadh Inmheánach an próiseas seo trí fheidhm athbhreithnithe neamhspleách a sholáthar don Bhainistíocht, chun a chinntiú go bhfuil seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla. In 2023, críochnaíodh 16 Thuarascáil ar Iniúchadh Inmheánach, lena n-áirítear 3 Thuarascáil Seiceála “Mionsonraithe” mar a éilítear faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

An Bhainistíocht agus an Fhoireann

In 2023, léirigh foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath arís go bhfuil sí tiomanta d'fhreastal ar ár gCathair. Tá an fhoireann tar éis oiriúnú, nuáil, solúbthacht a léiriú chun an toradh is fearr a bhaint amach do Bhaile Átha Cliath.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta go hiomlán d'fhorbairt na foirne, lena n-áirítear folláine na foirne a neartú. Is tosaíocht iomlán í sláinte agus sábháilteacht na foirne agus tá gach gníomhaíocht oibre treoraithe ag comhairle sláinte poiblí agus leas na foirne agus na gcustaiméirí.

Is fostóir comhdheiseanna í an Chomhairle. Tá scéim tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach don fhoireann á feidhmiú ag an Rannóg Airgeadais agus ag Rannóga eile chun cabhrú leo scileanna agus eolas gairmiúil a choinneáil agus a fhorbairt.

An Coiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais (CBSA) 2023

Tugann an Coiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais ceannaireacht agus treoir ar phríomhréimsí a bhaineann le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a mhaoiniú. Ba iad seo a leanas na príomhábhair faoinar tugadh i rith na bliana 2023:

Saincheistean maoinithe:

- Tacaíocht laghdaithe Rialtais don Chiste um Athghiniúint Shóisialta Bhaile Munna
- Cáin Tobhaigh/Muirear Cóiríochta ar Chuairteoirí do Chathair Bhaile Átha Cliath lorgtha i bhfianaise dea-thorthaí i gCathracha Eorpacha eile
- Tobhaigh Forbartha agus céatadán a d'fhéadfaí a choinneáil do thionscadail chaipitil
- Aighneacht DHLGH le hathbhreithniú a dhéanamh ar chistiú bunlíne na rialtas áitiúil
- Athbhreithniú DHLGH ar Chistiú Bunlíne na Rialtas Áitiúil
- Muirir Phlódaithe mar fhoinsé chistithe atá á lorg leis an Rialtas
- Riaráistí ar Chíosanna Tithíochta agus córas um asbhaint dhíreach le haghaidh cíosanna á lorg leis an Rialtas

Saincheistean Rialachais:

- An Coiste Iniúchóireachta - Miontuairiscí comhaontaithe lena n-athbhreithniú

Fadhbanna a bhaineann le hairgeadas agus soláthar chun forbairt an phobail a neartú:

- Forbairt Maoine Pobail - Plean Forfheidhmithe a chur i bhfeidhm ar fud na Comhairle Cathrach
- Slua-chistiú Cathartha - Céim 1 de Shlua-chistiú Chathair Bhaile Átha Cliath faoi lánseol

Tuarascálacha chuig an gCoiste lena n-áirítear

- Ciste um Athghiniúint Shóisialta Bhaile Munna
- Táillí/Cáin Cóiríochta
- Forfheidhmiú agus úsáid Ranníocaíochtaí Forbartha
- Nuashonrú ar Fhochoiste Cistithe na Rialtas Áitiúil
- Forbairt Maoine Pobail (CWB) agus forbairt Chreat um Luach Sóisialta
- Féichiúnaithe Rátaí
- Forbairt Maoine Pobail agus nuashonrú ar an gCreat um Luach Sóisialta
- Creat um Luach Sóisialta tar éis cruinniú le Comhaltaí Tofa
- Sonraí Fíor-ama maidir le Caiteachas i gCathair Bhaile Átha Cliath
- Toradh an Athbhreithnithe Náisiúnta ar Bhunlíne CMÁ
- Nuashonrú ar an gCáin Tobhaigh/ Muirear Cóiríochta ar Chuairteoirí
- Slua-chistiú Chathair Bhaile Átha Cliath - Slua-chistiú Cathartha
- Reachtaíocht nua a rialaíonn bailiú Rátaí Tráchtála

Tuarascálacha chuig an gCoiste lena n-áirítear:

- Aighneacht chuig an Athbhreithniú ar Chistiú Bunlíne na Rialtas Áitiúil
- Slua-mhaoiniú Cathartha agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Turasóireacht Bhaile Átha Cliath le Fáilte Éireann
- Tomhas Eacnamaíoch Nuálach Sonraí agus obair Chlár Chathair Chliste Bhaile Átha Cliath
- An Timpeallacht Teicneolaíochta Oibre atá ag Athrú

Forléargas ar Thosaíochtaí do 2024

An Cogadh san Úcráin agus an Choimhlint in Gaza

Bhain an Cogadh san Úcráin agus an Choimhlint in Gaza stangadh asainn go léir ó thaobh líon na mbásanna ineachanta. Tá fíorthionchar ar gheilleagar an domhain, lena n-áirítear tionchair gheilleagracha agus airgeadais atá le brath fós i

mBaile Átha Cliath agus thart timpeall an domhain. Déanfaimid monatóireacht ghéar ar bhonn costais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar éifeacht na bpraghsanna athraitheacha, inrochtaineacht acmhainní/ciondail.

Boilsciú

Cuireann boilsciú ar fud na slabhraí soláthair le leibhél níos airde boilscithe. Cuireann seo brú ar chumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí a sholáthar. Déanfar monatóireacht ar threochtaí costais, go háirithe maidir le fuinneamh in 2024.

Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá ollchóiriú mór ar an gCáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) lárnach chun maoiniú inbhuanaithe rialtais áitiúil a fhorbairt atá riachtanach don timpeallacht iar-phaindéimeach. Tugadh an cháin seo isteach i mí Iúil 2013 agus ó shin i leith tá maoiniú lánroghnach CMÁ atá ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le breithniú mar chuid den phróiseas buiséadach faoi bhun na n-ionchas agus níl ag éirí go maith leis. Ní raibh toradh fabhrach ar an gcreat CMÁ mar a cuireadh i bhfeidhm é ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le tacú le soláthar seirbhíse. In 2024 b'ionann é agus €8.7m de bhundliteanas iomlán €96.97m CMÁ de chuid Chathair Bhaile Átha Cliath.

Is é toradh an CMÁ gurb iad údaráis áitiúla eile agus an státchiste na príomhfhaighteoirí ar thoradh cánach CMÁ de theaghlaigh i gCathair Bhaile Átha Cliath. Vótáil na Comhaltaí Tofa ar son laghdú 15% ar an mbunráta CMÁ do Chathair Bhaile Átha Cliath, agus chuir siad i bhfeidhm é, ag laghdú ar an gcaoi sin dliteanas an tsealbhóra tí ach dá réir sin ag cur laghdú €14.5m i bhfeidhm ar chistiú féideartha na Comhairle Cathrach do sheirbhísí.

Ansin cuireann an Roinn in iúl do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi mhéid fáltas CMÁ

atá le húsáid le haghaidh 'féin-mhaoiniú' tithíochta agus bóithre. Is téarma é 'féin-mhaoiniú' a úsáideann an Rialtas i gcomhthéacs CMÁ a úsáideann cur chuige 'riachtanas agus acmhainní'. Tugann sé le tuiscint go bhfuil go leor acmhainní ag údaráis áitiúla atá rangaithe mar 'féin-mhaoiniú' chun freastal ar a gcuid riachtanas. I gcomhthéacs CMÁ, leithdháiltear údaráis áitiúla 'féin-mhaoinithe' ar fháltais CMÁ mar mhalairt ar mhaoiniú deontais roimhe seo. Cuireadh in iúl do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go gcisteoidh fáltas €54.6m ón CMÁ in 2024 seirbhísí tithíochta agus bóithre, seirbhísí a cistíodh le deontas roimhe seo. Ina theannta sin, cuirtear fáltas CMÁ i bhfeidhm ar mhaoiniú bunlíne, go háirithe asbhaintí a bhaineann le pinsean agus an Deontas Cuspóra Ghinearálta. Mar a thuairiscítear thuas, mhaoinigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an dá ábhar roimhe seo ach tá siad á maoiniú anois ag admhálacha CMÁ. Tá €19.1m breise i gceist leo seo.

Is éard atá sa ghlan-iarmhairt €8.7m ná toradh cistithe do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun go mbeadh lánrogha ag Comhaltaí Tofa maidir leis an gcaoi a gcuirtear na cistí sin i bhfeidhm. Is ionann é seo agus 9% de luach iomlán an chistithe ionchasaigh CMÁ. (Féach Tábla 12 thíos).

TÁBLA 9 – LEITHDHÁILEADH CMÁ LÁNROGHNACH			
Cistiú CMÁ B2023 & B2024			
	2023 €	2024 €	Movement €
CMÁ Chathair Bhaile Átha Cliath - 100%	94,556,845	96,970,371	2,413,526
Cuir an Bunráta CMÁ i bhfeidhm in 2024 (-15%)	14,183,527	14,545,556	362,029
Maoiniú CMÁ	80,373,318	82,424,815	2,051,497
Leithdháileadh ar Mhaoiniú CMÁ			
Féinmhaoiniú – Tithíocht & Bóithre	54,185,963	54,556,445	370,482
Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD)	16,428,262	16,428,262	-
Maoiniú Stairiúil (Deontais um Chuspóir Ghinearálta)	2,667,330	2,667,330	-
Maoiniú Lánroghnach	7,091,763	8,772,778	1,681,015
	80,373,318	82,424,815	2,051,497

Conclúid

Rinne foireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iarracht mhór in 2023 seirbhísí na comhairle a choinneáil a mhéid ab fhéidir, fad is a chuaigh sí i ngleic le riachtanais ár gCathrach a bhíonn ag athrú de shíor. Táimid buíoch as ucht tiomantas na foirne agus bainistíochta na seirbhísí uile de chuid na Comhairle Cathrach a chuir seirbhísí ar fáil do shaoránaigh Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht na gComhaltaí Tofa, agus is mór againn an tiomantas sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na rannóg go léir as a gcomhoibriú agus go háirithe le mo chomhghleacaithe sa Roinn Airgeadais as a gcuid oibre maidir leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a tháirgeadh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Victor Leonov, Ceannasaí na Cuntasaíochta Airgeadais agus le foireann an Aonaid Cuntasaíochta Airgeadais. Is mian liom freisin buíochas a ghabháil le comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir lena mbreithniú i réiteach líon mór na bhfadhbanna airgeadais a tháinig chun cinn i rith na bliana 2023.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d’obair chomhaltaí an Choiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais agus an Choiste Iniúchta. Trína rannchuidiú, tugann siad a gcuid ama, scileanna agus taithí go flaithiúil. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Louise Ryan, Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta as a tiomantas i leith rialachais agus cuntasachta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gComhairleoir Séamas McGrattan, Cathaoirleach an Choiste um Beartas Straitéiseach Airgeadais as a thiomantas maoiniú agus cobhsaíocht airgeadais a fháil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Kathy Quinn, FCPFA
Ceannasaí Airgeadais

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Go Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais de réir Chód Cleachtais na Cuntasaíochta ACoP maidir le cuntasaíocht na n-údarás áitiúil, mar atá athbhreithnithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) amhail an 31 Nollaig 2023. Ní mór neamhchomhlíonadh na mbeartas cuntasaíochta mar tá leagtha amach i gCód Cleachtais na Cuntasaíochta a lua sna Beartais agus sna Nótaí leis na Cuntais.

2. Ráiteas maidir le Sreabhadh Cistí (Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí)

Tá Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí tugtha isteach mar chuid de AFS 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá difríocht mhór idir gnó na n-údarás áitiúil agus gnó fhormhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeadh brí leis na sonraí atá ar taispeáint agus go mbeidís úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Ar an gcúis seo, tugtar “Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí” ar an ráiteas. Áirítear Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí sna cuntais airgeadais anois, a thaispeántar i ndiaidh an Ráitis ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17 - 22 leis an Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí agus taispeántar iad sna Nótaí ar chuid na gCuntas den AFS agus mar chuid díobh. Mionsonraítear in Nóta 19 iarmhéideanna Tionscadail / Neamhthionscadail / Inacmhainne / Deonacha, ar féidir leo a bheith ina dochair nó ina iarmhéid creidmheasa. Glactar leis sa sreabhadh cistí gur iarmhéideanna dochair iad seo agus bunaíonn sé an tuairisc (Méadú) / Laghdú air seo.

3. Fabhruithe

Ullmhaíodh na cuntais ioncaim agus chaipitil ar bhonn fabhraithe de réir an Chóid Chleachtais. (Ba cheart do gach údarás áitiúil na réimsí nach bhfuil siad ag comhlíonadh an bheartais seo ann a liostú, e.g. ranníocaíochtaí forbartha)

4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí atá infoctha a roinnt sa dá chatagóir seo a leanas:

- lasachtaí a bhaineann le morgáistí
- lasachtaí nach mbaineann le morgáistí

4.1 Iasachtaí a bhaineann le morgáistí

Tá sruth ioncaim comhfhreagrach ag iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó airleacain fhadtéarmacha (i.e. airgead a thugann na húdaráis áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe), chun tithe a cheannach. Ní ghearrtar nó creidtear ach an ghné úis sa Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

4.2 Iasachtaí nach mbaineann le morgáistí

I Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais leagtar amach na cineálacha iasachtaí faoin gceannteideal seo. Iasachtaí a bhaineann le sócmhainní / deontais, ní bheidh sruth ioncaim comhfhreagrach ag maoiniú ioncaim. Beidh airgeadas idirlinne ina chuid den mhaoiniú buan sa deireadh. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí i leith na gceannteideal eile i Nóta 3.

5. Pinsin

“Gearrtar íocaíochtaí i leith pinsean agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Cuimsíonn costas tuarastail agus pá sna cuntais asbhaintí i leith ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Baintreacha agus Dílleachtaí) faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair. Cuireadh tús leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”) le héifeacht ón 1ú Eanáir 2013. Leanann údarais áitiúla de ranníocaíochtaí fostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach cuirtear ar aghaidh go lárnach iad chuig RCPA.”

6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Aisíoctar caiteachas ar sheirbhísí a sholáthraítear nó a dhéantar thar ceann údarais áitiúla eile ar a gcostas nó de réir comhaontuithe sonracha.

7. Soláthar do Dhrochfhiacha & Fiacha Amhrasacha

Rinneadh/ní dhearnadh soláthar sna cuntais ábhartha le haghaidh drochfhiach & fiacha amhrasacha.

8. Sócmhainní Seasta

8.1 Aicmiú Sócmhainní

Déantar sócmhainní seasta a aicmiú i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá miondealú breise de réir cineáil sócmhainne leagtha amach i nóta 1 a ghabhann leis na cuntais.

8.2 Aitheantas

Déantar gach caiteachas ar éadáil nó ar thógáil sócmhainní seasta a chaipitliú ar bhonn fabhráithe.

8.3 Tomhas

Ráiteas um Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) inar ionchorpraíodh gach ceann de shócmhainní an údaráis áitiúil áiríodh den chéad uair sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil 2003. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an RTPRÁ. Cuireadh gach sócmhainn a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 ar aghaidh san áireamh ar chostas stairiúil. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais amach anseo.

8.4 Athluacháil

Mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Chuntasaíochta is beartas é sócmhainní seasta a thaispeáint ar a gcostas. Ní áirítear costais chothabhála agus feabhsúcháin a bhaineann le sócmhainní Bonneagair i sócmhainní seasta faoi láthair ach déanfar iad a athbhreithniú amach anseo. Mar gheall ar a nádúr fisiciúil tá formhór mór na sócmhainní uathúil d'údaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Tugtar cuntas ar aon chaillteanas nó gnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscartha, tráth na diúscartha.

8.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam chun sochair do chúlchiste ar leith agus cuirtear i bhfeidhm é go ginearálta i gceannach sócmhainní nua. Tá fáiltais ó dhíol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm de réir mar a ordóidh an RTPRÁ.

8.6 Dímheas

Faoi modh cuntasaíochta reatha, déantar an muirear ar dhímheas a fhritháireamh trí amúchadh foinse maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach ag an modh seo ar loncam & Caiteachas agus dá bhrí sin tá an muirear ar dhímheas agus an creidmheas comhfhreagrach ó amúchadh eisiata ón Ráiteas loncaim Cuimsitheach (Ráiteas loncaim & Caiteachais).

Is iad seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní atá faoi réir dímheasa:

Cineál Sócmhainne	Boinn	Ráta Dímheasa
Gléasra & Innealra		
- Saolré fhada	S/L	10%
- Saolré ghairid	S/L	20%
Trealamh	S/L	20%
Troscán	S/L	20%
Sócmhainní Oidhreacht		Nialas
Leabhair Leabharlainne		Nialas
Clóis súgartha	S/L	20%
Páirceanna	S/L	2%
Láithreáin líonta talún (*féach nóta)		
Sócmhainní Uisce		
- Scéimeanna uisce	S/L	Saol sócmhainne os cionn 70 bliain
- Scéimeanna draenála	S/L	Saol sócmhainne os cionn 50 bliain

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas sa bhliain diúscartha agus gearrfaidh sí dímheas bliana iomláine sa bhliain fála.

* Tá luach na láithreán líonta talún curtha san áireamh i nóta 1 faoi 'thalamh'. Léiríonn dímheas ídiú na sócmhainne líonta talún.

9. Deontais Rialtais

Tugtar cuntas ar dheontais rialtais ar bhonn fabhráithe. Cuirtear deontais a fhaightear chun oibríochtaí ó lá go lá a chumhdach chun sochair don Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Taispeántar deontais a fhaightear, a bhaineann le sócmhainní a thógáil, mar chuid d'ioncam na hoibre atá idir lámha. Aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitlithe ar chríochnú an tionscadail.

10. Féichiúnaithe Forbartha & Ioncam

Cuirtear féichiúnaithe tobhaigh forbartha gearrthéarmacha san áireamh i nóta 5. Déantar ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le híoc laistigh den bhliain reatha a chur siar agus ní nochtar é ar leithligh sna ráitis airgeadais.

11. Fuascailt Fiachais

Cuirtear na fáлтаis ó iasachtaí a bhfuasclaítear go luath iad i bhfeidhm ar fhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ó HFA agus OPW.

12. Scéimeanna Léasúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Cuirtear sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais san áireamh i sócmhainní seasta. Taispeántar an méid atá dlite ar iarmhéideanna gan íoc faoi dhliteanais reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

13. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn meánchostas.

14. Obair idir lámha agus Réamhchaiteachas

Is é atá i gceist le hobair idir lámha agus réamhchaiteachas ná costas stairiúil carntha tionscadal éagsúil a bhaineann le caipiteal. Taispeántar an t-ioncam a fabhraíodh i leith na dtionscadal seo sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar Ioncam 'OIL'.

15. Leas i gCuideachtaí an Údaráis Áitiúil

Tá Leas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcuideachtaí liostaithe in Aguisín 8.

16. Páirtithe Gaolmhara

"Is éard atá in idirbheart páirtí gaolmhair ná aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Is iad seo a leanas na príomhpháirtithe gaolmhara atá ann d'údarás áitiúil:

- i. Bainistíocht agus Pearsanra
- ii. Comhaltaí na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí an Údaráis Áitiúil

Tá comhaltaí comhairle Údaráis Áitiúil agus príomhphearsanra faoi cheangal ag ailt ábhartha d'Acht an Rialtais Áitiúil 2001 agus reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin chun:

- a. dearbhú bliantúil 'leasanna gur gá a fhógairt' arna leagan amach in alt 175 den Acht a sholáthar;
- b. nochtadh aon leasanna tairbhiúla faoi ailt 167, 178 agus 179 a bhfuil acu nó ag duine a bhaineann leo; agus
- c. cód iompair a leanúint arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi alt 169 d'Acht an Rialtais Áitiúil 2001 in 2004.

Clúdaíonn 'Leasanna gur gá a fhógairt' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile cosúil le talamh srl.

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a dheimhníonn tuarastal agus íocaíocht pearsanra agus bainistíocht údarás áitiúil ar aon dul le beartas rialtas áitiúil ar rátaí pá. Nochtar leasanna Údaráis Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair in Aguisín 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Tá idirbhearta Údaráis Áitiúil le ranna rialtais faoi rialú ag rialuithe an rialtais lárnaigh agus nósanna imeachta á spreagadh ag rialacha cuntasáochta rialtais."

17. Ag Tabhairt Cuntais ar Chaiteachas

"Tugtar cuntas ar chaiteachas maidir le beartas sa rannán ábhartha e.g. E15 Gníomhú ar son na hAeráide agus Tuilte.

Tugtar cuntas ar chaiteachas oibríochtúil sa réimse ina dtabhaítear an caiteachas e.g. Tithíocht, Bóithre, etc. Tá sé seo i gcomhréir le córas costála na nÚdarás Áitiúil ina gcaithfidh costas iomlán seirbhíse/fo-sheirbhíse na costais go léir a bhaineann leis an tseirbhís a léiriú.

Ráitis Airgeadais

Bhliantúla 2023

Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim & Caiteachais) don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

Leis an Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tugtar le chéile an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le hioncam. Taispeántar an barrachas/ (easnamh) don bhliain ann. Taispeántar aistrithe chuig/ó chúlchistí ar leithligh agus ní leithdháiltear

iad de réir rannáin seirbhíse. Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir rannáin seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

Caiteachas de réir Rannáin					
	Nótaí	Ollchaiteachas €	Ioncam 2023 €	Glanchaiteachas 2023 €	Glanchaiteachas 2022 €
Tithíocht & Foirgníocht		555,983,766	500,942,718	55,041,048	46,585,302
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		122,511,434	64,361,785	58,149,650	55,831,611
Seirbhísí Uisce		56,590,185	43,264,288	13,325,897	12,055,843
